# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS 2010

Forfás

## Don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, cuireann Forfás, leis seo, a thuarascáil agus a chuntais i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010.

| | |
|---|---|
| Eoin O'Driscoll | Martin Shanahan |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Maidir Linne | 3 |
| Baill an Bhoird | 11 |
| Foireann Bhainistíochta Forfás | 14 |
| Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeanaigh | 16 |
| Gníomhaíochtaí Beartais | 23 |
| Fiontraíocht | 27 |
| Eolas & Nuálaíocht | 48 |
| Iomaíochas | 68 |
| Daoine | 81 |
| Inbhuanaitheacht | 95 |
| Discover Science & Engineering | 101 |
| Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) | 110 |
| Rialachas Corparáideach | 116 |
| Ráitis Airgeadais | 125 |
| Aguisín 1 Comhairlí Comhairleacha | 149 |
| Aguisín 2 Foilseacháin Forfás | 155 |

# Maidir Linne

# Maidir Linne

Is é Forfás an bord náisiúnta comhairleach beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht.

Chomh maith lena phríomhfheidhmeanna beartais, i measc na ngníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl ag Forfás tá, feasacht, creidiúnú agus seirbhísí corparáideacha roinnte.




## Comhairle agus Anailís ar Bheartais

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta[1] é Forfás agus oibríonn sé go dlúth le comhghníomhaireachtaí na Roinne agus Forfás, is iad sin Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, lena chinntiú go bhfuil comhleanúnachas beartais ann ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta a thacaíonn le fás na fiontraíochta agus cruthú post.

Cuireann Forfás comhairle beartais neamhspleách ar fáil don Aire agus don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i raon réimsí beartais ó thaobh na fiontraíochta de. Nascann sé fiontair san earnáil phríobháideach leis an gcóras poiblí agus tá daoine aonair ó na hearnálacha príobháideacha agus poiblí ina n-ionadaithe ar an mBord. Tá go leor de na réimsí beartais a mbíonn tionchar acu ar an bhfiontraíocht faoi chúram an Aire agus tá réimsí eile faoi chúram

1 Sa tuarascáil seo tagraímid don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus dá réamhtheachtaí, an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá tagairtí do na ranna seo bunaithe ar am. Athraíodh ainm na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go dtí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i Meitheamh 2011.

Airí eile agus Ranna eile, ach bíonn tionchar díreach nó indíreach acu ar fhorbairt na fiontraíochta. Mar sin, ní mór do Forfás feidhmiú har réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais.

Maidir leis an gcomhairle beartais a thug Forfás in 2010, tugadh faoi chúig réimse uileghabhálacha beartais atá ríthábhachtach ionas go mbeidh rath ar an bhfiontraíocht in Éirinn. Déantar cur síos ar ár gcuid oibre sa Chuid den tuarascáil seo ina bpléitear Gníomhaíochtaí.

| | |
|---|---|
| **Fiontraíocht** | Tacú le forbairt fiontar inbhuanaithe |
| **Eolas & Nuálaíocht** | Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur dea-áit í Éire le dul i mbun gnó |
| **Daoine** | Lucht saothair cumasach, solúbtha, a bhfuil ardscileanna acu a fhorbairt |
| **Inbhuanaitheacht** | Cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil agus deiseanna fiontraíochta a aithint |

### Fiontraíocht - Tacú le forbairt fiontar inbhuanaithe

Tá bonn láidir fiontar, faoi úinéireacht dhúchasach agus eachtrach in Éirinn, chomh maith le cultúr a spreagann cuideachtaí chun forbairt agus leathnú a dhéanamh. Ina chuid oibre leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, soláthraíonn Forfás comhairle beartais thar réimse leathan de shaincheisteanna fiontraíochta chun cur le timpeallacht ina gcothaítear fiontair rathúla.

### Eolas agus Nuálaíocht - Taighde agus teicneolaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Níl aon teorainn leis an nuálaíocht. Is féidir le soláthraithe nó custaiméirí, iomaitheoirí nó fostaithe, in Éirinn nó ar fud an domhain í a chur ar fáil. Is féidir baint a bheith aici le gné ar bith de ghnóthas – táirgí, seirbhísí, feidhmchláir teicneolaíochta, próisis, dearaí nó struchtúir eagraíochta nua nó feabhsaithe. Tá an nuálaíocht ar cheann de na gnéithe bunriachtanacha a mbeidh rath na bhfiontraíochta in Éirinn ag brath uirthi amach anseo.

Ina chuid oibre leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le Ranna Rialtais eile, déanann Forfás iarracht a chinntiú go mbaintear an leas is fearr is féidir as na hinfheistíochtaí atá déanta ag Éirinn i ngach gné den eolaíocht, den teicneolaíocht agus den nuálaíocht, agus go mbeidh an tacaíocht agus na bearta beartais cuí ar fáil chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht d'fhiontair agus go gcuirfear ar a gcumas leas a bhaint as an infheistiú seo chun táirgí agus seirbhísí tráchtála a sholáthar.

### Iomaíochas - A chinntiú gur dea-áit í Éire le cónaí inti agus le dul i mbun gnó inti

Tá sé ríthábhachtach go mbeimid in ann dul san iomaíocht ar mhargaí idirnáisiúnta agus líon na n-earraí agus na seirbhísí ard-bhreisluacha a chuirimid ar fáil a mhéadú le go dtiocfaidh

rath ar an ngeilleagar agus go mbeidh caighdeán maith maireachtála againn sa todhchaí. Tháinig feabhas áirithe ar ár gcumas iomaíochta idirnáisiúnta de bharr na laghduithe a tháinig ar chostais fuinnimh, saothair agus maoine. Ba de thoradh an chúlaithe eacnamaíochta a tharla siad sin den chuid is mó. Bíodh is gur maith an rud é gur tháinig an feabhas sin, caithfimid ár n-aire a dhíriú ar chostais sa gheilleagar a laghdú, cur le táirgiúlacht, cinntiú go mbeidh rath ar ár mbeartais trádála ar mhargaí idirnáisiúnta, agus go ndíreofar an infheistíocht chaipitil phoiblí ar réimsí a bheidh mar bhonn agus thaca ag forbairt na fiontraíochta amach anseo. Soláthraíonn Forfás é féin, agus trína chuid oibre leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, raon taighde, anailíse agus comhairle faoi shaincheisteanna a bhaineann lenár gcumas iomaíochta náisiúnta agus atá dírithe ar a chinntiú go mbeimid fós mealltach mar áit le dul i mbun gnó.

### Daoine - Lucht saothair cumasach, solúbtha, a bhfuil ardscileanna acu a fhorbairt

Tá sé ríthábhachtach infheistíocht straitéiseach leanúnach a dhéanamh i bhforbairt mhuintir na hÉireann le go n-éireoidh leis an ngeilleagar. Ní mór go mbeadh sé mar chroílár ár mbeartais fiontraíochta oideachas, oiliúint agus breisoiliúint a chur ar fáil a chomhlíonfaidh riachtanais na bhfiontar reatha agus fiontar amach anseo. Tugann Forfás comhairle freisin maidir le beartais a thacaíonn le solúbthacht sa mhargadh saothair.

Tá tacaíocht á tabhairt ag Forfás é féin, agus trína chuid oibre leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, d'fhorbairt mhuintir na hÉireann trí raon anailíse agus comhairle a chur ar fáil maidir le riachtanais fhiontair na hÉireann ó thaobh scileanna de, maidir le conas is féidir linn dul i ngleic le riachtanais bhreisoiliúna na ndaoine a bhfuil a jabanna caillte nó á gcailliúint acu in Éirinn agus maidir le riachtanais oiliúna daoine atá fostaithe, go háirithe iad siúd atá ag obair in earnálacha agus i gcuideachtaí leochaileacha.

### Inbhuanaitheacht - Cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil agus deiseanna fiontraíochta a aithint

Is éard atá i gceist le hinbhuanaitheacht ná ár gcumas leanúint ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn geilleagrach agus a chinntiú ag an am céanna nach mbíonn tionchar diúltach ag ár ngníomhaíochtaí fiontraíochta ar an gcomhshaol.

Tá deiseanna agus dúshláin éagsúla fiontraíochta agus iomaíochais romhainn in Éirinn de bharr an athraithe thapa ar mhargaí agus ar fhorbairt beartais fuinnimh agus comhshaoil. Seolann Forfás taighde agus cuireann sé anailís bheartais ar fáil ar bheartas comhshaoil ríthábhachtach ina bhfuil béim ar leith ar staid na fiontraíochta agus aithníonn sé dúshláin ó thaobh an bhonneagair atá le sárú ag an bhfiontraíocht in Éirinn.

Chomh maith leis an obair thaighde leanúnach faoi na cúig réimse beartais, soláthraíonn Forfás comhairle beartais fhreagrúil, fhíor-ama maidir le raon leathan saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Déanann Forfás obair shuntasach maidir le cur chun cinn agus cur i bhfeidhm thorthaí ár gcomhairle freisin.

Bainistíonn Forfás obair na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil agus an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus cuireann sé tacaíocht anailíse agus taighde ar fáil dóibh.

Tá ról comhordaithe ag Forfás maidir le feidhmeanna a chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Déanann Forfás measúnú ar idirghabhálacha beartais fiontraíochta freisin.

# Feasacht, Creidiúnú agus Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

## Feasacht

Bainistíonn Forfás an clár náisiúnta feasachta, Discover Science and Engineering (DSE). Soláthraíonn an clár seo feachtas feasachta spriocdhírithe, straitéiseach agus inchainníochtúil, a bhfuil sé d'aidhm aige:

- An líon daltaí agus mac léinn a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus matamaitic - scileanna agus eolas atá riachtanach chun Éire a fhorbairt mar Gheilleagar Stuama - a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le slí bheatha sna heolaíochtaí, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a chothú maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, an innealtóireacht agus leis an matamaitic agus a thábhachtaí is atá siad do shochaí na hÉireann.

## Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú an comhlacht náisiúnta atá freagrach as creidiúnú in Éirinn, agus is fo-bhord agus rannóg de chuid Forfás atá ann.

Tá sé freagrach as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú. Is é an t-aon chomhlacht in Éirinn é a shíníonn na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip tríd an gComhar Eorpach um Chreidiúnú (EA) agus ar fud an domhain tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus International Accreditation Forum (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir na sraithe caighdeán agus treoracha ISO 17000 ábhartha ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán agus de réir shraith na gcaighdeán Eorpach comhchuibhithe EN 45000.

## Seirbhísí Roinnte agus Corparáideacha

Cuireann Forfás seirbhísí corparáideacha roinnte áirithe ar fáil do GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Oifig an Príomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtais. Cuirtear na seirbhísí roinnte seo ar fáil i réimsí inar féidir le Forfás éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí seo a fheabhsú nó sa chás go bhfuil oibleagáidí ag Forfás mar fhostóir dlíthiúil na foirne sna gníomhaireachtaí sin. Cuimsíonn na seirbhísí seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, bainistíocht áiseanna agus maoine, earraí isteach, teachtairí, seirbhísí fáiltithe/teileafónaí, árachais chorparáideacha a chomhordú agus bainistíocht líonra Saorála Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

Mar fhostóir dlíthiúil foirne ar fud na ngníomhaireachtaí forbartha, déanann Forfás bainistiú lárnach ar scéimeanna pinsean Forfás féin agus na n-eagraíochtaí a tháinig roimhe[2], ar na dualgais chomhlíonta pinsean ghaolmhara agus ar na scéimeanna árachais agus sochair foirne

[2] An tÚdarás Forbartha Tionscail, Eolas, an Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, an Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí Éireann

lena mbaineann. Déanann Forfás bainistiú lárnach ar fhiosruithe pinsin áirithe ó bhaill foirne ar fud na ngníomhaireachtaí, déanann sé cúrsaí a bhaineann le pinsin a riar le haghaidh thart ar 1080 pinsinéirí chomh maith lena dtaifid ghaolmhara agus taifid agus fiosruithe ó thart ar 500 iarfhostaí a bhfuil sochair phinsin iarchurtha acu. Íocann Forfás gach sochar pinsin d'fhoireann ar scor agus d'fhoireann atá ag dul ar scor ó GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás, chomh maith leis na heagraíochtaí a bhí ann rompu, ar bhonn leanúnach.


Tá ceannléasanna iarfhoirgnimh cheanncheathrún an Údaráis Fhorbartha Tionscail, Teach Pháirc Wilton san áireamh, i seilbh Forfás. I dTeach Pháirc Wilton, déanann Forfás soláthar maidir le bainistiú lárnach áiseanna, glanadh, cúiréirí, taisteal, teileachumarsáid, lónadóireacht, slándáil, soláthar agus stóráil stáiseanóireachta agus earraí gaolmhara le haghaidh GFT Éireann agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Tá Forfás freagrach freisin as bainistiú maoine Theach Pháirc Wilton lena n-áirítear athbhreithnithe cíosa, idirchaidreamh le tionóntaí, toiliú ó thiarnaí talún srl. Tugadh faoi oibreacha suntasacha chun éifeachtacht fuinnimh a uasghrádú i dTeach Pháirc Wilton le linn na bliana freisin.

Tá Forfás freagrach as na costais a éiríonn as oibleagáidí léasa do Theach Carrisbrook agus do Theach Knockmaun, a bhí araon ar léas ag an iar-Údarás Forbartha Tionscadail tráth.

### Caiteachas Forfás

Tá Ráitis Airgeadais mhionsonraithe Forfás ar leathanach 125 den Tuarascáil seo. Mar achoimre, caitear thart ar 33% de chaiteachas Forfás ar ghníomhaíochtaí beartais agus ar sheirbhísí corparáideacha agus roinnte. Baineann 67% de chaiteachas bliantúil Forfás le híocaíochtaí le pinsinéirí trasghníomhaireachta (.i. Forfás, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na gníomhaireachtaí a tháinig rompu).

# Forfás, a Chomhghníomhaireachtaí agus a Chomhairlí Comhairleacha



# Baill an Bhoird

# Baill Bhord Forfás



**Eoin O'Driscoll**
**Cathaoirleach, Forfás**
Cathaoirleach, Iardheisceart



**Martin Shanahan**
Príomhfheidhmeannach, Forfás



**Simon Barry**
Príomheacnamaí Phoblacht na hÉireann, Margaí Caipitiúla Bhanc Uladh



**Bob Brannock**
Uachtarán, Oibríochtaí Eorpacha, Genworth Financial



**Timothy Dullea**
Iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Comharchumann Thiobraid Árann



**Sean Gorman**
Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta



**Miriam Magner Flynn**
Stiúrthóir Bainistíochta, Career Decisions



**William O'Brien**
Príomhfheidhmeannach, Wm O'Brien Plant Hire Ltd



**Barry O'Leary**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann



**Paul O'Toole**
Ard-Stiúrthóir, FÁS



**Frank Ryan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann



**An Dr Don Thornhill**
Comhairleoir Gnó agus Stiúrthóir Cuideachta



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

Chuaigh Jane Williams, Príomhfheidhmeannach, Forfás, ar scor ó Bhord Forfás i Meitheamh 2010 tar éis di a téarma mar Phríomhfheidhmeannach a thabhairt chun críche.

Chuaigh Martin Shanahan ar Bhord Forfás i Meitheamh 2010 tar éis dó a bheith ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach.

D'éirigh an tOllamh Frank Gannon, Iar-Ardstiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, as Bord Forfás i mí na Nollag 2010 i ndiaidh dó éirí as oifig mar Ard-Stiúrthóir Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

D'éirigh Eoin O'Driscoll agus an Dr Don Thornhill as Bord Forfás ar bhunús róta i mí na Nollag 2010 agus athcheapadh an bheirt acu in Eanáir 2011.

## Coiste Iniúchóireachta Forfás

William O'Brien (Cathaoirleach)

Sean Gorman

Eoin O'Driscoll

Tim Dullea

## Coiste Forbartha Bainistíochta Forfás

Eoin O'Driscoll (Cathaoirleach)

An Dr Don Thornhill

Miriam Magner Flynn

# Foireann Bhainistíochta Forfás

**Príomhfheidhmeannach**



**Martin Shanahan**

**An Rannán Fiontar agus Trádála**

**An Rannán Eolaíochta, Nuálaíocht Teicneolaíochta, Oideachais agus Scileanna**



**Declan Hughes**
Bainisteoir Rannáin

**Folúntas**
Bainisteoir Rannáin



**Michael O'Leary**
Oifig Rúnaí an Bhainisteora Roinne, Acmhainní Daonna, Pinsin & Cumarsáid



**Adrian Devitt**
Bainisteoir Roinne, Anailís Eacnamaíoch, Iomaíochais, Bonneagair, Cánach & Airgeadais



**Eoin Gahan**
Bainisteoir Roinne
Anailís Trádála, Comhshaoil & Suirbhé



**Marie Bourke**
Bainisteoir Roinne an Bheartais um
Oideachas, Scileanna agus an Margadh Saothair



**Maria Ginnity**
Bainisteoir Roinne
Beartas Fiontraíochta



**Peter Brabazon**
Bainisteoir
*Discover Science and Engineering*



**Adrienne Duff**
Bainisteoir, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

**Folúntas**
Bainisteoir Roinne
Airgeadas



**John Dooley**
Bainisteoir Roinne
Beartas Taighde & Forbartha

Chuaigh Martin Craig ar scor mar Bhainisteoir Roinne, an Roinn Airgeadais in Aibreán 2011



**Eamonn Kearney**
Bainisteoir Roinne, Córais agus Áiseanna Trasghníomhaireachta



**Karen Hynes**
Bainisteoir Roinne
Beartas Nuálaíochta

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidh-meanaigh

# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeanaigh

## Scála an Dúshláin Náisiúnta

Cé go raibh deacrachtaí eacnamaíochta ann sa bhliain 2010 nach bhfacthas ach go hannamh roimhe seo - ar nós na bliana 2009 - maidir le haon mheasúnú ar fhorbairtí geilleagracha sa dá mhí dhéag roimhe seo, ní foláir an dul chun cinn atá déanta againn agus na dúshláin atá fós le sárú againn a áireamh.

Cé gurb iomaí dúshlán atá fós le sárú againn ó thaobh an gheilleagair de, is fiú aird a thabhairt ar roinnt forbairtí a thugann misneach dúinn. Tar éis fás diúltach a bheith faoi OTI ar feadh trí bliana, táthar ag súil go mbeidh fás lag faoi gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2011. Beidh an fás seo á dhreasú ag fás láidir leanúnach onnmhairí; táirgiúlacht níos fearr (bíodh gur ó bhonn íseal é); iomaíochas costais níos fearr; agus an rud is tábhachtaí ar fad, ag gníomhaíochtaí atá ar bun ag grúpa fuinniúil de chuideachtaí rathúla a bhfuil cuntas teiste cruthaithe acu maidir le dul san iomaíocht i gcomhair gnó i margaí domhanda agus é a bhuachan. Is geilleagar oscailte, trádála é geilleagar na hÉireann, agus ar an ábhar sin, bainfidh gnólachtaí na hÉireann agus geilleagar na hÉireann ina iomláine leas as feabhas réamh-mheasta ar fhás domhanda.

Ionas go mbeidh an áit tosaithe is fearr is féidir againn sa rás i gcomhar díolachán, onnmhairí agus infheistíochta, áfach, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt go práinneach ar na dúshláin atá fós le sárú againn. Ní dúshláin nua iad, agus glacadh le gníomhartha comhbheartaithe le dhá bhliain nó trí bliana anuas chun dul i ngleic leo. Tá tuilleadh gnímh ag teastáil. Tá dúshláin fhioscacha shuntasacha le sárú ag Éirinn mar thoradh ar phraghsanna réadmhaoine a chuaigh thar maoil, ar ghéarchéim baincéireachta na hÉireann agus ar an gcúlú eacnamaíochta agus ar an bhfás geilleagrach mall ar fud an domhain.

Ba ionann easnamh bunaidh an Rialtais Ghinearálta, gan na méideanna gan cuimse a theastaigh chun na bainc a athchaipitliú a áireamh, agus thart ar €18.5 billiún in 2010 agus thart ar €15.75 billiún in 2011. Mar fhreagairt air sin, tá clár comhaontaithe á chur i bhfeidhm ag Éirinn go diongbháilte chun caiteachas an Rialtais a laghdú d’fhonn an bhearna idir ár n-eisíocaíochtaí agus ár bhfáltais chánach a líonadh. Tá infheistíocht agus caiteachas an Rialtais srianta go mór dá bharr. Chomh maith leis seo, tá muinín na dtomhaltóirí fós lag, agus tá caitheamh laghdaithe go géar mar thoradh air sin. Mar an gcéanna, tá an timpeallacht infheistíochta lag i gcónaí - tá drogall ar ghnólachtaí infheistíocht a dhéanamh in innealra agus i dtrealamh costasach agus gan ach acmhainní teoranta ann. Tá infheistíocht den sórt sin ag teastáil ionas gur féidir fás táirgiúlachta a bheith ann.

Tháinig méadú mór ar an dífhostaíocht le linn 2010 agus níl aon amhras ná go bhfuil sé ar cheann de na dúshláin shóisialta agus gheilleagracha is mó atá le sárú ag Éirinn. Tá 299,000 duine dífhostaithe faoi láthair nó 14.1% den lucht saothair. Tá gá le trí ghné chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo; is é an chéad cheann agus an ceann is dúshlánaí ná a chinntiú go bhfuil dóthain deiseanna fostaíochta ar fáil. Is é an dara ceann ná a chinntiú go bhfuil oideachas agus oiliúint chuí curtha ar dhaoine ionas gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna sin. Is é an tríú ceann ná a chinntiú go bhfuil tacaíocht chuí ag daoine dífhostaithe nuair atá siad as obair, ag féachaint don idirghníomhú idir tacaíochtaí leasa shóisialaigh agus

rátaí an mhargaidh saothair, agus do dhaoine dífhostaithe a choinneáil gar don mhargadh saothair trí ghníomhachtú atá ceaptha chun riachtanais an duine aonair a chomhlíonadh.

## Fiontraíocht - Cuisle an Téarnaimh

Tá sé riachtanach fás geilleagrach inbhuanaithe a sholáthar chun dífhostaíocht a laghdú agus cothromaíocht fhioscach a chur i gceart arís. Beidh fiontair inbhuanaithe, iomaíocha i gcroílár an fháis.

De réir mar a dhéanann an Rialtas iarracht an bhearna idir ioncam agus caiteachas a líonadh, is féidir féachaint ar infheistíocht sa gheilleagar fiontraíochta mar bheart a bhfuil rath an gheilleagair agus na sochaí ina hiomláine ag brath air seachas mar bheart a theastaíonn ón bhfiontraíocht amháin. Ní mór an geilleagar fiontraíochta a mhéadú, ionas gur féidir linn ár bhfiachas a bhainistiú agus cuspóirí ó thaobh na sochaí de a bhaint amach.

D'fhonn cumas fáis na hearnála fiontraíochta a bhaint amach, ní mór dúinn ár mbuanna a fhorbairt, fáil réidh le constaicí ar fhás, tacú leis an nuálaíocht agus í a spreagadh agus iomaíochas costais agus fás táirgiúlachta a shaothrú gan staonadh i ngach réimse den gheilleagar.

## Láidreachtaí na hÉireann

In ainneoin na bhfadhbanna fioscacha agus baincéireachta, léiríodh go bhfuil teacht aniar sa ghné easpórtála de gheilleagar na hÉireann agus is bealach é chun filleadh ar fhás inbhuanaithe.

Níorbh fhéidir fás geilleagrach a raibh infheistíocht réadmhaoine agus tomhaltas intíre mar bhonn leis agus a bhí á spreagadh ag leibhéil mhéadaithe d'fhiachas pearsanta a choinneáil. Cuireadh isteach ar na prionsabail ba bhun leis an rath roimhe seo. Mar thoradh air sin ní rabhamar chomh hiomaíoch is a bhíodh agus ní raibh infheistíocht dírithe ar an ngeilleagar táirgiúil a thuilleadh.

Ní mór dúinn díriú arís ar onnmhairí agus ar an ngeilleagar fiontraíochta. Tá méadú tagtha ar onnmhairí na hÉireann ó €154 billiún in 2008 go €158 billiún in 2010 agus táimid ag súil le feidhmíocht láidir leanúnach in 2011. Tháinig méadú freisin ar ghlanluach onnmhairí ó €21 billiún in 2008 go dtí €36 billiún in 2010 de réir mar a laghdaíonn allmhairí.

Tá dífhostaíocht sna gnólachtaí a dtacaíonn na gníomhaireachtaí fiontraíochta leo cothromaithe freisin. Bhí laghdú 2.3% ann in 2010, laghdú atá i bhfad níos lú ná na laghduithe a chonacthas sa dá bhliain roimhe sin. Is díol suntais freisin é gur cailleadh an líon is mó post mar thoradh ar laghdú méide seachas ar dhúnadh. Tá an chuma ar an scéal maidir le 2011 go bhfuil téarnamh le sonrú i gcás na hinfheistíochta dírí coigríche i ndéantúsaíocht, i seirbhísí agus i dtaighde agus forbairt agus i gcás onnmhairí cuideachtaí dúchasacha. Is dea-áit í Éire le dul i mbun gnó, mar a bhíodh roimhe seo, ach ní mór dúinn an dul chun cinn atá déanta maidir le hiomaíochas idirnáisiúnta a thabhairt ar ais a chothú anois.

Maidir le tacú le bonn fiontar láidir nua-aimseartha, tá ábhar dóchais ann freisin. Coinníodh infheistíocht gnólachtaí i dtaighde agus forbairt. Is fearr feidhmíocht ghnólachtaí na hÉireann i bhfeidhmíocht nuálaíochta ná feidhmíocht fhormhór na ngnólachtaí Eorpacha dá samhail, idir fheidhmíocht theicneolaíoch agus neamhtheicneolaíoch. Choinnigh earnálacha nua-aimseartha agus earnálacha ina bhfuil forbairt agus taighde ar siúl aschur agus fás onnmhairí i rith an

chúlaithe eacnamaíochta agus tháinig méadú ar an méid a chaitheann cuideachtaí dúchasacha ar thaighde agus forbairt, méadú a chaithfear a choimeád. Tháinig méadú suntasach chomh maith ar ghníomhaíocht tráchtálaithe ó institiúidí ardoideachais.

## Riachtanais Fáis

Is sa réimse onnmhairí is mó atá gealladh ó thaobh an geilleagar a spreagadh. Is trí thrádáil easpórtála a bheimid in ann ár mbeatha a shaothrú sa saol. Ní mór fiontair de gach cineál a chur san áireamh i mbeartais toisc go bhfuil rath ár n-easpórtálaithe ag brath go mór ar fhiontair a thrádálann sa tír seo. Beidh téarnamh sa dá cheann ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na dífhostaíochta.

Cé gur mór dúinn glacadh le smaointe nua agus beartais nuálaíochta a chur chun cinn ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbeidh Éire iomaíoch i gcónaí, ní bua gan dua. Ní éireoidh linn de bharr beart beartais aonair a chur i bhfeidhm. Is é atá ag teastáil ná tabhairt faoi na saincheisteanna atá sainaitheanta mar shaincheisteanna a chuireann bac le fiontraíocht agus forbairt gnó ar bhonn córasach agus uilechórasach. Ní mór sraith iomlán gníomhartha comhlántacha a chur i bhfeidhm ar mhaithe le bonn fiontar inbhuanaithe, iomaíoch a bhaint amach.

## Bíonn Fás na Fiontraíochta ag brath ar Iomaíochas, ar Tháirgiúlacht, ar Nuálaíocht agus ar Mheascán Láidir Fiontar

Níl aon athrú tagtha ar bhuntosca na forbartha fiontraíochta. Leag Forfás béim i gcónaí ar an gcaoi a mbíonn bonn fiontar inbhuanaithe, iomaíoch ag brath ar cheithre riachtanas fáis atá fite fuaite ina chéile agus atá comhlántach.

- **Iomaíochas costais a lorg i gcónaí**
  Tá gá le freagairt ón rialtas uile chun athrú struchtúrach, inbhuanaithe a chinntiú maidir leis na costais a bhaineann le dul i mbun gnó anseo i gcomparáid le tíortha atá in iomaíocht linn. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar chúrsaí, is é an cor chun donais geilleagrach is cúis le cuid den fheabhas atá tagtha ar ár gcumas iomaíochta agus ní mór dúinn a chinntiú anois go ndéanfaimid cinntí a bhfeicfear gnóthachain bhuana iomaíochais dá mbarr.
- **Gnóthachain táirgiúlachta a bhaint amach**
  Ar an leibhéal náisiúnta, is féidir táirgiúlacht a fheabhsú trí fhorbairtí agus infheistíochtaí san oideachas agus i scileanna, i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus i mbonneagair fhisiciúla agus trí mhargaí iomaíocha oscailte a chinntiú. Nuair atá acmhainní srianta, ní mór caiteachas sna réimsí seo a dhíriú ar thacú le gnóthachain iomaíochais trí tháirgiúlacht a fheabhsú.
- **Nuálaíocht - I gcroílár gach a ndéanaimid**
  Is é atá i gceist le nuálaíocht ná an chaoi a ndéanann gnólachtaí idirdhealú maidir leis na táirgí agus seirbhísí atá á dtairiscint acu, an chaoi a bhforbraíonn siad bealaí nua le teacht ar a gcustaiméirí agus ar a margaí, agus an chaoi a bhfeabhsaíonn siad próisis agus struchtúir. Déantar iomaíochas a fheabhsú agus táirgiúlacht a spreagadh de bharr na nuálaíochta. Tá géarghá le taighde agus forbairt chun tacú le nuálaíocht, ach tá tábhacht ag baint le nuálaíocht nach bhfuil bunaithe ar thaighde agus forbairt freisin. Ní mór dúinn ár dtuiscint ar mhargaí a fhorbairt chun nuálaíocht a bheith ann.

- **Meascán inbhuanaithe fiontar d'earnálacha agus margaí iomaíocha a fhorbairt**
  Ba é a bhrúigh rath geilleagrach na hÉireann chun cinn i margaí idirnáisiúnta den chuid is mó ná líon beag earnálacha agus caidrimh láidre trádála nó caidrimh láidre laistigh de ghnólacht le líon beag tíortha. Is féidir a chinntiú nach mbeidh Éire ag brath an iomarca ar bhealaí teoranta le fás agus fostaíocht a bhaint amach san am atá le teacht, má fhorbraítear meascán láidir fiontar lena n-áirítear déantúsaíocht agus gnó na seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta i réimsí nua agus i réimsí atá ag teacht chun cinn, má fhorbraítear láidreachtaí in earnálacha nua-aimseartha atá ann cheana féin agus in earnálacha níos aibí agus má fhorbraítear comhpháirtíochtaí láidre go hidirnáisiúnta. Beidh cosaint níos fearr le fáil ar shuaitheadh seachtrach, má tá próifíl ilghnéitheach fiontar ann agus cuirfear bonn taca faoi shamhail inbhuanaithe le haghaidh fás inbhuanaithe.

## Saincheisteanna Fiontraíochta

Is iad na príomhcheisteanna atá os comhair na fiontraíochta a gcaithfear beartais a dhíriú orthu ná: fáil ar mhaoiniú agus ar chreidmheas; fáil ar lucht oibre oilte agus solúbtha; an costas a bhaineann le dul i mbun gnó; timpeallacht chánachais iomaíoch a sholáthar go leanúnach; bonneagair ardteicneolaíochta; agus timpeallacht oibriúcháin fhabhrach. Tá forbhreathnú ar phríomh-mholtaí beartais Forfás ó thaobh na fiontraíochta de leagtha amach in *Making it Happen – Growing Competitive Enterprise for Ireland,* (É a Chur i gCrích – Fiontraíocht Iomaíoch a Mhéadú d'Éirinn) Forfás, 2010.

In 2010, lean Forfás de thaighde tábhachtach a dhéanamh agus de chomhairle beartais a thabhairt don Rialtas ar raon saincheisteanna tábhachtacha lena n-áirítear: beartas fiontraíochta; tionscnaimh chreidmheasa d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide; costais saothair agus bearta spriocdhírithe gníomhachtaithe do dhaoine dífhostaithe, ról na sócmhainní faoi úinéireacht an stáit maidir le fás agus iomaíochas na fiontraíochta, straitéis trádála agus infheistíochta amach anseo, caiteachas cánachais chun tacú leis an bhfiontraíocht, creat tráchtálaithe nanaitheicneolaíochta, tosaíochtaí na hÉireann don Ochtú Creatchlár Eorpach le haghaidh Taighde agus Forbartha; feidhmíocht iomaíochais na hÉireann agus dúshláin bheartais, costais saothair agus bearta gníomhachtaithe spriocdhírithe do dhaoine dífhostaithe. Rinneadh iniúchadh ar gach ceann de na saincheisteanna sin ó thaobh na fiontraíochta de.

## Forfás - Gníomhaíochtaí agus Acmhainní

Cé gurb é taighde agus comhairle beartais príomhghníomhaíocht Forfás, tugann sé faoi roinnt feidhmeanna tábhachtacha eile chomh maith. Is rannán de chuid Forfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú. Reáchtálann Forfás an clár feasachta *Discover Science and Engineering* ar son na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus anuas ar a chuid seirbhísí corparáideacha féin, soláthraíonn Forfás seirbhísí comhroinnte dá chomhghníomhaireachtaí.

Bliain dhúshlánach ba ea 2010 inar bhain Forfás níos mó amach le níos lú acmhainní. D'éirigh le heagraíocht ina raibh acmhainní gann cheana féin a bheith nuálach agus táirgiúlacht a mhéadú trí acmhainní a athúsáid go hinmheánach; úsáid chliste a bhaint as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide; struchtúir bhainistíochta a dhíshrathú; cur in ord tosaíochta; agus comhoibriú lenár gcomhghníomhaireachtaí agus le comhlachtaí poiblí eile. Bhí Forfás ag feidhmiú laistigh de leibhéal foirne sonraithe an Chreata Rialaithe Fostaíochta agus tá líon

foirne Forfás laghdaithe go mór le dhá bhliain anuas. Chomh maith le coigilteas a bhí beartaithe, níor líonadh líon beag de na príomhphoist bhainistíochta fós mar gheall ar an moratorium ar earcaíocht.

## Forfás - Feidhmíocht

Tá Bord agus Foireann Forfás meáite ar leanúint de chomhairle atá oibiachtúil, neamhchlaonta agus bunaithe ar thaighde dian a chur ar fáil don Aire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta agus don Rialtas i gcoitinne maidir le beartais a thacaíonn le forbairt na fiontraíochta. Is léir óna bhfuil tite amach le déanaí go bhfuil gá le comhairle dá leithéid.

Is deacair méadracht chainníochtúil a úsáid chun feidhmíocht Forfás a rianú mar gheall ar an ngníomhaíocht agus obair a bhíonn ar bun ag Forfás den chuid is mó. Ar deireadh is é an modh tomhaiste is fearr ná an fás faoin bhfiontraíocht. Iarann Forfás ar pháirtithe leasmhara aiseolas a sholáthar go rialta ar fud an chórais bheartas chun tuiscint struchtúrtha a thabhairt don eagraíocht ar thuairimí agus ar dhearcthaí a bpáirtithe leasmhara agus chun aiseolas a chur ar fáil ar a fheidhmíocht thar raon leathan gnéithe gnó is féidir a úsáid ansin mar threoir maidir le forbairt leanúnach straitéis na heagraíochta.

Léiríonn an t-aiseolas is déanaí go bhfuil meas an domhain arfhoireann agus ar bhonn fiontar Forfás agus go bhfuil ról an-tábhachtach, nó fiú ról criticiúil á chomhlíonadh aige maidir le taighde, comhairle agus tacaíocht neamhspleách agus bheacht a chur ar fáil. Ghlac an pobal beartais trí chéile leis go gcaithfear an ról lárnach seo, is é sin comhairle beartais iontaofa a sholáthar don Rialtas, a chomhlíonadh.

## Buíochas

Bíonn tacaíocht ó go leor páirtithe leasmhara éagsúla ag teastáil ó Forfás ionas gur féidir leis dul i mbun a chuid oibre. Bíonn Forfás ag obair i gcomhar lenár máthair-roinn, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, maidir le roghanna beartais a fhorbairt agus ba mhór againn a gcuid tacaíochta dár gcuid oibre le linn 2010.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do thacaíocht an Iar-Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keefe agus na nAirí Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta in 2010, agus le déanaí do thacaíocht an Aire Richard Bruton, TD, agus a chomhghleacaithe an tAire John Perry, TD agus an tAire Seán Sherlock, TD ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Ba mhaith linn freisin buíochas a ghabháil le Ball Boird Forfás agus le hArd-Rúnaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Sean Gorman.

Mar gheall ar an gcineál oibre a bhíonn ar bun ag Forfás, bíonn orainn obair thar roinnt mhaith ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais agus léargas fiontraíochta a thabhairt maidir lena réimsí beartais. Tá Forfás buíoch as an leibhéal rannpháirtíochta a léirigh na ranna ar fad agus a gcuid gníomhaireachtaí in obair bheartais Forfás agus na gcomhairlí a dtacaímid leo.

Tá caidreamh foirmiúil ag Forfás lena chomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, caidreamh atá leagtha síos sa reachtaíocht. Anuas air sin, bíonn Forfás agus na gníomhaireachtaí ag obair i ndlúthpháirt le chéile lena chinntiú go bhfuil beartais ag teacht le chéile agus go ndéantar gach iarracht chun a chinntiú go mbaintear an leas is mó is féidir as na hacmhainní atá ar fáil trí chomhoibriú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghníomhaireachtaí as ucht a gcuid tacaíochta i rith 2010.

Faigheann Forfás tacaíocht freisin ina chuid oibre ó FÁS, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta.

Tá pobal níos leithne páirtithe leasmhara ann a chuireann go mór lenár gcuid oibre chomh maith lena n-áirítear grúpaí a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí, ceardchumainn, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí oiliúna.

Bainistíonn Forfás obair trí chomhairle chomhairleacha agus tacaíonn sé leo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le baill na ngrúpaí sin, go háirithe cathaoirleach na Comhairle Eolaíochta, Tom McCarthy, cathaoirleach an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, Una Halligan agus cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, an Dr Don Thornhill.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú in 2010, faoi chathaoirleacht Tom O'Neill.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na fiontraithe agus leis an lucht gnó a thug a gcuid ama go fial chun plé linn go díreach nó go hindíreach trína ngrúpaí ionadaíocha d'fhonn cabhrú linn beartais a fhorbairt a thacaíonn lena gcuid iarrachtaí.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don obair a rinne Jane Williams a bhí mar Phríomhfheidhmeannach ar Forfás ar feadh tréimhse eatramhach go dtí Meitheamh 2010. Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do Bhord Forfás freisin, ina bhfuil baill ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, a roinn a gcuid ama agus a saineolais tábhachtach linn inár gcuid oibre arís in 2010.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le foireann Forfás as a gcuid oibre crua, solúbthachta agus díograise. De thairbhe a gcuid díograise agus fócais leanúnaigh, bhí Forfás in ann cion tábhachtach a dhéanamh i rith na bliana seo caite.

# Gníomhaíochtaí Beartais

| Fiontraíocht | 27 |
|---|---|
| É a Chur i gCrích - Fiontraíocht a Mhéadú d'Éirinn | 28 |
| Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Stuama | 30 |
| Rochtain ag Fiontair ar Mhaoiniú | 31 |
| An Ról atá ag Fiontair faoi Úinéireacht Stáit | 32 |
| Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise maidir le Téarnamh Bunaithe ar an bhFiontraíocht | 33 |
| Athbhreithniú ar Chaiteachas Cánach chun Tacú leis an bhFiontraíocht | 34 |
| Tionchar an Mhuirir Shóisialta Uilíoch a Mheas | 35 |
| Teacht Chun Bheith ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain sa Teicneolaíocht Bhroicíneach | 35 |
| Ag Tacú le Comhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha | 36 |
| Cás a Dhéanamh ar Son Cabhair Réigiúnach a Thabhairt ar ais | 37 |
| Deiseanna a Aithint maidir le Rialáil Gnó a Fheabhsú | 38 |
| An Painéal Tástála um Ghnóthais Eorpacha | 38 |
| Comhoibriú Idir Ghníomhaireachtaí a Fheabhsú maidir le Tacú le Fiontraíocht | 39 |
| Measúnuithe ar Chláir Gníomhaireachtaí - Creat | 39 |
| Suirbhéanna Fiontraíochta | 40 |

| Eolas & Nuálaíocht | 48 |
|---|---|
| Tosaíocht a thabhairt do Réimsí Fócais maidir le Taighde a Fhaigheann Cistiú Poiblí | 49 |
| Creat Tráchtálaithe Nanaitheicneolaíocht na hÉireann | 51 |
| Gníomhaíocht Taighde in Éirinn a Mhapáil | 53 |
| Caiteachas Stáit ar Thaighde agus Forbairt a Chatagóiriú | 54 |
| Measúnú ar na cláir STEPS agus CEIA | 55 |
| Torthaí ón Athbhreithniú ar Thacaí do Shaothrú Maoine Intleachtúla ó Thaighde Ardoideachais | 55 |
| Barrfheabhsú Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 7 na hEorpa le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta (FP7) | 56 |

| | |
|---|---|
| Réamhpháipéar maidir le Tosaíochtaí na hÉireann don Ochtú Creatchlár Eorpach le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta | 56 |
| Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach | 57 |
| Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag an bhFóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 58 |
| Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde | 59 |
| Suirbhéanna maidir le Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht | 59 |
| Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil | 65 |
| An Timpeallacht is Fearr a Chruthú do Thaighde agus Forbairt Cuideachtaí | 65 |
| Ráiteas Dheireadh na Bliana - *Staying the Course* | 66 |
| Cur leis an mBeart Tosaíochta um Thaighde Náisiúnta | 67 |

| Iomaíochas | 68 |
|---|---|
| Iomaíochas Costais Saothair na hÉireann a mheas | 69 |
| Tabhairt faoin Iomaíochas maidir le Bainistiú Dramhaíola | 69 |
| Iomaíochas Fuinnimh a Fheabhsú | 70 |
| Tosaíocht a Thabhairt do Chláir Infheistíochta Caipitil Poiblí don Fhiontraíocht | 71 |
| Líonraí na Chéad Ghlúine Eile don Fhiontraíocht a fhorbairt | 73 |
| Forbairt na Fiontraíochta agus na Trádála | 73 |
| An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais | 75 |
| Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil 2010 | 75 |
| Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2010 | 75 |
| Na Costais a Bhaineann le Dul i mbun Gnó in Éirinn | 78 |
| Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise | 80 |

| Daoine | 81 |
|---|---|
| An Rialtas a Chur ar an Eolas maidir le Gníomhachtú Saothair | 82 |

| | |
|---|---|
| Treoirlínte Forfás ar Chiste do Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair 2010 | 83 |
| An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais | 84 |
| Comhairle maidir leis an mBeartas Imirce Eacnamaíochta | 85 |
| An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 86 |
| Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta sa Todhchaí laistigh den Gheilleagar Glas in Éirinn | 87 |
| Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bhith-Chógaiseolaíoch agus Cógaiseolaíochta Ceimicí | 88 |
| Foghlaim Roimh Ré agus an Ról atá aici sa Straitéis Náisiúnta Scileanna a Aithint | 89 |
| Riachtanais Oideachais agus Oiliúna a Thabhairt le Chéile | 90 |
| Cur i bhFeidhm Mholtaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 91 |
| Comhoibriú le hAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair FÁS | 93 |

| | |
|---|---|
| **Inbhuanaitheacht** | **95** |
| Measúnú ar Dhul Chun Cinn maidir le Moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas | 96 |
| Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide: Saincheisteanna do Ghnó | 97 |
| Beartas Fuinneamh Fadtéarmach: An Teitrileama Fuinnimh | 98 |
| Comhairle Taighde agus Beartais Leanúnach d'Aonad Comhshaoil na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 99 |
| Ionadaíocht agus Aighneachtaí maidir le Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta | 100 |

# Fiontraíocht

## Tacú le forbairt fiontar rathúil

Ina chuid oibre leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus le réimse leathan de pháirtithe leasmhara, soláthraíonn Forfás comhairle beartais a chuireann le timpeallacht ina gcothaítear fiontair rathúla.

Tugaimid comhairle maidir le beartas fiontraíochta a aithníonn an ról ríthábhachtach a bhíonn ag fiontair inbhuanaithe agus iomaíocha maidir le téarnamh geilleagrach na hÉireann.

Forbraímid plean gníomhaíochta soiléir chun an t-éiceachóras gnó a fheabhsú ionas gur féidir le gach fiontar infheistíocht a dhéanamh, fás agus rath a bheith air i dtimpeallacht dhomhanda fíor-iomaíoch.

Dírímid aird ar réimsí earnála nua ina bhfuil deiseanna fiontraíochta le fáil, bunaithe ar threochtaí domhanda agus ar láidreachtaí agus inniúlachtaí reatha na hÉireann, agus aithnímid na gníomhartha bunaithe ar earnálacha a theastaíonn chun dlús a chur le fás in onnmhairiú agus i bhfostaíocht.

Tugaimid comhairle maidir le straitéis trádála, ag cur le caidrimh thrádála reatha na hÉireann, agus aithnímid na gníomhartha a theastaíonn chun dul isteach i margaí nua agus margaí atá ag teacht chun cinn.  Oibríonn Forfás i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit agus ranna rialtais chun cur chuige comhordaithe maidir le forbairt earnála agus fiontraíochta a éascú.

Cuirimid le forbairt beartas réigiúnach agus cuirimid béim ar an tábhacht a bhaineann le suíomh, rochtain agus caighdeán saoil maidir le hinfheistíocht fiontar agus fiontraíocht.

Déanaimid measúnú ar chláir na ngníomhaireachtaí fiontraíochta ar bhealach cuimsitheach agus córasach chun oiriúnacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a gcuspóirí agus an chaoi ina soláthraítear iad a mheas.

## É a Chur i gCrích - Fiontraíocht a Mhéadú d’Éirinn

I rith 2010, thug Forfás faoi athbhreithniú suntasach ar bheartas fiontraíochta in Éirinn, agus d’fhorbair sé plean gníomhaíochta cuimsitheach, bunaithe ar fhianaise, chun tacú le fás fiontraíochta agus poist inbhuanaithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. In *Making it Happen - Growing Enterprise for Ireland* (É a Chur i gCrích - Fiontraíocht a Mhéadú d’Éirinn), a foilsíodh i Meán Fómhair 2010, leagtar síos na gníomhartha a theastaíonn thar raon réimsí beartais chun a chinntiú go mbeidh an timpeallacht ghnó is fearr ann chun fás geilleagrach agus deiseanna fostaíochta a sholáthar. Rinneadh an anailís i rith an chúlaithe eacnamaíochta dhomhanda agus intíre tráth a bhí dífhostaíocht imithe os cionn 13 faoin gcéad agus OTN laghdaithe faoi 13.8 faoin gcéad thar na blianta 2007 go 2009.

Bhí an tuarascáil bunaithe ar an taighde agus na moltaí i réimse straitéisí a bhaineann le fiontraíocht a foilsíodh le blianta beaga anuas, agus rinneadh athbhreithniú orthu i gcomhthéacs na gcúinsí eacnamaíochta reatha.

Bhí sé soiléir go bhfuil éirim na mbeartas fiontraíochta in Éirinn fós ceart, ach ní mór don tír filleadh ar fhás atá bunaithe ar onnmhairiú anois. Is é fás atá bunaithe ar onnmhairiú an bealach is fearr chun fás geilleagrach inbhuanaithe agus poist nua a sholáthar. Cothaíonn onnmhairiú an geilleagar náisiúnta agus soláthraíonn sé deiseanna fostaíochta níos inbhuanaithe ná mar a d’fhéadfaí a bhaint amach trí mhúnla geilleagrach a bheadh ag brath ar ídiú nó ar chaiteachas an rialtais.


Tá fás i margaí domhanda ina phríomhthosc agus níl aon smacht ag Éirinn air. Tá comharthaí luatha ann, áfach, go bhfuil borradh faoi mhargaí an domhain arís, agus ní mór d’Éirinn a bheith réidh chun sochar a bhaint as na deiseanna.

### Tosca Ratha Ríthábhachtacha

I gcás na hÉireann, mar gheilleagar beag oscailte, beidh bonn fiontar inbhuanaithe iomaíoch ag brath ar cheithre cinn de thosca ratha ríthábhachtacha atá comhlántach agus fite fuaite le chéile: an nuálaíocht, an táirgiúlacht, iomaíochas costais agus meascán fiontar láidir.

Is iad sin na bunchlocha d’fhás na hÉireann amach anseo, agus tá baint ag an ngá le glacadh le nuálaíocht, táirgiúlacht a fheabhsú agus le costais a laghdú le gach gnólacht sa gheilleagar.

Tá cuntas teiste ag Éirinn i roinnt margaí agus earnálacha agus tá teacht aniar réasúnta i dtrádáil agus in infheistíocht idirnáisiúnta i rith an chúlaithe eacnamaíochta go dtí seo. Ní mór cur le láidreachtaí reatha na hÉireann áfach, ionas go mbeidh sí in ann sochar a bhaint as deiseanna eile maidir le fás agus cruthú post sna blianta amach romhainn.



### Deiseanna Fáis

Cuirtear deiseanna do réimse earnálacha i láthair faoi cheithre cheannteideal in *Making it Happen* (É a chur i gCrích):

1. Cur le láidreachtaí agus cóineasú
- TCF, eolaíochtaí beatha, agraibhia, seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta agus earnálacha a thrádálann go hidirnáisiúnta
2. Deiseanna atá ag teacht chun cinn agus acmhainneacht gan úsáid
- Teicneolaíocht ghlan/ghlas, tionscail chruthaitheacha, muirí, seirbhísí cúram sláinte agus oideachais
3. Earnálacha lánaibí a athbheochan
- Turasóireacht agus fáilteachas, miondíol agus mórdhíol, iompar, lóistíocht agus dáileadh, agus tógáil
4. Gníomhaíochtaí a thrádálann go háitiúil
- Cuimsíonn siad seo seirbhísí gairmiúla, seirbhísí gnó, agus seirbhísí pearsanta agus stíl mhaireachtála

### Moltaí


Leagtar síos sa tuarascáil na gníomhartha beartais a theastaíonn chun tacú le gach fiontar: gnólachtaí onnmhairithe, gnólachtaí a bhfuil cumas onnmhairithe iontu agus gnólachtaí a thrádálann go háitiúil. Bíonn gá le cur chuige san fhiontar uile. Rangaítear na moltaí de réir na dtosca ratha ríthábhachtacha, cé go mbeidh tionchar ag gach moladh ar níos mó ná toisc amháin. Tá sé d'aidhm ag na moltaí:

- **Táirgiúlacht náisiúnta níos fearr a sholáthar ar na bealaí seo a leanas:**
  - Féachaint chuige go dtagann céimithe d'ardchaighdeán atá feasach ar an bhfiontraíocht chun cinn ó chóras oideachais na hÉireann, agus go spreagann an córas oideachais cruthaitheacht agus smaoineamh nuálach trí dhearadh an churaclaim agus trí na próisis foghlama.
  - Cistiú a leithdháileadh chun scileanna ceannaireachta agus forbartha bainistíochta a fheabhsú, oiliúint do dhaoine atá fostaithe (dírithe orthu siúd a bhfuil leibhéal íseal scileanna acu i dtosach báire), agus táirgiúlacht mhéadaithe a spreagadh san ionad oibre trí chláir bharainneacha, sé shigme um bunathrú.
  - Féachaint chuige go bhfuil leathanbhanda den chéad ghlúin eile ar fáil agus go bhfuil rochtain air, agus infheistíochtaí spriocdhírithe i mbonneagair fhisiciúla a chothú agus a chomhordú chun riachtanais na fiontraíochta a chomhlánú.
- **Nuálaíocht bhreise a spreagadh ar na bealaí seo a leanas:**
  - Tús áite a thabhairt d'infheistíocht phoiblí sa taighde chun riachtanais na fiontraíochta anois agus amach anseo a chomhlíonadh, agus leanúint de chreat taca um Maoin Intleachtúil a thógáil a éascaíonn an tráchtálú.
  - Soláthar poiblí a úsáid chun nuálaíocht a spreagadh agus tionscnaimh eiseamláireacha soláthair san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm.
  - Tacú le fiontraíocht chun feabhsuithe ar rochtain ar mhaoiniú agus ar dhlí na féimheachta a chuimsiú.

- **Athrú struchtúrach a sholáthar in iomaíochas costais coibhneasta na hÉireann ar na bealaí seo a leanas:**
  - Dhíriú ar réimsí a mbaineann tábhacht leo ó thaobh gnóthas de, lena n-áirítear rialáil, dramhaíl, táillí na n-údarás áitiúil agus rátaí tráchtála.
  - Beartas náisiúnta a fhorbairt chun solúbthacht sa mhargadh saothair a mhéadú d'fhonn iomaíochas costais ó thaobh saothair de a thabhairt ar ais agus obair agus earcaíocht a dhreasú.
- **Meascán fiontraíochta na hÉireann a fhorbairt trína chinntiú go nglactar cur chuige comhtháite maidir le forbairt earnála agus maidir le díriú ar dheiseanna margaidh nua.** I measc na moltaí tá:
  - Caidrimh thrádála idirnáisiúnta a fhorbairt;
  - Líonraí agus comhghuaillíochtaí a chothú;
  - Scileanna margaíochta idirnáisiúnta iomchuí a fheabhsú laistigh de ghnólachtaí; agus
  - Tabhairt faoi mheasúnuithe ar chláir ar bhealach córasach chun a oiriúnaí, a éifeachtaí agus a éifeachtúla atá siad maidir le soláthar cuspóirí beartais a mheas.

### Cur i bhfeidhm

Ón uair a foilsíodh *Making it Happen - Growing Enterprise For Ireland* (É a Chur i gCrích - Fiontraíocht a Mhéadú d'Éirinn) tá roinnt dá mholtaí le sonrú sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 agus sa Chlár nua don Rialtas.



Taighde, comhairle agus tacaíocht neamhspleách agus bheacht a chur ar fáil don Rialtas.

Príomhfheidhmeannach Forfás, Martin Shanahan, ag tabhairt faisnéise do Richard Bruton, TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ag cruinniú in Aibreán 2011.

## Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Stuama

D'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta in 2010 chun Straitéis an Rialtais maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht, *Trading and Investing in a Smart Economy* (Trádáil agus Infheistíocht i nGeilleagar Stuama), a fhorbairt. Seoladh an straitéis i Meán Fómhair 2010. Sholáthair Forfás go leor anailíse ar thaighde agus tacaíocht sonraí ó thaobh staitisticí marsantachta agus seirbhísí de agus páipéir thaighde fhairsinge ar roinnt de na tíortha ina bhfuil leibhéal ard fáis agus geilleagair atá ag teacht chun cinn. Díríodh aird sa mhéid sin ar na deiseanna atá ar fáil d'Éirinn agus ghlac sé páirt freisin sa

Ghrúpa Ardleibhéil mar bhall lárnach. D'aithin an straitéis go bhfuil an timpeallacht dhomhanda trádála agus infheistíochta ag athrú. Ní mór an leas is fad is féidir a bhaint as gach pointe teagmhála le tíortha eile ó thaobh trádála, turasóireachta, infheistíocht dhíreach choigríche, oideachais agus cultúir, agus taighde agus forbartha de chun ár seasamh mar gheilleagar beag oscailte atá dírithe ar onnmhairiú a chothú. Tá seo coincheap na gclár gníomhaíochta um chomhpháirtíocht eacnamaíoch i réimsí comhlántacha na trádála, na turasóireachta, na hinfheistíochta, an oideachais, an taighde agus na forbartha, agus naisc cultúrtha idir an dá thír a chuireann sochar eacnamaíoch ar fáil don dá thír mar dhlúthchuid den straitéis seo. Tá forbairt chomhpháirtíochtaí eacnamaíocha ina thosaíocht lárnach do Forfás in 2011 agus leagfar béim ar dtús ar fhás ard agus ar gheilleagair atá ag teacht chun cinn. Tá Forfás ag obair agus ag tacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i gcónaí maidir le saincheisteanna trádála déthaobhacha agus iltaobhacha.

## Rochtain ag Fiontair ar Mhaoiniú

Chuir Forfás comhairle ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus do Ranna Rialtais eile maidir le rochtain a bheith ag fiontair ar chreidmheas.

### Scéim Ráthaíochta Iasachta

Go hidirnáisiúnta, tá méadú tagtha ar scéimeanna ráthaíochta iasachtaí mar ionstraim bheartais phoiblí chun tacú le sreabhadh creidmheasa chuig gnóthais - go háirithe i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais reatha. Tá Éire ar cheann de líon an-bheag ballstát de chuid an AE agus an ECFE nach bhfuil scéim ráthaíochta iasachta acu. D'iarr an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go scrúdófaí scéim ráthaíochta iasachta chun a dheimhniú an bhféadfadh sé na deacrachtaí a bhíonn ag gnóthais áirithe atá inmharthana ó thaobh tráchtála maidir le rochtain ar chreidmheas a réiteach.

Tá sé molta ag Forfás go dtabharfaí scéim ráthaíochta iasachta spriocdhírithe isteach ar an mbunús go mbeadh torthaí dearfacha ag baint léi don gheilleagar agus go dtabharfaí faoin míbhuntáiste iomaíoch a bhaineann le fiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann. Faoi thionscnamh dá leithéid, bheadh ráthaíocht iasachta á chur ar fáil ag an Stát mar ráthóir don iasachtóir, faoi chritéir dhiana chun díriú ar an teip margaidh a aithníodh, rud a d'éascódh eis-sreabhadh an chreidmheasa bhreise ó na bainc chuig fiontair bheaga agus mheánmhéide shonraithe atá inmharthana ó thaobh tráchtála. Tá úsáid bainte as taighde ar scéimeanna i dtíortha eile chun scéim a mholadh a íoslaghdaíonn neamhchosaint an Stáit ar riosca agus a uasmhéadaíonn na sochair eacnamaíocha. D'oibrigh Forfás i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann agus le páirtithe leasmhara lárnacha eile maidir le breathnú ar acmhainneacht na ráthaíochta iasachta i gcomhthéacs na hÉireann.

Tá an Clár don Rialtas tiomanta do scéim ráthaíochta creidmheasa shealadach, pháirteach a thabhairt isteach a chuirfidh leibhéal árachais ar fáil do na bainc i gcoinne caillteanas ar iasachtaí cáilitheacha do ghnólachtaí atá ag cruthú post chun go dtosóidh na bainc ag tabhairt iasachtaí do thionscail agus d'fhiontraithe in athuair". An 10 Bealtaine, d'fhógair an tAire Airgeadais, Michael Noonan go raibh an Rialtas chun tús a chur le próiseas tairisceana chun scéim ráthaíochta creidmheasa shealadach, pháirteach a fhorbairt mar chuid de Thionscnamh Jabanna an Rialtais agus de réir an ghealltanais atá sa Chlár don Rialtas. Ina theannta sin, dúirt an tAire go mbeadh sé de chuspóir ag an scéim bainc a spreagadh chun iasachtaí a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide nua agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá ag méadú agus atá inmharthana ó thaobh tráchtála de, ionas gur féidir leo a gcuideachta a leathnú, táirgí nua a fhorbairt nó dul isteach i margaí nua.

## An Ról atá ag Fiontair faoi Úinéireacht Stáit

Tá ról tábhachtach ag fiontair faoi úinéireacht stáit i ngeilleagar na hÉireann. Fostaíonn siad os cionn 41,000 duine go díreach agus is uathu a thagann 5.8 faoin gcéad den OTI. Tá formhór na bhfiontar faoi úinéireacht stáit gafa le bonneagar riachtanach agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, rudaí atá ríthábhachtach maidir le hiomaíochas an gheilleagair, lena n-áirítear fuinneamh, iompar agus teileachumarsáid.



Cur i láthair á dhéanamh ag Forfás ag comhdháil de chuid Public Affairs Ireland.

Adrian Devitt, Bainisteoir na Roinne Anailíse Eacnamaíche, Iomaíochais, Bonneagair, agus Cánach agus Airgeadais in Forfás agus cur i láthair á dhéanamh aige ag comhdháil Public Affairs Ireland “A national policy for State owned enterprises?” i mí na Samhna 2010.

I dtuarascáil Forfás, *The Role of State Owned Enterprises* (An Ról atá ag Fiontair faoi Úinéireacht Stáit), a foilsíodh i mí Iúil 2010, déantar measúnú ar na tosca is gá chun a chinntiú go bhfuil fiontair faoi úinéireacht stáit ag soláthar bonneagair agus seirbhísí d’ardchaighdeán d’fhiontair na hÉireann agus go bhfuil an cion is mó is féidir á dhéanamh acu trí chéile ar son tacú leis an téarnamh geilleagrach agus le deiseanna fiontraíochta agus nuálaíochta. Áirítear orthu siúd:

- **Beartas náisiúnta a fhorbairt maidir leis an ról atá ag fiontair faoi úinéireacht stáit** Ba chóir beartas úinéireachta a chur i bhfeidhm a shainíonn cuspóirí foriomlána na húinéireachta stáit agus rialachas corparáideach na ngníomhaireachtaí atá faoi úinéireacht stáit. Ba chóir don stát, mar scairshealbhóir, cur chuige straitéiseach a bheith aige maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit, seachas tabhairt faoi shaincheisteanna ar bhonn cáis ar chás.
- **Critéir shoiléire a fhorbairt chun treoir a thabhairt maidir le sócmhainní atá faoi úinéireacht stáit a d’fhéadfaí a dhíol.** Má tá príobháidiú chun cáilíocht an bhonneagair, na seirbhísí agus fheidhmíochta na ngnólachtaí a fheabhsú go fadtéarmach, ní mór é a chomhlánú le beartais a dhéanann cur chun cinn ar iomaíocht agus rialáil éifeachtach ar an tionscal atá i gceist. Tá sé riachtanach gan sócmhainní monaplachta nádúrtha (amhail línte tarchurtha leictreachais, píblínte gáis srl.) ná

sócmhainní a dhíol le hiomaitheoirí ceannasacha. Má mheastar go bhfuil sé oiriúnach príobháidiú a dhéanamh ar fhiontar atá faoi úinéireacht stáit, tá cás láidir ann chun sócmhainní Stát a dhífheistiú nuair atá riocht maith ar mhargaí airgeadais.

- **Measúnú a dhéanamh ar mhisean agus ar spriocanna na bhfiontar faoi úinéireacht stáit** In éagmais athbhreithnithe rialta, tá an baol ann go ndéanfadh fiontair faoi úinéireacht stáit faillí ina spriocanna bunaidh nó nach mbeadh na spriocanna atá ag fiontair ar leith faoi úinéireacht stáit ag teacht le riachtanais forbartha geilleagraí náisiúnta na linne. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar fhiontair faoi úinéireacht stáit atá gafa le straitéisí éagsúlaithe, ar fhiontair faoi úinéireacht stáit atá ag ceannach iomaitheoirí atá ag teacht chun cinn san earnáil phríobháideach nó ar fhiontair faoi úinéireacht stáit atá ag cur táirgí agus seirbhísí comhchosúla ar fáil de réir mar a chomhchruinníonn margaí.
- **Struchtúir rialachais níos soiléire a chur i bhfeidhm.** Is minic go mbíonn ar fhiontair faoi úinéireacht stáit cuspóirí ilchineálacha a thagann salach ar a chéile a bhaint amach m.sh. seirbhísí poiblí a chailleann airgead a chur ar fáil agus feidhmiú ó thaobh tráchtála de ag an am céanna. Tugann fianaise idirnáisiúnta le fios go bhféadfaí cumas an Stáit chun úinéireacht a fheidhmiú go héifeachtúil agus monatóireacht a dhéanamh ar chuideachtaí faoina úinéireacht a fheabhsú dá mbunófaí aonad amháin le hacmhainní leordhóthanacha, a bheadh tiomanta do mhaoirseacht a dhéanamh ar fhiontair faoi úinéireacht Stáit. Ina theannta sin, má dhéantar feidhmeanna beartais, rialála agus scairshealbhóra a scaradh óna chéile, cinnteofar trédhearcacht níos fearr agus cinnteoireacht níos comhfhiosaí i gcás coimhlinte.
- **Creata rialachais chorparáidigh níos láidre a chur i bhfeidhm** Áirítear air seo sainorduithe níos soiléire a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanann scairshealbhóirí a fheabhsú. Ó thaobh fhorbairt na fiontraíochta de, tá tábhacht ag baint le táscairí neamhairgeadais breise a dhéanann cáilíocht agus costais na seirbhísí a sholáthraítear d'fhiontair a mheas i gcomparáid le comhpháirtithe trádála agus iomaitheoirí.
- **Iniomaíocht a fhorbairt i margaí.** Níor chóir go mbeadh buntáiste iomaíoch ag fiontair faoi úinéireacht Stáit díreach mar gheall go bhfuil siad faoi úinéireacht an Stáit. Tá sé riachtanach freisin trédhearcacht níos fearr a chur ar fáil maidir le fóirdheontais a sholáthraítear agus na costais a bhaineann le freastal ar spriocanna beartais phoiblí.

Bhuail Forfás leis an nGrúpa Athbhreithnithe ar Shócmhainní agus ar Dhliteanais Stáit a bhunaigh an tAire Airgeadais. Beidh an Grúpa Athbhreithnithe ag tuairisciú don Rialtas in 2011.

## Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise maidir le Téarnamh Bunaithe ar an bhFiontraíocht

Chuir Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise 2011 Forfás comhairle ar fáil maidir leis na himpleachtaí ó thaobh na fiontraíochta a d'fhéadfadh a bheith ag réimse athruithe cánach a bhí beartaithe. Cuireadh moltaí le chéile tar éis dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus comhlachtaí seachtracha a dhéanann ionadaíocht do thionscail.

Ba é fócas na moltaí seo ná:

- Éiceachóras iomaíoch a chothú inar féidir le fiontraíocht a bheith rathúil agus fostaíocht a chruthú.
- A chinntiú nach bhfuil téarnamh bunaithe ar an bhfiontraíocht faoi bhagairt.
- Leanúint leis an infheistíocht don todhchaí agus le forbairt an gheilleagair eolasbhunaithe.

Leag Forfás síos roinnt prionsabal chun an cur chuige maidir le Cáinaisnéis 2011 a threorú. Áirítear orthu seo:

- A chinntiú go mbeadh moltaí chun cánachas a mhéadú bunaithe ar ordlathas na gcánacha is lú a dhéanann dochar don fhás geilleagrach, ag féachaint don ghá €3 bhilliún de choigeartú fioscach a bhaint amach i gCáinaisnéis 2011.
- Tá cinnteacht maidir leis an ráta cánach corparáidí 12.5% ríthábhachtach d'fhiontair.
- Ba chóir aon chánacha breise a ghearradh i gcomhthéacs an bonn cánach a leathnú.
- Mhéadófaí an baol moill a chur ar théarnamh geilleagrach dá méadófaí an t-ualach cánach ar ghnóthais.

Bhí moltaí a chuir Forfás ar aghaidh dírithe ar fhás onnmhairithe a bhrú chun cinn, ar dheireadh a chur le baic ar fhorbairt margaidh, ar fhorbairt agus nuálaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe beartais a bhí luaite le Cáinaisnéis 2011 ar an bhfiontraíocht a íoslaghdú.

Foilsíodh Cáinaisnéis 2011 i mí na Nollag 2010. Tá áthas ar Forfás gur cuimsíodh roinnt de na prionsabail a moladh in Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise Forfás chun an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach an mhuirir shóisialta uilíoch ar fhiontair a íoslaghdú chomh maith le leathnú leanúnach na gComhaontuithe um Chánachas Dúbailte. Cuirtear fáilte roimh an athchóiriú agus athainmniú atá le déanamh ar an Scéim Méadaithe Gnó ar a dtabharfaí an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta feasta chomh luath is a gheofar an cead riachtanach ón gCoimisiún Eorpach os rud é go bhfaighidh sé réidh le baic ar fhorbairt an mhargaidh. Cuirtear fáilte ar leith roimh an ardú ar an teorainn is féidir le cuideachtaí a bhailiú go €10 milliún agus ar an méid is féidir a bhailiú in aon tréimhse dhá mhí dhéag go €2.5 milliún, chomh maith leis an laghdú ar an ualach riaracháin trí shimpliú na riachtanas deimhniúcháin.

## Athbhreithniú ar Chaiteachas Cánach chun Tacú leis an bhFiontraíocht

Tá roinnt caiteachas cánach (dreasachtaí) ann chun tacú le fiontair. Tá próiseas leanúnach athbhreithnithe ann maidir le caiteachas cánach i gcóras cánach na hÉireann. I gcomhairle leis na gníomhaireachtaí forbartha, thug Forfás faoi mheasúnú oibiachtúil maidir le costais agus sochair roinnt de na moltaí caiteachais chánach a bhaineann leis an bhfiontraíocht a tháinig ó thuarascáil an Choimisiúin um Chánachas. Cuireadh an measúnú faoi bhráid na Roinne Airgeadais chun cabhrú lena n-athbhreithniú ar chaiteachas cánach do Cháinaisnéis 2011. Is obair leanúnach a bheidh anseo, os rud é go ndeirtear sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta 2011-2014 go mbeidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar chaiteachasi chánach agus go mbeidh siad á mbaint de chóras cánach na hÉireann.

## Tionchar an Mhuirir Shóisialta Uilíoch a Mheas

I mí na Samhna 2010 d'fhoilsigh Forfás taighde a rinneadh chun tuiscint a fháil ar an tionchar a bheadh ag an ráta ranníocaíochta sóisialta uilíche arna bheartú ar ghnóthais na hÉireann. Bunaíodh sraith rátaí táscacha sa staidéar ag a bhféadfaí an ranníocaíocht shóisialta a bhí beartaithe a thabhairt isteach agus rinneadh measúnú ar an tionchar a bheadh ag na rátaí féideartha seo ar cheithre réimse de bheartas lárnach fiontraíochta: dreasacht chun obair a dhéanamh; dreasacht chun dul i mbun féinfhostaíochta agus an timpeallacht fiontraíochta a fheabhsú; iomaíochas costais ó thaobh saothair; agus scileanna lárnacha a chothú agus a mhealladh. Bunaíodh na rátaí táscacha i gcás neodrach ó thaobh ioncaim de agus ní raibh aon soláthar déanta maidir le bailiú ioncaim.

Foilsíodh mionsonraí maidir leis an muirear sóisialta uilíoch le Cáinaisnéis 2011 agus tugadh isteach in Eanáir é. Fáiltíonn Forfás roimh thabhairt isteach an mhuirir shóisialta uilíoch toisc go simplítear meascán casta de thobhaigh agus de chórais árachais shóisialta. Tá an simpliú seo lagaithe, áfach, os rud é nár cónascadh ÁSPC sa mhuirear.

Bhí an-tábhacht ag baint le saincheist na dreasachta oibre agus na rátaí athsholáthair, agus ba mhaith an rud é gur tugadh isteach muirear sóisialta uilíoch cisealta maidir leis seo.

## Teacht Chun Bheith ar Thús Cadhnaíochta ar Fud an Domhain sa Teicneolaíocht Bhroicíneach

Tá breis tosaíochta á tabhairt do na dúshláin agus do na deiseanna a bhaineann le daonra atá ag dul in aois, ar leibhéal an rialtais agus ar leibhéal institiúidí ar fud an domhain. Tá athrú déimeagrafach agus daonra atá ag dul in aois ar cheann de na príomhthreochtaí atá ag imirt tionchair ar fhorbairtí i dteicneolaíocht agus i gcinntí infheistíochta poiblí agus príobháideacha. Tá tíortha ag aithint an tábhacht agus na deiseanna a bhaineann leis, ach níl aon tír tar éis ceannaireacht shoiléir a léiriú sa réimse seo fós. Tá fás ag teacht ar an “teicneolaíocht bhroicíneach” (silver technology) mar earnáil thábhachtach ó thaobh tabhairt faoin dúshlán domhanda seo agus deiseanna a chur ar fáil d’fhorbairt na fiontraíochta. Táthar tar éis glacadh leis an téarma “teicneolaíochtaí broicíneacha” chun cur síos a dhéanamh ar an réimse leathan teicneolaíochtaí agus seirbhísí i TFC, feistí leighis, cógaisíocht agus bithchógaisíocht is féidir tionchar dearfach a bheith acu ar dhul in aois na ndaoine scothaosta, agus a chuireann ar chumas daoine scothaosta a bheith gníomhach sa tsochaí i gcónaí agus a bheith nasctha go sóisialta agus neamhspleách níos faide.

Tá Éire go maith in ann sochar a bhaint as seo agus a bheith ina ceannaire domhanda san earnáil seo atá ag teacht chun cinn agus tá go leor de na bunchlocha riachtanacha aici. Chomh maith lenár gcóras cánach fabhrach, ár bhfórsa oibre oilte agus ár seasamh mar thairseach chun na hEorpa, rud a sheas don tír ó thaobh infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh, tá go leor buntáistí ar leith ag Éirinn a bhaineann go mór leis an mborradh faoi earnáil na teicneolaíochta broicíní in Éirinn, lena n-áirítear:

- Bonn tionscail láidir le rannpháirtíocht na ngníomhaithe tábhachtacha ó ghnólachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha a bhfuil saineolas suntasach acu i bhforbairt TFC agus bogearraí, feistí leighis agus cógaisíocht.
- Taighde ábhartha den scoth d’ardchaighdeán ina bhfuil béim ar leith ar réitigh theicneolaíochta agus ar réitigh don phobal atá ag dul in aois.
- Gníomhaíocht taighde láidir ó chliniceoirí in ospidéil in Éirinn.

- Pobal deonach gníomhach i dtéarmaí na n-eagraíochtaí ionadaíocha agus abhcóideachta a dhéanann ionadaíocht ar son daoine scothaosta agus toilteanas an daonra a bheith páirteach i dtrialacha.

In 2010, d'oibrigh Forfás i gcomhar leis na gníomhaireachtaí forbartha, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus leis an bpobal beartais i gcoitinne chun a chinntiú go gcuirtear béim ar an earnáil seo taobh istigh den phobal beartais. Tá an teicneolaíocht bhroicíneach aitheanta mar cheann den deich bpríomhearnáil sa Straitéis maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht - *Trading in a Smart Economy* (Trádáil i nGeilleagar Stuama), agus tugadh aitheantas dó freisin sa phlean téarnaimh náisiúnta ceithre bliana.

Tá fíorú na deise seo d'Éirinn bunaithe ar chur chuige trí cholún mar seo a leanas:

- Forbairt chuideachtaí ilnáisiúnta agus ghnólachtaí dúchasacha i mbraislí;
- Clár tástála atá aitheanta go hidirnáisiúnta do réitigh nua agus nuálacha do phobail atá ag dul in aois a fhorbairt; agus
- Ceannach poiblí feabhsaithe a fhorbairt agus riarachán comhtháite ó thaobh soláthar cúram sláinte a fheabhsú agus nuálaíocht a spreagadh.

Tá na colúin seo fite fuaite le chéile agus níl siad glan ar a chéile agus beidh aon dul chun cinn a dhéantar ar ghníomh amháin ag neartú torthaí na ngníomhartha eile.

Dhírigh Forfás sa dara leath de 2010 ar an gcaoi is fearr le bonneagar do chlár tástála náisiúnta a sholáthar, ag cur san áireamh aon ghníomhaíocht atá ann cheana féin, agus tá sé ag obair go dlúth leis na gníomhaireachtaí forbartha chun togra a chur i gcrích maidir leis an mbealach is fearr a d'fhéadfadh sé seo tarlú.

Tá Forfás ina bhall den Ghréasán don Aosú Folláin agus ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Theicneolaíocht Bhroicíneach atá faoi scáth an Ghréasáin don Aosú Folláin.

## Ag Tacú le Comhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha

Chuir Forfás tacaíocht ar fáil do Chomhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha a bunaíodh i mí Eanáir 2010. Tugann an Chomhghuaillíocht ionadaithe ardleibhéil le chéile ón lucht tionscail, ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, ó na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, ón gcóras cúram sláinte agus ón bpobal taighde agus ón bpobal acadúil chomh maith. Is é an Dr Paul Duffy, Leas-Uachtarán Déantúsaíochta, Pfizer Éireann agus Shingeapór cathaoirleach na Comhghuaillíochta.

Is iad aidhmeanna foriomlána na Comhghuaillíochta:

- Comhordú agus comhoibriú a mhéadú i measc pháirtithe leasmhara na n-eolaíochtaí beatha ionas go n-úsáidfear na hacmhainní atá ann cheana féin chun an tairbhe is fearr a fháil agus go mbeidh siad dírithe ar chlár gníomhaíochta comhaontaithe; agus
- Cur i bhfeidhm na moltaí atá leagtha síos i dtuarascáil Forfás *Health Life Sciences in Ireland – An Enterprise Outlook* (Na hEolaíochtaí Beatha Sláinte in Éirinn – Léargas na Fiontraíochta) a foilsíodh i mí na Samhna 2009, a bhrú chun cinn/tionchar a imirt orthu.

Tá roinnt de na moltaí faoi shainchúram díreach bhalleagraíochtaí na Comhghuaillíochta. Éilíonn go leor díobh ar an gComhghuaillíocht tionchar a imirt ar dhaoine eile trí dhearcadh agus riachtanais na fiontraíochta a chur in iúl go soiléir.

### Dul Chun Cinn 2010

Tá comhaltaí na Comhghuaillíochta tar éis cur leis an dul chun cinn suntasach atá déanta sa réimse seo go dtí seo:

- Sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an Bord Taighde Sláinte Clár Gradam um Thaighde Aistritheach cómhaoinithe in 2010. Bronnadh gradaim ar cheithre cinn den 53 togra incháilithe a seoladh isteach faoi ghairm 2010. Bhí caighdeán na dtograí an-ard ar an iomlán agus éascóidh an Chomhghuaillíocht sárthaispeántas tionscail do roinnt de na tograí a roghnaíodh ó ghairm 2010 in éineacht leis na cinn a mheasfar a bheith feiliúnach i ngairm 2011, chomh luath is a bheidh gairm 2011 curtha i gcrích. Cuirfidh na gníomhaíochtaí seo ar chumas na Comhghuaillíochta an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an tionscnaimh seo.
- Athbhunaíodh an Líonra um Chóineasú[3] mar thoradh ar an gComhghuaillíocht agus tá sé i gceist aige an chéad imeacht de sé cinn a reáchtáil i mBealtaine. Beidh an t-imeacht seo dírithe ar tháirgí teaglama - réimse a bhaineann go díreach leis na heolaíochtaí beatha. Tá comhpháirtithe Molecular Medicine Ireland (MMI), OÉ Gaillimh, Coláiste na Tríonóide, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn tar éis Grúpa Oibre um Bonneagar Taighde Chliniciúil na hÉireann a bhunú chun cóineasú i measc an phobail acadúil a luathú.
- Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le cláir scileanna ábhartha a fhorbairt. Cuimsíonn siad seo seoladh Chlár Comhaltachta BioInnovate Ireland, a seoladh in OÉ Gaillimh i mí na Samhna 2010; cláir PhD struchtúracha san Innealtóireacht Bhithleighis agus sa Leigheas Athghiniúnach (OÉ Gaillimh), agus i dtaighde cliniciúil agus aistritheach (arna gcomhordú ag MMI[4]) a thabhairt isteach; agus príomhshruthú ar churaclam PhD d'eolaithe cliniciúla atá á dhéanamh ag MMI sna cúig institiúid chomhpháirteacha atá aige.
- Tá comhoibriú ar imeachtaí tar éis méadú go mór le bliain anuas trí imeachtaí amhail sárthaispeántas taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann/PharmaChemical Ireland agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann/Irish Medical Device Association (IMDA), imeacht taighde chliniciúil an Bhoird Taighde Sláinte/IMDA agus an cruinniú mullaigh eolaíochtaí beatha i mí na Samhna a d'eagraigh Fondúireacht Eolaíocht Éireann i gcomhar le GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann leis an iris Business & Finance mar chomhpháirtí ó na meáin.

## Cás a Dhéanamh ar Son Cabhair Réigiúnach a Thabhairt ar ais

Tá na deontais ar féidir le gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí, chun tacú le hinfheistíocht agus le fostaíocht nua, bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach. Tá na teorainneacha bunaithe ar chuspóir an AE státchabhair a dhíriú ar na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste taobh istigh de 27 ballstát an AE.

Thug Forfás aighneacht trasghníomhaireachta don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta a d'úsáid siad mar fhreagra ar an athbhreithniú lárthéarma ar Threoirlínte maidir le Cabhair Réigiúnach 2007-2013 an AE a rinne Coimisiún an AE. Is é a bhí á lorg san aighneacht ná go dtabharfaí cabhair réigiúnach, a cailleadh ag deireadh na bliana 2008, ar ais do mhórthionscadail infheistíochta i réigiún an iarthair láir. Cuireadh cúiseanna láidre agus réasúnaithe i láthair le cabhair réigiúnach a thabhairt ar ais, bunaithe ar thuiscint láidir ar

3 Bunaíodh an grúpa mar leathnú ar an ngrúpa a d'eagraigh an chomhdháil um chóineasú "Meeting of Minds" i Meitheamh 2008. Tá Sharon Higgins ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) ina cathaoirleach ar an ngrúpa agus tá sí ina ball den Chomhghuaillíocht freisin.

4 Tá ionadaíocht ag MMI ar Chomhghuaillíocht na nEolaíochtaí Beatha.

chuspóirí na státchabhrach, ar chúinsí eacnamaíochta atá ag athrú agus ar shonraí ábhartha. Ghlac an Coimisiún leis an aighneacht i mí Iúil 2010. Chuir na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta agus Tascfhórsa an Iarthair Láir fáilte roimh an gcinneadh seo mar gheall ar an leibhéal dífhostaíochta sa réigiún atá réasúnta ard.

## Deiseanna a Aithint maidir le Rialáil Gnó a Fheabhsú

I rith 2010, bhí Forfás ina bhall den Ghrúpa Ardleibhéil ar Rialáil Gnó, a bhfuil Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ina chathaoirleach air. Tugann an Grúpa seo ranna rialtais agus eagraíochtaí gnó le chéile chun deiseanna a aithint chun timpeallacht rialála a fheabhsú do ghnóthais tríd an ualach riaracháin agus rómhaorlathas a laghdú. Tá an Rialtas, amhail stáit eile de chuid an AE, tar éis glacadh le sprioc chun ualaí riaracháin ar ghnóthais a laghdú 25 faoin gcéad faoin mbliain 2012, agus tá an sprioc seo bogtha go 2011 anois mar chuid den phlean téarnaimh náisiúnta ceithre bliana. Tá an obair seo á stiúradh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, agus mar thaca dó seo reáchtáil Forfás seimineáir le hoifigigh ón Roinn, lena gníomhaireachtaí, agus le gnóthais maidir le bealaí chun rialáil a shimpliú chun an sprioc 25 faoin gcéad laghdú a bhaint amach i réimsí roghnaithe reachtaíochta a bhfuil an Roinn freagrach astu.

## An Painéal Tástála um Ghnóthais Eorpacha

Bhunaigh Coiste Comhairleach um an Margadh Inmheánach de chuid an AE an Painéal Tástála um Ghnóthais Eorpacha (EBTP) in 2003 chun cur le straitéis comhairliúcháin an Choimisiúin agus chun deis a chur ar fáil do ghnóthais ar fud na hEorpa chun tionchar a imirt ar bheartais an AE maidir le gnó a fhorbairt. Is é Forfás pointe teagmhála náisiúnta na hÉireann don phainéal seo, is aige atá liosta ballraíochta na hÉireann, déanann sé bailíochtú ar iarratais nua agus cuireann sé an painéal chun cinn. Is ar bhonn deonach atá ballraíocht an phainéil, agus is féidir le cuideachtaí roghnú é a fhágáil ag am ar bith. Bíonn idir cúig agus ocht gcomhairliúchán ar siúl gach bliain.

Is iad seo a leanas na comhairliúcháin a bhí ar siúl in 2010:

- Simpliú agus nuashonrú ar rialacha cuntasaíochta (An 4ú Treoir maidir le Dlí Cuideachtaí);
- Díospóidí tráchtála agus aisghabháil fiach trasteorann
- Athbhreithniú ar rialacha íosta an AE maidir le heagrú ama oibre (Treoir Ama Oibre)
- Foireann oibre a bhogadh laistigh den Aontas Eorpach agus na saincheisteanna comhordaithe slándála sóisialta lena mbaineann
- Ionstraim reachtúil i ndlí Eorpach na gconarthaí

Tá tuairiscí agus staitisticí maidir le gach ceann de na comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh Gréasáin Chomhairliúchán 2010 an EBTP.[5]

5 http://ec.europa.eu/yourvoice/ebtp/consultations/2010/index_en.htm

## Comhoibriú Idir Ghníomhaireachtaí a Fheabhsú maidir le Tacú le Fiontraíocht

Tá ról ríthábhachtach ag na gníomhaireachtaí forbartha[6] maidir le fiontraíocht a spreagadh agus gnólachtaí nua a fhorbairt, éascú a dhéanamh ar mhéadú cuideachtaí atá ann cheana féin agus réimse leathan tionscnamh a úsáid chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh.  In 2010, lean Forfás de thacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta chun bealaí a aithint ina bhféadfaí an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní, na cumais agus as an eolas atá ag na gníomhaireachtaí ar fad le chéile ar bhealach níos straitéisí ar mhaithe lena gcliantchuideachtaí.

Rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí, mar a mhínítear thíos:

- Tá athbhreithniú déanta ar bhainistiú na nósanna imeachta maidir le cliantchuideachtaí a aistriú ó chúram gníomhaireachta amháin go cúram gníomhaireachta eile, agus tá cur chuige níos réamhghníomhaí agus níos tapúla ann dá bharr anois.
- Breathnaíodh ar mheicníochtaí chun cabhrú le cuideachtaí eachtracha a fuarthas le déanaí, a bhíodh ina gcuideachtaí dúchasacha roimhe sin, rochtain a fháil ar thacaí cuí de chuid Fhiontraíocht Éireann (m.sh. rannpháirtíocht i misin trádála, margaíocht agus cláir scileanna ceannaireachta).  Forbraíodh creat idir GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann atá á chur i bhfeidhm ar bhonn trialach faoi láthair le roinnt cuideachtaí.
- Bunaíodh foireann trasghníomhaireachta chun cur chuige córasach a chur chun cinn maidir le tiomsú, nuashonrú agus roinnt faisnéise a bhaineann leis na gníomhaireachtaí go léir.  Tá cur chuige 'déan uair amháin é agus scaip go forleathan é - ar fud na ngníomhaireachtaí go léir' á ghlacadh.
- Tá comhlachtaí forfheidhmithe na Straitéise um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht tar éis glacadh le cur chuige comhpháirteach chun tionscnaimh leathana a láimhseáil agus chun dúbláil a sheachaint.  Glacadh le cur chuige trasghníomhaireachta réamhghníomhach freisin chun rannpháirtíocht cuideachtaí a spreagadh in ionaid inniúlachta.
- Aithníodh forbairt earnála mar réimse ríthábhachtach ina bhféadfaí gníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí a fheabhsú trí chur chuige comhordaithe a fhorbairt agus cuirfear é seo chun cinn i rith 2011.

## Measúnuithe ar Chláir Gníomhaireachtaí - Creat

Is é a bhí á lorg in *Making it Happen - Growing Enterprise For Ireland* (É a Chur i gCrích - Fiontraíocht a Mhéadú d'Éirinn) ná creat a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, creat a bheadh mar bhunús ag cur chuige córasach maidir le tabhairt faoi mheasúnuithe ar chláir na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta.  Chuirfeadh cur chuige córasach maidir le measúnuithe measúnú ar fáil ar oiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na hidirghabhála faoi bhreithniú roimh í a chur i bhfeidhm, nó lena linn nó dá éis.  Ar deireadh, ba chóir cur

6 GBT, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Forbairt Shionainne agus Forfás.  Ghlac Údarás na Gaeltachta páirt san athbhreithniú freisin cé nach dtuairiscíonn sé don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

chuige cuimsitheach maidir le measúnuithe a bheith ina bhonn eolais maidir leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní i dtimpeallacht shrianta chun cuspóirí beartais i leith na fiontraíochta a chomhlíonadh.

Cuireadh tús le forbairt an chreata in 2010 agus cuireadh i gcrích é roimh dheireadh Mhárta 2011. Agus dea-chleachtas idirnáisiúnta á chur san áireamh, tá an creat leagtha amach chun comhthéacs ar leith na gclár tacaíochta fiontraíochta in Éirinn a láimhseáil. Is féidir é a úsáid mar bhonn comhchoiteann ar a ndéantar measúnuithe i gcláir arna soláthar ag Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na boird fiontar contae. Is é a chuireann an creat ar fáil ná measúnuithe atá chomh comhleanúnach agus inchomparáide agus is féidir, bonn láidir chun acmhainní a leithdháileadh, agus cur chuige rialta córasach chun tabhairt fúthu.

Tabharfaidh Forfás faoi réimse measúnaithe ar chláir na ngníomhaireachtaí sna 12 go 18 mí atá amach romhainn, agus an creat in úsáid mar threoir aige. Oibreoidh Forfás leis na gníomhaireachtaí chomh maith ionas go mbeidh sé mar dhlúthchuid dá gcleachtais oibre measúnuithe ar chaighdeán idirnáisiúnta a dhéanamh.


## Suirbhéanna Fiontraíochta

### Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2009

Is suirbhé ar chliaint Fhiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fhorbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta atá san *Annual Business Survey of Economic Impact* (Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch) ina rianaítear táscairí a gcuid feidhmíochta agus a gcuireann siad le geilleagar na hÉireann. Is é atá i bpobal an tsuirbhé ná gach cliantghnólacht a chuireann seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta ar fáil agus gach cliantghnólacht déantúsaíochta in Éirinn ag a bhfuil deichniúr fostaí nó níos mó (thart ar 4,000 fiontar). Ba é an ráta freagartha don suirbhé seo ná timpeall 60 faoin gcéad.

Clúdaítear raon leathan táscairí sa cheistneoir m.sh. díolachán agus onnmhairí chomh maith le míreanna caiteachais amhail ceannach ábhar agus seirbhísí agus an céatadán den chaiteachas sin a chaitear in Éirinn, mar shampla párolla agus costais oiliúna. Léiríonn na torthaí gur bhliain dheacair eile a bhí in 2009 d’fhiontair a fhaigheann cúnamh ó ghníomhaireachtaí, le laghduithe i ndíolacháin phríomha, onnmhairithe agus caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann do ghnólachtaí díolacháin agus déantúsaíochta araon (faoi seach) agus do ghnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus do ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach. Ba é an t-aon treocht príomha dearfach amháin ná an figiúr láidir onnmhairithe do chuideachtaí seirbhíse faoi úinéireacht Éireannach (méadú 7.6 faoin gcéad), agus fás beag ar bhreisluach do ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach (1.6 faoin gcéad ar an iomlán, 5.7 faoin gcéad do dhéantúsaíocht, -2.2 faoin gcéad le haghaidh seirbhísí).

**Figiúr 1. An Méid a Chuireann Cuideachtaí Faoi Thacaíocht Gníomhaireachta atá faoi úinéireacht Éireannach le Geilleagar na hÉireann, 2000 – 2009 (€)**





Foinse: *Annual Business Survey of Economic Impact 2009* (Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2009)

Tá an tionchar geilleagrach suntasach ar an iomlán ag bonn cliant na ngíomhaireachtaí ar gheilleagar na hÉireann. Chuir na cuideachtaí sin beagnach €38 billiún leis an ngeilleagar idir chostais párolla agus ábhair agus seirbhísí Éireannacha a cheannach. Tháinig laghdú 14 faoin gcéad ar chaiteachas díreach (párolla agus ceannach ábhar agus seirbhísí Éireannacha) ag gnólachtaí na hÉireann ó leibhéil 2008 go €18.8 billiún. Is é an céatadán laghdaithe is comhionann do ghnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach ná 6 faoin gcéad (€19.1 billiún). Sa bhliain 2009, ba ionann caiteachas díreach na ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach i ngeilleagar na hÉireann agus thart ar 14 faoin gcéad d'Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) na hÉireann. Ba ionann breisluach i ngach gnólacht faoi úinéireacht eachtrach agus os cionn 47 faoin gcéad den OTN in 2009.

Tagann na torthaí seo do 2009 a bheag nó a mhór leis an laghdú ginearálta atá ag teacht ar dhíolacháin tuairiscithe - laghdú 13.1 faoin gcéad (Éireannach) agus laghdú 7.2 faoin gcéad (eachtrach). Is fiú €29.9 billiún díolacháin ghnólachtaí na hÉireann anois, agus is fiú €119.7 billiún díolacháin na ngnólachtaí eachtracha. Is fiú €11.5 billiún (gnólachtaí na hÉireann) agus €114.4 billiún (gnólachtaí eachtracha) na honnmhairí. Féach Figiúirí 1 thuas agus 2 thíos.

**Figiúr 2. An Méid a Chuireann Cuideachtaí Faoi Thacaíocht Gníomhaireachta atá faoi úinéireacht Eachtrach le Geilleagar na hÉireann, 2000 – 2009 (€)**




Foinse: *Annual Business Survey of Economic Impact 2009* (Suirbhé Gnó Bliantúil ar Thionchar Eacnamaíoch 2009)

**Íocaíochtaí Cáin Chorparáide**

Soláthraíonn cuideachtaí déantúsaíochta, cuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta agus cuideachtaí seirbhísí airgeadais toradh díreach suntasach don Státchiste, trí íocaíochtaí cáin chorparáide, i dteannta lena gcaiteachas sa gheilleagar. Ba é an toradh iomlán ó cháin chorparáide ó gach foinse in 2009 ná €3.9 billiún, íslithe ó €5.1 billiún in 2008. Meastar go raibh €1.98bn i gceist le gnólachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta sna hearnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, agus €642m breise ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, arbh ionann é agus €2.62bn (67 faoin gcéad) den €3.9bn in iomlán na cánach corparáide a íocadh sa gheilleagar.

Tá torthaí mionsonraithe ar an ABSEI 2009 ar fáil ar shuíomh Gréasáin Forfás.

## Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2010

Is móráireamh bliantúil fostaíochta atá sa Suirbhé seo i ngach cuideachta táirgthe phríomhúil, cuideachta déantúsaíochta agus cuideachta seirbhísí lena dtacaíonn na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta. Mar fhreagra air sin, tugann gnólachtaí áireamh nó an meastachán is fearr atá acu ar fhostaithe lánaimseartha buana agus páirtaimseartha agus ar fhostaithe eile amhail an 31 Deireadh Fómhair i mbliain an tsuirbhé. Cuireadh an suirbhé seo i gcrích gach bliain ó 1973 i leith. Leanann Forfás den suirbhé a chur i gcrích le comhoibriú ó fhoireann réigiúnach Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, i gcomhréir lena shainordú chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann. Déanann Forbairt Shionainne agus Údarás na Gaeltachta an suirbhé do chuideachtaí a thagann faoina sainchúram, agus cuireann siad na torthaí ar fáil lena gcuimsiú i mbunachar sonraí Forfás.

Bhí Suirbhé na bliana 2010 bunaithe ar 8,000 gnólacht a bheag nó a mhór: ba chliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann timpeall trí cheathrú díobh sin; ba chliaint de chuid GFT aon ochtú díobh; agus ba cliaint de chuid Fhorbairt Shionainne nó Údarás na Gaeltachta aon ochtú díobh. Bhí, agus tá, torthaí an tsuirbhé tábhachtach do na gníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta, os rud é go gcabhraíonn siad chun an leibhéal glan cruthú post i ngach ceann de na hearnálacha ina bhfuil a gcliaint gafa a ríomh. Cabhraíonn sé freisin chun comparáidí foriomlána a dhéanamh idir na hathruithe sin i leibhéil fostaíochta agus athruithe i bhfostaíocht de réir earnála sa gheilleagar níos leithne.

Bhí 275,693 duine fostaithe go buan lánaimseartha i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta i ngach earnáil in 2010. Is ionann é seo agus laghdú 6,521 post (2.3 faoin gcéad) ar leibhéil fostaíochta na bliana 2009. Tháinig méadú beagnach 11 faoin gcéad ar fhostaíocht pháirtaimseartha idir 2009 agus 2010, áfach. Ba ionann fostaíocht iomlán lánaimseartha i measc cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus 136,385 in 2010. Sin laghdú 4,889 ó 2009, nuair a bhí fostaíocht iomlán lánaimseartha 141,274 ann i measc cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach. Tá 17,484 duine níos lú (11.4 faoin gcéad) fostaithe faoi láthair i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach ná mar a bhí sa bhliain 2001. Bhí 139,308 duine fostaithe go lánaimseartha in 2010 i gcuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach, laghdú beag ó 140,940 (laghdú 1.2 faoin gcéad ón mbliain roimhe sin). Mar thoradh ar chailliúint na bpost sin, chomh maith leis an laghdú 13,960 ar fhostaíocht in 2009, tá fostaíocht i measc cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach 14.4 faoin gcéad (23,380 post) níos ísle ná leibhéil fostaíochta 2001.

Taifeadadh go raibh 34,345 post sealadach nó páirtaimseartha ann in 2010 le cois na bpost buan lánaimseartha i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta. Bhí 19,025 acu seo i ngnólachtaí Éireannacha agus an 15,320 eile i ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach. Tá an leibhéal fostaíochta sealadach/páirtaimseartha i gcomhair 2010 méadaithe 3,363 ó leibhéal 2009 (10.9 faoin gcéad). I measc na gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach, tháinig méadú 1,466 (8.3 faoin gcéad) ar fhostaíocht shealadach agus pháirtaimseartha in 2010. Tháinig méadú 1,897 post (14.1 faoin gcéad) ar fhostaíocht shealadach nó pháirtaimseartha i measc cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach ón mbliain roimhe sin. Is ionann é sin agus laghdú 2,587 (14.4 faoin gcéad) thar an tréimhse 2007 go 2010. Léiríonn na treochtaí go bhfuil cuideachtaí ag tosú ag fostú daoine ar bhonn páirtaimseartha seachas ar bhonn lánaimseartha.


Nuair a chuirtear an dá chatagóir fostaíochta sin (fostaíocht bhuan lánaimseartha agus fostaíocht shealadach/pháirtaimseartha) le chéile, tá 310,038 duine fostaithe anois i gcuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta i gcomparáid le 349,371 in 2001. Tharla méadú 8.3 faoin gcéad in 2010 ar líon na bhfostaithe páirtaimseartha i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach, rud a chuireann in iúl dúinn gur poist pháirtaimseartha anois iad poist a bhíodh lánaimseartha roimhe seo. Tháinig méadú 14.1 faoin gcéad ar an gcineál sin fostaíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach in 2010.

Bíodh is gur chaill daoine a bpost in 2010 toisc gur dúnadh monarchana, cailleadh formhór na bpost (74.4 faoin gcéad) toisc gur lig cuideachtaí atá fós i mbun trádála cuid dá n-oibrithe chun siúil.

I bhFigiúr 3 thíos léirítear gnóthachain phost (gnólachtaí a mhéadaigh fostaíocht) caillteanais phost (gnólachtaí a laghdaigh fostaíocht) agus an t-athrú glan foriomlán ar fhostaíocht. Thaifead na cuideachtaí faoi thacaíocht gníomhaireachta glanchaillteanais phost sa tréimhse 2001 - 2004. Taifeadadh cruthú glan post ina dhiaidh sin sa tréimhse 2005 - 2007. Tá glanchaillteanais phost le feiceáil sa tréimhse 2008-2010, agus caillteanais phost chomhlána

an-mhór in 2009. I 2010, bhí caillteanais phost chomhlána 24,872 á gcúiteamh ag gnóthachain phost chomhlána 18,351; ba laghdú i bhfad ní ba lú a bhí sa laghdú glan 6,521 seo ná mar a bhí i gceist in 2009.


**Figiúr 3. Gnóthachain Phost, Caillteanais Phost agus Athrú Glan i mBuanfhostaíocht Lánaimseartha i ngach Cuideachta faoi Thacaíocht Gníomhaireachta, 2001 - 2010**




Foinse: *Annual Employment Survey 2010* (Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2010)

I bFigiúr 4 tugtar miondealú de réir earnála ar bhuanfhostaíocht lánaimseartha i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach de réir earnáil leathan. In ainneoin laghdú a bheith tagtha ar fhostaíocht den dara bliain as a chéile, le laghdú 10 faoin gcéad (940 post) in 2010, tá méadú 14.7 faoin gcéad tagtha ar fhostaíocht i dTógáil, Fóntais agus Táirgeadh Príomhúil don tréimhse 2001-2010.

**Figiúr 4. Treochtaí Earnála ó thaobh Buanfhostaíocht Lánaimseartha i gCuideachtaí faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus faoi úinéireacht Éireannach, 2001 - 2010**




| | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gach Earnáil** | 153,869 | 151,128 | 149,133 | 147,534 | 149,708 | 160,037 | 164,911 | 159,676 | 141,274 | 136,385 |
| Tógáil, Fóntais & Táirgeadh Príomhúil | 7,376 | 7,549 | 8,383 | 8,629 | 9,541 | 10,429 | 11,437 | 11,150 | 9,398 | 8,458 |
| Déantúsaíocht | 114,767 | 111,351 | 108,903 | 105,999 | 106,013 | 110,737 | 110,253 | 102,402 | 88,090 | 84,926 |
| Seirbhísí Gnó, Airgeadais & Eile | 13,704 | 15,256 | 16,028 | 17,244 | 18,433 | 21,957 | 24,503 | 26,917 | 25,686 | 24,599 |
| Seirbhísí Faisnéise, Cumarsáide agus | 18,022 | 16,972 | 15,819 | 15,662 | 15,721 | 16,914 | 18,718 | 19,207 | 18,100 | 18,402 |


Foinse: *Annual Employment Survey 2010* (Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2010)

Is léir ón ngraf thuas gur tháinig laghdú ar fhostaíocht i ndéantúsaíocht faoi thacaíocht gníomhaireachta agus gur cailleadh 29,841 post (26 faoin gcéad) ó 2001. Cé is moite d'earnáil an bhia - a chuimsíonn os cionn aon trian d'fhostaíocht déantúsaíochta - agus earnáil na bhFeistí Leighis, tháinig laghdú ar fhostaíocht i ngach fo-earnáil Déantúsaíochta in 2010, le laghdú bliantúil foriomlán 3,164 post (3.6 faoin gcéad).

I ndáil le seirbhísí, tharla fás leanúnach ar líon na ndaoine atá fostaithe sa ghrúpa earnálacha Seirbhísí Gnó, Airgeadais agus Eile le deich mbliana anuas; tá leibhéil fostaíochta díreach faoi 80 faoin gcéad níos airde in 2010 ná mar a bhí siad in 2001. In 2010, tháinig laghdú 1,087 (4.2 faoin gcéad) ar an bhfostaíocht san earnáil leathan seo. Tháinig fás de réir a chéile ar fhostaíocht sna Seirbhísí Cumarsáide, Faisnéise agus Ríomhaireachta idir 2002 agus 2008, agus tháinig laghdú arís uirthi idir 2009 agus 2010. Fostaíonn gnólachtaí Éireannacha sa ghrúpa earnálacha seo 18,402 fostaí lánaimseartha; 302 (1.7 faoin gcéad) níos airde ná in 2009, agus 380 (2.1 faoin gcéad) níos airde ná in 2001.

Tá déantúsaíocht tite ó 114,767 sa bhliain 2001 (74 faoin gcéad den fhostaíocht iomlán) go dtí díreach faoi 85,000 in 2010 (62 faoin gcéad den fhostaíocht iomlán), mar sciar den fhostaíocht iomlán i gcuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach. Tá méadú iomlán 80 faoin gcéad tagtha ar fhostaíocht i Seirbhísí Gnó, Airgeadas agus Eile idir 2001 agus 2010, agus tá a sciar fostaíochta méadaithe faoi dhó ó 9 faoin gcéad go 18 faoin gcéad sa tréimhse chéanna. Tháinig méaduithe beaga ar an sciar den fhostaíocht iomlán idir 2001 agus 2010 do na grúpaí earnálacha seo a leanas: Tógáil, Fóntais agus Táirgeadh Príomhúil agus Faisnéis, Cumarsáid agus Seirbhísí Ríomhaireachta (féach Figiúr 5).

**Figiúr 5. Cion na nEarnálacha maidir le Buanfhostaíocht Lánaimseartha i gCuideachtaí faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus faoi úinéireacht Éireannach, 2001 agus 2010**





Foinse: *Annual Employment Survey 2010* (Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2010)

Léirítear an cion fostaíochta faoi thacaíocht gníomhaireachta do gach earnáil sa gheilleagar in 2001 agus in 2010 i bhFigiúr 6. Ní thaispeántar na sciartha fostaíochta atá ag Tógáil, Fóntais agus Táirgeadh Príomhúil thuas mar gur coibhneas neamhbhríoch atá i gceist leo. Tá suntas ar leith ag baint leis an sciar laghdaithe Déantúsaíochta agus leis na méaduithe i sciartha na n-

earnálacha seirbhísí. Tá cion fostaíochta na Seirbhísí Gnó, Airgeadais agus Eile méadaithe ó 5 faoin gcéad go 11 faoin gcéad.

**Figiúr 6. Cion na nEarnálacha maidir le Buanfhostaíocht Lánaimseartha i gCuideachtaí faoi Thacaíocht Gníomhaireachta agus faoi Úinéireacht Eachtrach, 2001 agus 2010**




Foinse: *Annual Employment Survey 2010* (Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2010)

# Eolas & Nuálaíocht

## Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht a chur ag obair do ghnó agus d'Éirinn

Cabhraíonn Forfás le cinntiú go n-oibríonn tionscnaimh bheartais eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta chun sochair na fiontraíochta in Éirinn trí bhunús láidir fianaise a chur le chéile agus a scrúdú, bunús a úsáidtear chun comhairle beartais a chur ar fáil maidir le saincheisteanna lárnacha eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Is muid an gníomhaireacht stáit atá ainmnithe chun comhairle a chur ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ar an Rialtas maidir le beartas eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta.

Bailímid agus déanaimid anailís ar shonraí ó na suirbhéanna náisiúnta eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a chuirimid i gcrích.

Glacaimid páirt agus tacaímid le rannpháirtíocht na hÉireann i gcláir agus i dtionscnaimh bheartais agus taighde idirnáisiúnta maidir le heolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht.

Déanaimid monatóireacht agus measúnú ar chláir náisiúnta agus idirnáisiúnta eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta chun go mbeidh rannpháirtíocht agus feidhmíocht na hÉireann chomh maith agus is féidir.

Bainistímid obair Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil, cuirimid taighde agus anailís ar fáil di agus forbraímid moltaí beartais thar ceann na Comhairle.

## Tosaíocht a thabhairt do Réimsí Fócais maidir le Taighde a Fhaigheann Cistiú Poiblí

Chuaigh Grúpa Stiúrtha an Tionscadail um Beartú Tosaíochta Taighde, arna cheapadh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, ar a bhfuil Jim O'Hara ina chathaoirleach, i mbun oibre i nDeireadh Fómhair 2010 ar bheart chun réimsí tosaíochta fócais a aithint ar chóir taighde agus forbairt dá dtugtar cistiú poiblí a chur ar fáil dóibh in Éirinn. Tá Forfás ag tabhairt faoin taighde agus anailís chun tacú le hobair an ghrúpa chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar chlár fairsing de rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus rúnaíocht a chur ar fáil don Ghrúpa.

Bunaithe ar dheich mbliana d'infheistíocht leanúnach sa taighde dá dtugtar cistiú poiblí, a ceapadh chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach i dtaighde agus forbairt a chomhlánú agus bonn taca a chur faoi, chinn an Rialtas in 2010 go dtabharfaí faoi bheart chun roinnt réimsí tosaíochta agus cineálacha cur chuige a aithint maidir le dúshláin náisiúnta a bheidh mar bhunús le hinfheistíocht an Rialtais i dtaighde agus i bhforbairt amach anseo. D'éiligh Forfás agus Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil beart den chineál seo in 2009.

Creidtear go bhfuil an beart seo tráthúil ag an bpointe seo ar dhá chúis. Sa chéad áit, ciallaíonn an infheistíocht leanúnach atá déanta i dtaighde agus forbairt phoiblí agus phríobháideach ar feadh deich mbliana go bhfuil leibhéal suntasach acmhainne i bhfeidhm anois, ó thaobh caighdeáin agus mais chriticiúil de, acmhainn is féidir a dhíriú ar spriocanna ar leith anois (bunaithe ar dhúshláin sa mhargadh nó ar dhúshláin sa tsochaí). Is féidir buntáistí agus tionchair iomlána na hinfheistíochta poiblí i dtaighde agus forbairt a bhaint amach tríd an iarracht a dhíriú i dtreonna oiriúnacha. Sa dara háit, ciallaíonn na srianta reatha atá ar acmhainní an státchiste go bhfuil gá leis an mbeart seo i láthair na huaire chun a chinntiú go gcothófar an leibhéal caighdeáin agus an mhais chriticiúil atá sa chóras i láthair na huaire agus go bhforbrófar tuilleadh é. Cé go bhfuil an infheistíocht reatha spriocdhírithe go méid áirithe, fágann na srianta ar chistiú poiblí, is dócha a bheidh i bhfeidhm go ceann i bhfad amach anseo, go bhfuil gá le díriú níos géire ar an méid ba chóir don taighde agus forbairt, dá dtugtar cistiú poiblí, a dhéanamh chun cur le cáil an fheabhais san eolaíocht agus cáil maidir le nuálaíocht agus réitigh a fháil as smaointe a rachaidh chun sochair mhuintir na hÉireann, agus an cháil sin a chothabháil.




Tosaíocht a thabhairt do Réimsí Fócais maidir le Taighde a Fhaigheann Cistiú Poiblí

Cathaoirleach Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail um Beartú Tosaíochta Taighde, Jim O'Hara (ar chlé) leis an Ollamh Frank Convery, Stiúrthóir Institiúid na Domhaneolaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tá sé d'aidhm ag an mbeart tosaíochta seo na réimsí is mó gealladh a aithint ó thaobh cur le sochair eacnamaíocha dhíreacha in Éirinn, agus ag an am céanna, réitigh a aimsiú maidir leis na dúshláin a bhaineann le saol gach duine i réimsí amhail fuinneamh, an comhshaol, cúram sláinte, bia agus talmhaíocht srl. Níl sé mar aidhm ag an mbeart tús áite a thabhairt do réimse taighde amháin thar cheann eile. Is féidir le taighde thar go leor disciplíní cur leis na dúshláin agus na deiseanna a bhfuiltear ag tabhairt fúthu.

Tá Forfás tar éis bonn fianaise mór a thabhairt le chéile (a bhfuil cuid mhór de bunaithe ar réimse staidéar atá déanta cheana féin ag Forfás agus ag eagraíochtaí eile) a thacóidh le breithniú an Ghrúpa. Cuimsíonn an bonn fianaise seo faisnéis mhionsonraithe faoi na rudaí seo a leanas:

- Na saincheisteanna móra maidir leis an tsochaí agus na treochtaí ar a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh in Éirinn agus i dtíortha eile bunaithe ar rannpháirtíocht shuntasach le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí agus le réimse eagraíochtaí eile a bhfuil tuairimí acu faoi na saincheisteanna agus na dúshláin seo;
- Deiseanna sa mhargadh domhanda, margaí fás agus seasamh bhonn fiontraíochta na hÉireann bunaithe ar shintéis na dtuarascálacha earnála atá ann cheana agus teagmháil dhíreach le GFT Éireann, le Fiontraíocht Éireann agus le réimse leathan de ghrúpaí a dhéanann ionadaíocht do thionscail in Éirinn; agus
- Láidreachtaí taighde na hÉireann agus réimsí maise criticiúla atá ag teacht chun cinn bunaithe ar thaighde agus ar fhorbairt, dá dtugtar cistiú poiblí, bunaithe ar bheart mapála suntasach, a chuimsíonn gach ceann de na comhlachtaí cistithe taighde in Éirinn agus gach ceann de na hinstitiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde phoiblí in Éirinn.

Tá an grúpa stiúrtha, le tacaíocht ó Forfás tar éis féachaint freisin ar an gcur chuige maidir le tosaíochtaí ó thaobh taighde de i roinnt tíortha eile agus bainfidh sé úsáid as na ceachtanna ó na tíortha sin agus beart na hÉireann á chur i gcrích. Beidh an Grúpa Stiúrtha i dteagmháil go rialta le páirtithe leasmhara agus le saineolaithe tábhachtacha i rith an phróisis agus tá sé i gceist aige tuairisc a thabhairt don Aire i Meán Fómhair 2011.

## Creat Tráchtálaithe Nanaitheicneolaíocht na hÉireann

Is teicneolaíocht chumasaithe thábhachtach atá sa nanaitheicneolaíocht i roinnt mhaith margaí agus earnálacha, agus idir 2002 agus 2009, d'infheistigh Éire timpeall €284 milliún thar shlabhra luacha tráchtálaithe agus taighde agus forbartha na nanaitheicneolaíochta. In 2010, chuir Forfás staidéar i gcrích maidir le conas an infheistíocht seo a ghiaráil trí thráchtálú a dhéanamh ar thaighde agus forbairt nanaitheicneolaíochta dá dtugtar cistiú poiblí. Aithníodh sa staidéar na roghanna agus na samhailtí sin ina bhféadfaidh oileán na hÉireann a bhonn taighde nanaitheicneolaíochta a ghiaráil chun infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus a choinneáil, agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na fiontraíochta dúchasaí. Rinneadh an méid seo agus aird á tabhairt ar an timpeallacht nuálaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Rinneadh measúnú freisin ar fhéidearthacht na roghanna éagsúla tráchtálaithe, lena n-áirítear áis ildisciplíneach do mhonarú nanaitheicneolaíochta (NanoFab) a bhunú, a chuirfeadh ar chumas lucht taighde, fiontraíochta agus fiontraithe saoráidí réamhthrachtálaithe a rochtain.

Tugadh le fios san athbhreithniú a rinneadh ar bhonneagar na nanaitheicneolaíochta in Éirinn go bhfuil infheistiú críonna déanta ag Éirinn agus go bhfuil bonneagar de scoth an domhain againn. Cuirfidh sé sin bunsraith dhaingean ar fáil agus Éire ag iarradh taighde nanaitheicneolaíochta ardchaighdeáin a dhéanamh agus é a thráchtálú. Rinneadh athbhreithniú anailíseach ar fho-thacar iomlán na réimsí nanaitheicneolaíochta agus tugadh le fios go bhfuil Éire inchurtha le tíortha an domhain ar bhonn foilseachán normalaithe, paitíní agus cáilíocht taighde agus go gcuimsíonn láidreachtaí na hÉireann réimsí cosúil le leictreonaic, feistí leighis agus cuideachtaí cógaisíochta. Tugadh le fios san athbhreithniú, áfach, nach bhfuil an mhais chriticiúil ag Éirinn le tionchar a bheith aici ar chúrsaí an domhain mhóir.

Cé go léiríonn forbairt shaoráid NanoFab, le hinfheistíocht bonneagair ar scála cosúil le IMEC nó LETI tiomantas na hÉireann do thráchtálú na nanaitheicneolaíochta go hidirnáisiúnta, is é cinneadh na tuarascála seo ná gur bocht an toradh a bheadh ar infheistíocht shuntasach den chineál seo.

Tá sé molta ag Forfás gur chóir d'Éirinn a bheith níos straitéisí ó thaobh chistiú na nanaitheicneolaíochta de agus nach mór di an cathú a sheachaint a cistiú tráchtálaithe agus taighde nanaitheicneolaíochta a tharraingt siar in ainneoin riochtaí geilleagracha a bheith ag dul i ndonas. Cuirfidh athdhíriú caiteachais, fócas géar agus éagsúlú ar fhoinsí maoinithe ar chumas na hÉireann leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa nanaitheicneolaíocht agus ualach níos lú á chur ar an rialtas go fadtéarmach. Ba chóir d'Éirinn a cuid iarrachtaí nanaitheicneolaíochta a dhíriú ar thrí réimse teicneolaíochta - ardábhair, Beyond Moore, agus nanai-bhiteicneolaíocht - a chuirfidh le ceithre réimse feidhme: leictreonaic den chéad ghlúin eile; feistí agus diagnóisic leighis, feidhmeanna comhshaoil, agus feabhsuithe ar phróisis tionscail.




*Ireland's Nanotechnology Commercialisation Framework 2010-2014* (Creat Tráchtálaithe Nanaitheicneolaíocht na hÉireann 2010-2014)

Martin Shanahan, Príomhfheidhmeannach Forfás ag labhairt ag seoladh na tuarascála nanaitheicneolaíochta

Tá moltaí Forfás curtha i sé chatagóir:

1. *Grúpa náisiúnta comhardaithe nanaitheicneolaíochta a bhunú:* I mí Lúnasa 2010, nuair a foilsíodh tuarascáil Forfás, cheap an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Nanaitheicneolaíochta, le tacaíocht ó Forfás, chun maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí sa tuarascáil seo.
2. *Bonneagar:* Ní mór d'Éirinn an bonneagar atá ann cheana féin a ghiaráil, a nascadh agus a leathnú go láidir.
3. *Tionsclaíocht:* Ní mór rannpháirtíocht, tiomantas agus infheistíocht na dtionscal in Éirinn i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha a mhéadú go suntasach.
4. *Cistiú:* Foinsí cistiúcháin a mhéadú, bainistiú cistiúcháin a lárú agus cistiú a nascadh le sochair ar leith ó chláir.
5. *Comhoibriú:* Ní mór d'Éirinn dian-chomhoibriú a spreagadh agus a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
6. *Tarraingt siar an Rialtais agus féin-inbhuanaitheacht:* Ní mór d'Éirinn infheistíocht leanúnach a theastaíonn don todhchaí a bhaint amach le ranníocaíocht laghdaithe ón rialtas.

### An Grúpa Náisiúnta Comhardaithe Nanaitheicneolaíochta

Déanann an Grúpa Náisiúnta Comhardaithe Nanaitheicneolaíochta comhordú agus maoirsiú ar fhorfheidhmiú na straitéise nanaitheicneolaíochta. Déanfaidh an grúpa an méid seo a leanas:

- Tionscail nanaitheicneolaíochta nuálacha áitiúla a chur chun cinn a mbeidh tionchar láidir acu ar fhás geilleagrach na hÉireann agus a rachaidh chun sochair d'infheisteoirí;
- Ionadaíocht d'iarrachtaí nanaitheicneolaíochta na hÉireann, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;

- Comhoibriú a chur chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta;
- Monatóireacht ar dhul chun cinn ar mhaithe le spriocanna sainithe a bhaint amach; agus
- Foinsí cistithe poiblí agus príobháideacha oiriúnacha a aithint do thionscadail roghnaithe.

Is iad seo a leanas bhaill an ghrúpa:

- Martin Cronin (Cathaoirleach)
- Hobbs Leonard, Intel
- Michael Howe, Creganna
- An Dr Diarmuid O'Brien,Stiúrthóir Feidhmiúcháin CRANN, Coláiste na Tríonóide
- An tOllamh Roger Whatmore, Príomhfheidhmeannach Institiúid Náisiúnta Tyndall, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- An tOllamh Brian MacCraith, Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An tOllamh Kenneth Dawson, Stiúrthóir an Centre for BioNano Interactions, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ionadaithe ó Forfás, ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus ón Údarás um Ard-Oideachas.

Tacaíonn Forfás leis an ngrúpa le taighde agus le hanailís.

## Gníomhaíocht Taighde in Éirinn a Mhapáil

Chuir Forfás agus an tÚdarás um Ard-Oideachas staidéar i gcrích in 2010 ina ndearnadh cainníochtú ar ghníomhaíocht taighde agus forbartha sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon mar thoradh ar an méadú ar infheistíocht an Stáit i dtaighde agus forbairt le deich mbliana anuas.

Foilsíodh na tuarascálacha *Research and Development Activity of Irish based Enterprise* (Gníomhaíocht Taighde agus Forbartha na bhFiontar atá bunaithe in Éirinn) agus *Profile of Public Research Activity in Ireland 1998 -2006* (Próifíl na Gníomhaíochta Taighde agus Forbartha Poiblí in Éirinn 1998 - 2006) i mí na Nollag 2010 agus tá fianaise iontu go bhfuil feabhas ag teacht ar mhéid agus ar chaighdeán an taighde agus na forbartha a bhíonn ar siúl sa tír seo.

Tá an fás ar infheistíocht thar an tréimhse sa taighde poiblí dírithe den chuid is mó ar na réimsí taighde atá mar bhonn taca ag teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus ag an mbiteicneolaíocht. Tá fás suntasach tagtha ar réimsí amhail na heolaíochtaí sláinte, innealtóireacht agus an bhiteicneolaíocht talmhaíochta, na heolaíochtaí ríomhaireachta agus faisnéise agus na daonnachtaí agus na heolaíochtaí sóisialta. Ciallaíonn an infheistíocht seo go bhfuil punann níos leithne de réimsí taighde le giaráil ag Éirinn ná mar a bhí roimhe seo agus go bhfuil líon mór taighdeoirí ardcháilithe ann in go leor réimsí. Scaipeann líon suntasach de na taighdeoirí seo a gcuid eolais agus a gcuid scileanna i gcuideachtaí atá bunaithe in Éirinn in earnálacha amhail na hearnálacha ceimiceacha agus cógaisíochta, bogearraí agus bia.

Cé go bhfuil príomhfhócas na hinfheistíochta ar ghairmithe taighde ardcháilithe a chur ar fáil a bheidh fostaithe ina dhiaidh sin, tá caighdeán ár n-aschur taighde chomh hard is go bhfuil

seasamh an-mhaith ag Éirinn anois i dtorthaí taighde foilsithe in irisí eolaíochta d’ardchaighdeán.

Thar an tréimhse a bhí faoi chaibidil, tá líon na dtorthaí taighde Éireannacha a foilsíodh in irisí idirnáisiúnta aitheanta níos mó ná méadaithe faoi dhó, ach tá an méid sin fíor faoi in go leor tíortha. Pointe níos tábhachtaí ná go bhfuil cáilíocht an aschuir thaighde, á meas de réir na luanna, feabhsaithe. Tá Éire san ochtú háit anois ó thaobh luanna a foilseacháin taighde de. Fágann sé sin go bhfuil sí imithe chun cinn ar an Astráil agus ar an bhFionlainn laistigh de ghrúpa de 20 tír comparadóra lena n-áirítear an Danmhairg, an Ísiltír, na Stáit Aontaithe, an Ríocht Aontaithe, An Fhionlainn, an Astráil, Singeapór agus an tSín.

Bhí bonn taca a chur faoi fhás geilleagrach mar chuspóir lárnach ag tiomantas breise an Stáit don taighde agus forbairt. Ag an am céanna leis sin, agus in a lán cásanna i gcomhar le hinfheistíocht an Stáit, tá earnáil ghnó na hÉireann tar éis a tiomantas don taighde agus forbairt a mhéadú go suntasach. Bhí fás láidir le sonrú i gcaiteachas gnó ar thaighde agus forbairt thar an tréimhse go foriomlán. Tháinig fás air seo ó €700 milliún in 1998 go €1.86 billiún in 2009, agus ba sna hearnálacha nua-aimseartha ardteicneolaíochta agus sna hearnálacha a thrádálann go hidirnáisiúnta, earnálacha a chuireann go mór le fostaíocht agus le OTI, ba mhó a tharla an fás seo. Ba ó earnálacha na fiontraíochta ba mhó a bhí gníomhach i dtaighde agus forbairt in 2007 a tháinig 67% den OTI agus 45% den fhostaíocht náisiúnta.

Treocht dhearfach eile is ea go dtuigeann na cuideachtaí i bhformhór na n-earnálacha an fiúntas a bhaineann le foireann taighde agus forbartha. Chonaiceamar go raibh foireann taighde agus forbartha á n-earcú tráth a bhí méadú ag teacht ar fhostaíocht, agus feicimid anois go bhfuil foireann taighde agus forbartha á gcoinneáil tráth atá laghdú ag teacht ar fhostaíocht. Léiríonn sé seo an treocht éabhlóide i ngníomhaíochtaí na n-earnálacha i dtreo oibríochtaí breisluacha, mar a fheictear, mar shampla, san earnáil bia agus deochanna.

Cuireann na tuarascálacha seo maidir le gníomhaíocht taighde phríobháideach agus phoiblí ionchur amháin ar fáil don Tionscadal náisiúnta um Beartú Tosaíochta Taighde a chuimsíonn an cuspóir maidir le cinntiú gur féidir le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt tionchar dearfach a bheith aici ar fhiontair agus ar chaighdeán saoil na hÉireann.

## Caiteachas Stáit ar Thaighde agus Forbairt a Chatagóiriú

Foilsíodh *Categorisation of State Expenditure on R&D* (Catagóiriú an Chaiteachais Stáit ar Thaighde agus Forbairt) i mí na Samhna 2010, agus rinneadh anailís ann ar an gcion de chistiú an Stáit ar thaighde agus forbairt a leithdháiltear ar thaighde bunúsach agus feidhmeach. Tá na sonraí a thugtar bunaithe ar chur chuige a fhéachann ar rangú cistiúcháin, de réir an chineáil taighde, ag lucht cistithe an taighde agus na forbartha, is iad sin na ranna Rialtais agus na gníomhaireachtaí cistiúcháin agus taighde a bhaineann leo.

Fuarthas amach go bhfuil cistiú ag an Stát le haghaidh taighde bunúsach sa raon 37 faoin gcéad go 49 faoin gcéad agus go bhfuil cistiú le haghaidh taighde feidhmeach sa raon 51 faoin gcéad go 63 faoin gcéad. Tá cistiú ag an Stát le haghaidh taighde bunúsach laistigh de na hInstitiúidí Ardoideachais sa raon 50 faoin gcéad go 68 faoin gcéad agus tá cistiú le haghaidh taighde feidhmeach sa raon 32 faoin gcéad go 50 faoin gcéad.

## Measúnú ar na cláir STEPS agus CEIA

In 2010, thug Forfás faoi mheasúnú ar na cláir STEPS agus CEIA[7] arna mbainistiú ag *Discover Science and Engineering* (DSE). Ba é cuspóir na measúnachtaí ná ábharthacht, costas, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht an dá chlár a mheas. Díríonn na cláir seo ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile agus tá sé d'aidhm acu feasacht maidir le tábhacht bhunúsach na n-ábhar eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice a ardú agus tionchar a imirt ar ghlacadh na n-ábhar seo agus scoláirí ag bogadh ar aghaidh chun an tríú leibhéal.

Moladh sa mheasúnú roinnt athruithe a chuirfeadh feabhas ar na cláir, agus ina measc seo bhí:

- Torthaí réadúla gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a aithint do na cláir, agus monatóireacht agus measúnú ar ghníomhaíochtaí a fheabhsú;
- Neartú na ngníomhaíochtaí atá dírithe ar mhic léinn sa tsraith shóisearach sa mheánscoil atá ag céim chriticiúil chinnteoireachta maidir le leanúint nó scor den staidéar eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice;
- Níos mó béime a chur ar mhúinteoirí a chur ar an eolas maidir le hábhair tacaíochta chun cleachtas ranga a éascú, agus an deis a thapú chun dul i ngleic le hinstitiúidí dara leibhéal trí thionscnaimh atá ann cheana féin a úsáid, amhail curaclam teicneolaíochta T4; agus
- Obair níos gníomhaí a dhéanamh chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha a chruthú le páirtithe leasmhara corparáideacha agus institiúideacha.

Tá dúshláin ar leith ag baint leis na cláir STEPs agus CEIA agus iad ag cur le tionchar a ngníomhaíochtaí mar gheall ar shaincheisteanna struchtúracha nach bhfuil aon smacht acu orthu. Ina measc seo tá, an easpa múinteoirí eolaíochta oilte, an bhéim leanúnach in go leor scoileanna dara leibhéal ar chur chuige teagascach maidir le teagasc na heolaíochta agus na matamaitice agus droch-chaighdeán na n-áiseanna eolaíochta in go leor scoileanna, agus mar gheall ar imní leanúnach an phobail maidir le seasmhacht na bpost san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht.[8]

Oibríonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhar le CEIA agus STEPS chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus chun na hathruithe a mholtar a leabú.

## Torthaí ón Athbhreithniú ar Thacaí do Shaothrú Maoine Intleachtúla ó Thaighde Ardoideachais

In 2010, chuir Forfás athbhreithniú i gcrích ar an tacaíocht atá ar fáil faoi láthair le spreagadh a thabhairt do shaothrú na maoine intleachtúla atá ag teacht de thoradh taighde a bhfuil cistiú poiblí á fháil aige ar iarratas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Rinneadh cur síos ar na moltaí seo i dTuarascáil Bhliantúil Forfás 2009.

Tar éis fhoilsiú *Review of Supports for Exploitation of Intellectual Property from Higher Education Research* (Athbhreithniú ar Thacaí do Shaothrú Maoine Intleachtúla ó Thaighde

7 Clár Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Innealtóireachta do Scoileanna agus Cork Electronics Industry Association.

8 Tá tionscnamh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta 'Tionscadal Mata' i mbun treoirthionscadail chun tabhairt faoin bhfadhb seo ó thaobh mata.

Ardoideachais), bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta dhá ghrúpa, an Grúpa Forfheidhmithe um Maoin Intleachtúil agus an Grúpa Beartais um Maoin Intleachtúil chun dul i mbun oibre ar fhorfheidhmiú láithreach na moltaí i gcomhar le moltaí ábhartha i leith na maoine intleachtúla a bhí i dtuarascáil Thascfhórsa na Nuálaíochta.

## Barrfheabhsú Rannpháirtíocht na hÉireann i gCreatchlár 7 na hEorpa le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta (FP7)

Lean Forfás ag cur taighde, anailís agus bainistíocht ar fáil maidir leis an bhFóram Beartais FP7 i rith 2010. Tagann na príomhpháirtithe leasmhara le chéile ar an bhfóram, ar a bhfuil an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta mar chathaoirleach, chun a dtuairimí a thabhairt agus plé a dhéanamh ar dheiseanna chun páirt níos mó a ghlacadh in FP7 agus bearta straitéiseacha a dhéanamh dá réir, agus béim faoi leith acu ar ghiaráil a dhéanamh ar an infheistíocht náisiúnta i dtaighde agus forbairt. Cuimsítear ionadaithe ó mhaoinitheoirí suntasacha go léir an taighde agus na forbartha (an dá roinn Rialtais agus gníomhaireachtaí lena mbaineann), Leas-Uachtaráin taighde ó na hinstitiúidí ardoideachais agus baill den líonra FP7.

Sa tréimhse ónar bunaíodh an fóram tá tarraingt anuas na hÉireann ar chistiú FP7 tar éis a bheith chun tosaigh ar an sprioc shínte de 1.25 faoin gcéad de na cistí atá ar fáil, agus atá sé ag 1.51 faoin gcéad anois. Is tarraingt anuas sheachtainiúil timpeall €1.46 milliún atá i gceist leis seo.

Bunaithe ar an obair a rinneadh roimhe seo chun aird a dhíriú ar chohóirt taighdeoirí aonair agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh in FP7, i measc na réimsí lárnacha a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana bhí, ról na n-ionad taighde maidir le páirt straitéiseach a ghlacadh in FP7 agus bearta chun rannpháirtíocht breise na fiontraíochta a bhaint amach.  Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag tacú le baint amach an chéad chuspóra sa mhéid is go bhfuil sé ag spreagadh na Lárionad um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht chun páirt straitéiseach a ghlacadh in FP7 agus tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag pleanáil chun monatóireacht a dhéanamh agus béim a chur ar an tábhacht a bhainfidh le rannpháirtíocht na n-ionad in FP7 amach anseo.  Tá an dara cuspóir á chur chun cinn trí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann atá ag oibriú chun deiseanna a aithint i gcomhair rannpháirtíocht bhreise a gcliantchuideachtaí a fhaigheann deontais taighde agus forbartha in FP7.

## Réamhpháipéar maidir le Tosaíochtaí na hÉireann don Ochtú Creatchlár Eorpach le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta

Tá Creatchláir an AE mar ghné lárnach in idirnáisiúnú thaighde agus forbairt teicneolaíochta na hÉireann le fada, agus trí chur le hinfheistíochtaí náisiúnta i dtaighde agus forbairt le blianta beaga anuas sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, tá Éire ag glacadh páirt sa Chreatchlár ó bhonn taighde i bhfad níos láidre ná mar a bhí riamh.

Tá an phleanáil don Ochtú Creatchlár Eorpach le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta, a gcuirfear tús leis in 2014, ar siúl cheana féin, agus sa chomhthéacs sin réitigh Forfás réamhpháipéar i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, ag leagan síos dearcthaí na hÉireann maidir le tosaíochtaí don Ochtú Creatchlár Eorpach le

haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta (FP8) mar ionchur réamhghníomhach sa phróiseas sin.

I dtuairim na hÉireann, ba chóir don chéad Chreatchlár eile:

- Taighde trasnáisiúnta comhoibritheach a choinneáil mar ghné iomaíoch lárnach, bunaithe ar réimsí lárnacha téamacha sainithe.
- Béim láidir a choinneáil ar acmhainní daonna (Marie Curie Actions) agus ar bhearta chun tacú le forbairt taighdeoirí agus a ngairmeacha beatha. Ba chóir gníomh ar leith COFUND a leathnú chun rannpháirtíocht iomlán na fiontraíochta a cheadú agus chun tacú le cláir oiliúna dochtúireachta.
- Feabhas a chur ar bheartais chun na naisc idir an saol acadúil agus an tionsclaíocht a láidriú, mar chomhpháirtithe a bhfuil an meas céanna orthu maidir le tionscnaimh agus tionscadail láidre a fhorbairt, rud a léireoidh cumas tráchtálaithe na n-aschur taighde cuí.
- Tacú le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht mhéadaithe ó thaobh thionscail na hEorpa, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide agus béim ar leith a chur ar thaighde feidhmeach, atá dírithe ar thionsclaíocht.
- Trédhearcacht na dTionscnamh Cláir Nasctha agus rochtain orthu a chinntiú ionas go mbeidh an deis ag gach ballstát leas a bhaint as dul i ngleic le dúshláin mhóra na sochaí d'fhorbairt inbhuanaithe agus do spriocanna socheacnamaíocha amhail athrú aeráide, fuinneamh, uisce, slándáil bia, sláinte agus daonra atá ag dul in aois. Níor chóir go mbainfeadh sé seo leo siúd amháin atá páirteach go díreach sna cláir. Tá ról leanúnach ann don chreatchlár maidir le tacú le taighde comhoibritheach i réimsí a chuireann leis na hábhair taighde a bhfuil cistiú náisiúnta á thabhairt dóibh. Tá súil go dtabharfar an cistiú seo le chéile sna Tionscnaimh Chláir Nasctha.
- An deis a thapú chun castacht thimpeallacht chistiúcháin an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta san Eoraip a laghdú, agus chun riarachán a shimpliú agus a chuíchóiriú chun rannpháirtíocht a éascú.

## Ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach

Bunaíodh an Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach (ERAC), CREST mar a bhíodh, le linn 2010 agus is comhlacht comhairleach um beartas straitéiseach atá ann a bhfuil sé d'fheidhm aige cuidiú leis an gCoimisiún Eorpach agus le Comhairle an Aontais Eorpaigh i gcomhlíonadh na gcúraimí atá de dhualgas ar na hinstitiúidí sin i réimse an taighde agus na forbartha teicneolaíochta. Os rud é gur comhthoscaire é Forfás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, tá tosaíocht ar leith tugtha aige don nasc idir taighde agus nuálaíocht, agus tá sé tar éis troid ar a shon. Neartaíodh é seo le ceapachán Mháire Geoghegan-Quinn mar choimisinéir le freagracht as taighde agus nuálaíocht agus chinntigh Forfás i rith na bliana go mbrúfaí sainchúram níos leithne ERAC chun nuálaíocht a chuimsiú chun cinn go gníomhach.

Tá tábhacht gníomhaíochtaí ERAC ag méadú toisc go bhfuil borradh faoi cháil an taighde agus na nuálaíochta san Eoraip. Glactar leis anois gur gné thábhachtach d'iomaíochas agus d'fhás geilleagrach na hEorpa iad. Sheol an Coimisiún Eorpach sraith leathan de chuspóirí beartais

faoi bhrat comhchoiteann an Aontais Nuálaíochta, ceann de na tionscnaimh cheannródaíocha faoin straitéis Eoraip 2020 do gheilleagar cliste, inmharthana agus cuimsitheach. Seo a leanas cuid de na cuspóirí beartais sin:

- An Limistéar Taighde Eorpach a Sheachadadh
- Ionstraimí cistiúcháin an AE a dhíriú ar thosaíochtaí an Aontais Nuálaíochta
- An rochtain atá ag cuideachtaí nuálacha ar mhaoiniú a fheabhsú
- Oibriú i gcomhar le chéile i dtreo na ceannródaíochta: Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha

Tá an obair ar na príomhcheisteanna atá le cur san áireamh i gcláir chistiúcháin an AE i gcomhair taighde agus nuálaíochta amach anseo agus an obair ar fhorbairt na mionsonraí taobh thiar de na beartais imlíne atá laistigh den Aontas Nuálaíochta, go háirithe na Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha, mar phríomhréimse fócais anois don Choimisiún Eorpach i gcomhar le ERAC chun éabhlóid an bheartais Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta a bhrú i dtreo Eoraip nuálach.Chuaigh Forfás i gcomhairle, agus leanann sé ag dul i gcomhairle, le príomhpháirtithe leasmhara i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar gach togra chun a chinntiú go dtéann siad chun sochair na hÉireann agus d’fhiontraíocht na hÉireann.

## Ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn ag an bhFóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta

Is cumraíocht thiomanta den Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach é an Fóram Straitéiseach (ERAC) um Chomhar Idirnáisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (SFIC). Is é cuspóir an Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach ná forbairt agus cur i bhfeidhm breise na gné idirnáisiúnta den Limistéar Eorpach Taighde agus monatóireacht bhreise uirthi a éascú. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin eolas a roinnt agus comhairliúchán a bheith ar siúl idir na comhpháirtithe (na ballstáit agus an Coimisiún) d'fhonn tosaíochtaí comhchoiteanna a shainaithint a d'fhéadfadh comhthionscnaimh nó tionscnaimh comhordaithe a bheith mar thoradh orthu. Tá sé mar aidhm freisin ag an ngrúpa comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar sheasaimh vis-à-vis tríú tíortha agus laistigh de na fóraim idirnáisiúnta. Tá an Coiste um an Limistéar Taighde Eorpach comhdhéanta d’ionadaithe ardleibhéil na mballstát agus an Choimisiúin Eorpaigh. Gníomhaíonn Forfás mar thoscaire na hÉireann chuig an gCoiste um an Limistéar Taighde Eorpach thar ceann an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus tugann sé tuairimí na hÉireann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an bhfiontraíocht.

Tá tascfhórsaí an Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach tar éis a bheith ag obair ar threoirthionscnamh Indiach do chomhoibriú idirnáisiúnta; is ar ‘uisce’ a dhíreofar i dtosach. Breathnófar ar thíortha eile (m.sh. an tSín) agus ar ábhair eile amach anseo, ag brath ar thorthaí an treoirthionscnaimh. Tá ról agus breisluach féideartha an Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach á phlé freisin, os rud é go bhfuil gníomhaíocht shuntasach sa réimse seo ar leibhéal Eorpach cheana féin. Bhí ceardlann speisialta do chomhaltaí an Choiste um an Limistéar Taighde Eorpach ar siúl i Meán Fómhair 2010, chun díriú ar straitéis an Choiste don todhchaí.

Leanann Forfás ag dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha, ó thaobh na deiseanna atá ann d'Éirinn ó

chur chuige Eorpach maidir le comhoibriú tríú tír, leis an aidhm deiseanna a aithint d'Éirinn, agus go háirithe, d’fhiontraíocht na hÉireann.

## Ionadaíocht a dhéanamh d’Éirinn ag an bhFóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde

Mar gheall ar leibhéal na hinfheistíochta san eolaíocht agus sa teicneolaíocht go dtí seo agus ar an tiomantas leanúnach don eolaíocht agus don teicneolaíocht sa todhchaí, tá sé tábhachtach gur féidir le taighdeoirí na hÉireann ó gach earnáil teacht ar an mbonneagar is oiriúnaí dá gcuid oibre, bíodh sé sin in Éirinn nó thar lear. Tá soláthar bonneagair taighde oiriúnach, agus rochtain ar an mbonneagar sin, riachtanach do thaighde agus forbairt d’ardchaighdeán, lena n-áirítear comhoibriú idir na hearnálacha príobháideacha agus poiblí.

Trí pháirt ghníomhach a ghlacadh san Fhóram Straitéiseach Eorpach um Bonneagair Taighde (ESFRI), tá Forfás agus an Údarás um Ard-Oideachas ag cumasú sreafaí faisnéise agus ag éascú cinntí náisiúnta agus Eorpacha ar leibhéal beartais maidir le hábhair a bhaineann le bonneagar. Trí oibriú i gcomhar le lucht cistithe an taighde, a máthair-ranna agus a dtaighdeoirí, is féidir linn a chinntiú go bhfuil bunús maith lenár n-ionchur agus go gcomhlíontar riachtanais na bpobal taighde in Éirinn agus san Eoraip.

Cuireann a rannpháirtíocht i gcruinnithe ráithiúla agus i ngníomhaíochtaí eile de chuid ESFRI deis ar fáil do Forfás chun:

- Clár oibre na tionsclaíochta a nascadh le cinntí arna ndéanamh maidir le bonneagar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh;
- Cinntí atá á ndéanamh maidir le bonneagar a threorú chun iad a thabhairt níos cóngaraí do réimsí a bhaineann le hÉirinn;
- Bonn eolais a chur ar fáil do chinntí arna ndéanamh chun a chinntiú go bhfuil bonneagar taighde iomchuí in Éirinn, agus nach ndéantar dúbláil ar áiseanna atá ar fáil in áiteanna eile; agus
- Tacú le nascadh chóras taighde na hÉireann, lena n-áirítear an tionsclaíocht, le réimsí beartais tosaíochta Eorpacha an taighde agus na nuálaíochta

## Suirbhéanna maidir le Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht

### Suirbhé ar Thaighde agus Forbairt Ardoideachais

Déanann Forfás suirbhéanna a dhéanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha san earnáil ardoideachais agus in earnáil an rialtais. Cuireann Forfás an suirbhé ar thaighde agus forbairt ardoideachais i gcrích gach dhá bhliain de réir threoirlínte agus mhodheolaíocht Lámhleabhar Frascati an ECFE (2002) chun leibhéil taighde agus forbartha san earnáil ardoideachais a mheas. Tá an suirbhé seo sainordaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Úsáidtear sonraí ón tuarascáil Taighde agus Forbartha Ardoideachais i dtuarascálacha níos leithne an ECFE agus Eurostat a chuireann torthaí na hÉireann i gcomparáid le torthaí tíortha eile san AE agus san ECFE. Tá an tuarascáil seo mar chuid de chomhairle beartais leanúnach Forfás don rialtas.

Clúdaítear sa tuarascáil seo, a foilsíodh i mí na Nollag 2010, gníomhaíochtaí taighde agus forbartha in seacht n-ollscoil, trí cinn déag d'Institiúidí Teicneolaíochta, i gColáiste Ríoga na


Máinlia agus Coláiste Mhuire gan Smál, don bhliain acadúil 2007/2008. Tá dhá phríomhchuid sa suirbhé:

- Anailís ar shonraí airgeadais ó gach institiúid, ag léiriú ioncam agus caiteachas mionsonraithe gach roinne; agus
- Anailís ar shonraí pearsanra agus ar shonraí úsáide ama atá bunaithe ar an méid taighde in aghaidh an duine atá fostaithe i ngach institiúid roinnte i bhfir agus mná chun comparáidí inscne a éascú.

Léiríonn príomhthorthaí an tsuirbhé reatha:

- Mhéadaigh caiteachas ardoideachais ar thaighde agus forbairt in 2008 go €750 milliún, méadú 25 faoin gcéad i dtéarmaí reatha nó 14 faoin gcéad i bpraghsanna seasta ó 2006, agus tháinig €405m (54 faoin gcéad) den airgead taighde iomlán ó chistiú díreach ón rialtas (Figiúr 7). Is méadú 53 faoin gcéad é seo ar an méid a leithdháil an Rialtas in 2006.
- Tháinig feabhas leanúnach ar aicme na hÉireann, i ndáil le caiteachas mar chéatadán den OTN/OTI, i gcomparáid le 25 tír eile san ECFE, ó 2002 i leith, agus chuamar ón aonú háit déag in 2006 go dtí an séú háit in 2008.
- Mhéadaigh an líon iomlán taighdeoirí ó 10,072 in 2006 go 11,610 in 2008 (méadú 15 faoin gcéad).


**Figiúr 7. Foinsí Cistiúcháin do Thaighde Ardoideachais (€m, Praghsanna Reatha), 2002-2008**




Foinse: *Higher Education R&D Survey 2008* (Suirbhé ar Thaighde agus Forbairt Ardoideachais 2008)

Nuair a bhristear caiteachas taighde agus forbartha ardoideachais síos de réir an réimse eolaíochta (Figiúr 8), feictear go raibh an cion is airde de chaiteachas taighde agus forbartha i réimse na heolaíochta nádúrtha in 2004, 2006 agus arís in 2008. Léiríonn figiúr €242 milliún na bliana 2008 méadú 17 faoin gcéad ar fhigiúr 2006. Mhéadaigh caiteachas taighde agus forbartha ar na heolaíochtaí sóisialta go €145 milliún in 2008, méadú 42 faoin gcéad ar fhigiúr 2006 agus méadú 77 faoin gcéad ar fhigiúr na bliana 2004, €82 milliún. Tháinig méadú €27 milliún ar an gcaiteachas i réimse na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta thar an tréimhse dhá bhliain idir 2006 agus 2008, agus tháinig méadú €24 milliún ar an gcaiteachas i réimse na n-eolaíochtaí míochaine agus sláinte. Tháinig méadú 30 faoin gcéad ar chistiú le haghaidh réimse na heolaíochta daonnachtaí idir 2006 agus 2008 agus tháinig méadú 13 faoin gcéad air idir 2004 agus 2006. Mar fhocal scoir, fuair na heolaíochtaí talmhaíochta €11 mhilliún de bhreis i gcistiú taighde le ceithre bliana anuas, rud a d'fhág gur leithdháileadh €23 milliún i gcistiú taighde agus forbartha sa réimse eolaíochta seo in 2008.

**Figiúr 8. Caiteachas Ardoideachais ar Thaighde agus Forbairt de réir an Réimse Eolaíochta (€m, Praghsanna Reatha), 2004-2008**





## Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008

Tugann Forfás faoin Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail (CIS) seo leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Is suirbhé débhliantúil é, a chuirtear i gcrích faoi Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh 1450/2004 Cinneadh Cur chun feidhme Uimh 1608/2003/CE. Déantar sampláil ar timpeall 4,700 gnólacht in Éirinn, ag baint úsáide as an gClár Gnó, inter alia. Bailítear eolas faoi nuálaíocht táirgí agus próiseas chomh maith le nuálaíochtaí eagraíochtúla agus príomh-éagsúlachtaí eile thar thréimhse trí bliana, agus clúdaíonn an suirbhé atá ann faoi láthair na blianta 2006 go dtí 2008. Baineann formhór na gceisteanna le hearraí nó le seirbhísí atá nua nó atá feabhsaithe go suntasach nó le cur i bhfeidhm próiseas, lóistíochta nó modhanna dáileacháin atá nua nó atá feabhsaithe go suntasach. Bhíodh an Suirbhé á reáchtáil ag Forfás roimhe seo, ach tá sé á reáchtáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh agus ag Forfás i gcomhar le chéile chun éifeachtúlacht a mhéadú i mbailiú sonraí staidrimh agus chun an t-ualach ar na fiontair rannpháirteacha a laghdú.

D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí an tSuirbhé i Meitheamh 2010. Thug Forfás faoi anailís níos doimhne ar an CIS. Bhí sé mar aidhm ag an obair feidhmíocht nuálaíochta na hÉireann ar leibhéal idirnáisiúnta a ríomh, ag aithint láidreachtaí agus laigí ar mhacrai-leibhéal, roimh scrúdú níos doimhne a dhéanamh na háiteanna ar leith ina bhfuil na láidreachtaí agus na laigí sin. Tá sé i gceist go gcuirfeadh torthaí na hanailíse bunús ar fáil do

bhonn fianaise le haghaidh beartais, agus comharthaí tosaigh a chur ar fáil do phointí fócais ar bheartas nuálaíochta na todhchaí.

**Figiúr 9. Feidhmíocht na Nuálaíochta Teicneolaíochta (% de Ghnólachtaí, 2008)**




Léiríonn tíortha atá marcáilte le * gur sonraí 2006 atá i gceist


Foinse: *Community Innovation Survey 2006 – 2008* (Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008)

Nuair a chuirtear fiontair de gach méid san áireamh, is cúis dóchais é feidhmíocht nuálaíochta chomparáideach na hÉireann ar leibhéal na hEorpa.[9] In 2008, bhí 44.9 faoin gcéad de ghnólachtaí gafa le nuálaíocht teicneolaíochta de chineál éigin (.i. táirge nó próiseas). Ba é seo an seachtú leibhéal ab airde a tuairiscíodh idir an AE-27/Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)/Stáit aontachais an AE (Figiúr 9). Tugtar achoimre i bhfigiúr 10 ar chuid de phríomhthorthaí na hanailíse freisin, lena n-áirítear:

9 Sa chuid seo, is ionann comparadóirí 'Eorpacha' agus gach tír thuairiscithe AE-27/LEE, móide stáit aontachais/stáit is iarrthóirí.

- Dá mhéad an comhlacht, is ea is mó an seans go mbeidh nuálaíocht i gceist ann. Tugann timpeall 40 faoin gcéad de ghnólachtaí beaga faoi chineál éigin nuálaíochta, i gcomparáid le 61 faoin gcéad de ghnólachtaí meánmhéide agus timpeall 76 faoin gcéad de na gnólachtaí móra. Is iondúil go ndíríonn cion na ngnólachtaí beaga atá nuálach ar nuálaíocht maidir le próiseas (is iondúil nach mbíonn an méid acmhainní ag teastáil chuige seo) agus is beag seans ar an iomlán go mbeidh siad rannpháirteach i níos mó ná modh nuálaíochta amháin.
- Tá cion na ngnólachtaí dúchasacha Éireannacha atá gafa le gníomhaíocht nuálaíochta de chineál éigin fós níos airde ná meán an AE-27. Níl gnólachtaí dúchasacha chomh nuálach le gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach in Éirinn. Cé go bhfuil difríochtaí ar leith i struchtúr na ngnólachtaí dúchasacha agus na ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach in Éirinn, tá sé suntasach nach bhfuil an earnáil dhúchasach chomh nuálach agus nach bhfuil an seans céanna ann go gcomhoibreoidh siad go héifeachtach le raon de chomhpháirtithe féideartha, go háirithe na hollscoileanna agus comhlachtaí a fhaigheann cistiú poiblí, i gcomparáid le gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach atá bunaithe anseo.

**Figiúr 10 Modhanna Nuálaíochta de réir Méid Gnólachta agus Úinéireachta (% Gnólachtaí, 2008)**




Foinse: *Community Innovation Survey 2006 – 2008* (Suirbhé ar Nuálaíocht Phobail 2006-2008)

# Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil

Is í Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil comhlacht comhairleach ardleibhéil an Rialtais maidir le saincheisteanna beartais i leith na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta agus is fo-bhord de chuid Forfás í. Is sa chomhairle sin is mó a thagann páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas sa réimse seo le chéile. Déanann Forfás bainistíocht ar obair na Comhairle agus cuireann sé taighde agus anailís ar fáil di. Is é Bord Forfás a cheapann Bord na Comhairle.

Is é sainchúram na Comhairle ná cabhrú le forbairt agus soláthar straitéise náisiúnta atá comhtháite agus éifeachtach i gcomhair na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, agus comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le beartais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha i leith na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta.

Dhírigh an Chomhairle ar na réimsí seo a leanas in 2010:

- An Timpeallacht is Fearr a Chruthú do Thaighde agus Forbairt Cuideachtaí
- Ráiteas Dheireadh na Bliana - *Staying the Course*
- Cur leis an mBeart Tosaíochta um Thaighde Náisiúnta

## An Timpeallacht is Fearr a Chruthú do Thaighde agus Forbairt Cuideachtaí

I Mí Mhárta 2010 d'fhoilsigh an Chomhairle *Maximising the Environment for Company Research and Development* (An Timpeallacht is Fearr a Chruthú do Thaighde agus Forbairt Cuideachtaí). Sa tuarascáil rinneadh roinnt moltaí maidir le dóigheanna chun an timpeallacht a fheabhsú ionas go bhféadfaí cuideachtaí dul i ngleic le taighde, forbairt agus nuálaíocht (TF&N) in Éirinn agus léirítear ann an gá leanúnach chun fiontair a spreagadh infheistíocht a dhéanamh in RD&I, a mhéadaíonn stoc an eolais, agus úsáid an eolais sin chun earraí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt. Rinne an Tascfhórsa Nuálaíochta machnamh ar thorthaí na tuarascála seo.

Aithníodh trí bhac uileghabhálacha a bhfuil tionchar acu ar gach leibhéal taighde agus forbartha atá ag cuideachtaí in Éirinn i ngach earnáil de chuid na fiontraíochta. Is iad siúd:

- Ganntanas scileanna ardcháilíochta a bhaineann le tionsclaíocht;
- Costas ard an taighde agus na forbartha; agus
- Éifeacht na n-idirghabhálacha idir institiúidí ardoideachais agus lucht fiontraíochta.

Tá na moltaí seo a leanas sa tuarascáil le dul i ngleic leis na baic sin:

- Ba chóir go mbeadh páirt níos mó ag lucht tionscail i gceapadh cláir iarchéime agus is féidir é sin a dhéanamh trí thosaíocht a thabhairt do chuid de chistiú ceathrú leibhéal a aistriú ó chláir PhD chuig cláir mháistreachta a bheadh á gcur chun cinn ag an lucht tionscail.

- Ba chóir tacaíocht a thabhairt le cláir mháistreachta de scoth an domhain a fhorbairt a bhainfeadh le cúrsaí tionscail, a bheadh dírithe ar earnálacha áirithe agus a mbeadh baint ag an lucht tionscail leo.
- Ba chóir cláir iarchéime thionsclaíocha a fhorbairt bunaithe ar eiseamláir Chlár PhD Tionsclaíoch na Danmhairge.
- Ba chóir spreagadh iomaíoch airgeadais a chur ar fáil chun ceannairí an taighde agus na forbartha a mhealladh le dul ag obair le lucht fiontraíochta in Éirinn agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar na dreasachtaí cánach a úsáidtear i dtíortha eile nuair atá an scéim á ceapadh.
- Ba chóir go mbeadh cuideachtaí in ann a gcreidmheasanna cánach taighde agus forbartha a chur in aghaidh a gcuid cánacha párolla.
- Ba chóir go mbeadh dreasachtaí agus deiseanna níos mó ann chun daoine ón saol acadúil a nascadh le lucht fiontraíochta. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach dá socrófaí go mbeadh comhpháirtíocht le lucht tionscail ina critéar tábhachtach nuair a bheadh baill foirne acadúla/taighde á n-earcú in institiúidí ardoideachais agus nuair a bheadh arduithe céime uathu.

## Ráiteas Dheireadh na Bliana - *Staying the Course*

D'eisigh Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil ráiteas dheireadh na bliana ina léirítear na príomhcheisteanna ar chóir tabhairt fúthu lena chinntiú go leanann Éire ag tacú le taighde agus nuáil mar phríomhthosaíochtaí maidir le cobhsaíocht agus fás eacnamaíoch agus fostaíochta. Sa ráiteas, *Staying the Course* (An Cúrsa a Sheasamh), tugtar tuairimí na Comhairle ar cad is féidir a dhéanamh anois le tacú le pobal an taighde agus leis an earnáil fiontraíochta atá bunaithe ar thaighde agus forbairt. Áirítear orthu siúd:

- Ba chóir bearta sa bhreis chun taighde a chomhordú agus chun nasc a chruthú idir taighde acadúil agus tionsclaíoch a iniúchadh.
- Ní mór ár riachtanais bhonneagair agus an dóigh is fearr chun iad a choinneáil a bhreithniú go hiomlán. Tá cistiú le haghaidh bonneagair agus le haghaidh tionscadail forbartha agus taighde ar bhonn náisiúnta riachtanach ionas gur féidir linn a bheith rannpháirteach i gcúrsaí taighde ar leibhéal domhanda agus chun ár gcistiú náisiúnta féin a mhúnlú. Mar chrann taca do thaighde den chineál seo, ní mór bonneagar a choinneáil agus a bhainistiú go maith ionas go mbeidh sé úsáideach.
- Ba chóir bearta chun fostaíocht a neadú i ngach céimí nua a luathú.
- Tá gá le bearta lasmuigh den chóras díreach taighde chun barrfheabhas sa taighde a chumasú, trí ghluaiseacht thaighdeoirí na hÉireann agus trí ghluaiseacht taighde barrfheabhais go hÉirinn agus deiseanna comhoibríocha eile a éascú chun ár ngeilleagar a chothú tríd an eolaíocht agus an teicneolaíocht. Mar shampla, tá bearta chun aistriú teidlíochtaí pinsin agus leasa shóisialta de dhíth.
- Tá tábhacht mhór le soláthar meicníochtaí líonraithe agus cumarsáide a chuireann ar chumas lucht tionscail a bheith ar an eolas faoi chórais taighde agus cistiúcháin agus machnamh a dhéanamh ar dhul i ngleic leo. Is dóigh leis an gComhairle gur chóir eiseamláir na gcomhpháirtíochtaí um aistriú eolais a fhiosrú agus a bhreithniú ag ranna agus ag gníomhaireachtaí rialtais a bheith mar thosaíocht le haghaidh 2011.

- Is dóigh leis an gComhairle gur chóir leanúint den cheist faoi innealtóireacht a aithint mar dhisciplín ann féin. Ba chóir meas a bheith ar innealtóirí cruthaitheacha den scoth mar gheall ar a ndéanann siad ar son na sochaí.
- Ba chóir an t-athchóiriú mór atá ar bun trí Thionscadal Mata a luathú agus ba chóir go dtacófaí leis tríd an infheistíocht riachtanach.
- Ba chóir gníomhú de bhun ghnéithe d'Achtanna na Comhairle Múinteoireachta láithreach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus ba chóir ceanglas a thabhairt isteach gur réamhriachtanas é forbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh d'fhonn clárúchán gairmiúil a choinneáil.

## Cur leis an mBeart Tosaíochta um Thaighde Náisiúnta

Sa bhliain 2009 d'éiligh Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil go gcuirfí i bhfeidhm meicníocht cheaptha tosaíochtaí chun bailíochtú a dhéanamh ar na réimsí nó ar na disciplíní ar ar chóir infheistíocht an Stáit i gcúrsaí taighde a dhíriú. Ó ceapadh Grúpa Stiúrtha an Tionscadail um Beartú Tosaíochta Taighde i nDeireadh Fómhair 2010, tá Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil gníomhach sa tionscnamh agus thug an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta cuireadh do thriúr ball den Chomhairle a bheith ina mbaill den Ghrúpa Stiúrtha. Tá breis sonraí ar obair an Ghrúpa Stiúrtha ar fáil ar leathanach 48.



### Ionadaíocht Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil ar Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail um Beartú Tosaíochta Taighde

Cathaoirleach Chomhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil, An Dr Tom McCarthy (sa lár) sa phictiúr le Martin Shanagher, Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (ar chlé) agus an Dr Alastair Glass, Iar-LeasAire Taighde agus Nuálaíochta, Ontario, Ceanada, ag cruinniú de Ghrúpa Stiúrtha an Tionscadail um Beartú Tosaíochta Taighde.

# Iomaíochas

## Iomaíochas na hÉireann a chothú agus a fheabhsú

Tá iomaíochas lárnach chun feidhmíocht gheilleagrach na hÉireann a chur ina ceart arís. Aithníonn Forfás na príomhfhadhbanna atá le sárú ag Éirinn agus cuireann sé comhairle ar an Rialtas faoi roghanna beartais lena n-áirítear taighde agus anailís a sholáthar faoi iomaíochas na hÉireann.

Sa bhliain 2010, thug Forfás comhairle ar shaincheisteanna lárnacha i ndáil le hiomaíochas costais, ina measc, saothar, sealúchas, fuinneamh, costais bhainistithe dramhaíola, agus seirbhísí gairmiúla. Tháinig laghdú leanúnach ar na costais i rith na bliana. Tá sé riachtanach go ngníomhaíonn Éire anois chun na hathruithe struchtúracha sin a chur i bhfeidhm a chinnteoidh nach n-ardóidh costais arís agus nach maolófar an t-iomaíochas dá réir nuair a thosóidh an geilleagar ag fás arís.

Déanaimid monatóireacht ar fhorbairtí cánach agus ar an tionchar a bhíonn acu ar iomaíochas na fiontraíochta in Éirinn. Inár gcuid oibre le páirtithe leasmhara cuí, déanaimid iarracht tionscnaimh a fhorbairt a chuirfeadh le hiomaíochas agus a chruthódh deiseanna fáis.

Déanaimid monatóireacht agus tugaimid comhairle faoin maoiniú atá ar fáil do ghnólachtaí in Éirinn agus faoin gcostas orthu agus tugaimid comhairle faoi thionscnaimh chun an timpeallacht chistiúcháin a fheabhsú.

Déanaimid anailís ar fheidhmíocht trádála agus infheistíochta.

Tacaímid leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais trí mhonatóireacht a dhéanamh ar iomaíochas na hÉireann, ag forbairt moltaí i leith beartais chun dul i ngleic le ceisteanna a thagann chun cinn, agus trí thabhairt faoi phíosaí faoi leith taighde le mórcheisteanna iomaíochais a iniúchadh ar bhealach níos doimhne ar son na Comhairle

## Iomaíochas Costais Saothair na hÉireann a mheas

Sa bhliain 2010, thug Forfás faoi athbhreithniú ar iomaíochas costais ó thaobh saothair. Foilsíodh conclúidí na hoibre seo i mí na Samhna agus bhain an Rialtas leas astu chun an cheist seo a bhreithniú. Bhí an anailís a rinne Forfás dírithe ar fhorbairtí le déanaí sa mhargadh saothair agus ar na rudaí is mó a théann i bhfeidhm ar chostais saothair i gcomparáid le forbairtí sna príomhháiteanna a bhfuilimid in iomaíocht leo. Aithníodh bearta atá de dhíth le héifeachtúlacht an mhargaidh saothair a fheabhsú, cruthú fostaíochta a éascú agus fíor-ioncaim a chosaint. Léirigh moltaí na tuarascála trí phríomhréimse ina bhfuil gníomhaíocht beartais ag teastáil:

- Go rachfar i ngleic le rátaí athsholáthair[10] go práinneach, agus go ndéanfar iad a ísliú faoin marc 100 faoin gcéad agus, sa deireadh thiar thall, chuig an tagarmharc 70 faoin gcéad. I gCáinaisnéis 2011, a foilsíodh i mí na Nollag 2010, laghdaíodh rátaí leasa shóisialta. Ag an am céanna, tháinig ardú ar cháin phearsanta agus laghdaíodh pá glan bhunús na n-oibrithe dá réir.
- Ag an am céanna, go leasófar na comhaontuithe comhchoiteanna earnála pá, na hOrduithe Rialála Fostaíochta agus na Comhaontuithe Fostaíochta Rialaithe, lena chinntiú go gcuireann siad le héifeachtúlacht an mhargaidh shaothair. Tá an Plean Téarnaimh Náisiúnta ceithre bliana tiomnaithe do chreat na socruithe maidir leis na comhaontuithe fostaíochta rialaithe agus na horduithe rialála fostaíochta a athbhreithniú ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus tá sé mar chuid de chlár comhaontaithe an AE/an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.
- Ina dhiaidh sin, moladh sa tuarascáil gur chóir breathnú ar bhearta eile ar nós athrú ar an bpá íosta náisiúnta, cé gurb iad na rátaí athsholáthair agus socruithe earnála na príomhbhaic ar chostais saothair a chur in oiriúint. Laghdaíodh an pá íosta náisiúnta i gCáinaisnéis 2011 faoi €1 go €7.65 san uair.

## Tabhairt faoin Iomaíochas maidir le Bainistiú Dramhaíola

Tá fáil ar sheirbhísí agus áiseanna bainistíochta dramhaíola agus na costais a bhaineann leo fós ina shaincheist lárnach iomaíochais don fhiontraíocht in Éirinn. Rinne Forfás athbhreithniú ar fheidhmíocht chomparáideach na hÉireann sna príomhtháscairí bainistíochta dramhaíola sa bhliain 2010 agus leag sé amach na saincheisteanna beartais ar chóir tabhairt fúthu ionas go mbeidh Éire in ann riachtanais bhainistíochta dramhaíola na fiontraíochta a chomhlíonadh.

Deimhníonn an anailís tagarmharcála, in ainneoin forbairtí dearfacha ar nós feabhsuithe i bhfeidhmíocht athchúrsála agus laghduithe le déanaí sa dramhaíl a ghintear, gur bocht í feidhmíocht na hÉireann i gcoibhneas le réimse de thíortha/réigiúin is iomaitheoirí maidir le soláthar agus costas roghanna cóireála bainistíochta dramhaíola d'fhiontair. Tá roghanna bonneagair bhainistíochta dramhaíola teoranta in Éirinn ach go háirithe i gcomparáid le hiomaitheoirí idirnáisiúnta agus mar gheall air sin bítear ag brath go mór ar líonadh talún. Tá réimse de roghanna cóireála bainistíochta dramhaíola ag teastáil go géar ó fhiontraíocht na hÉireann fud fad ordlathas na bainistíochta dramhaíola agus is tosaíocht é an bonneagar seo a chur i bhfeidhm. Is léir ón tuarascáil go bhfuil praghsanna a fhógraítear agus praghsanna is

10 Nuair a bhíonn an difríocht idir cion na sochar dífhostaíochta, in éadan phá glan an fhostaí, mar dhídhreasú le filleadh ar an áit oibre.

féidir a idirbheartú sa mhargadh measartha ard go fóill, cé go bhfuil laghdú tagtha ar chostais líonta talún in Éirinn.

Ba chóir na tosaíochtaí fiontraíochta seo a leanas a áireamh i mbeartas dramhaíola:

- **Tabhairt faoin neamhchinnteacht beartais agus rialála reatha maidir le bainistíocht dramhaíola in Éirinn:** Tá neamhchinnteacht beartais ag cur isteach ar infheistíocht phríobháideach i mbonneagar riachtanach dramhaíola. Is iad na príomhghnéithe a bhainfidh leis an gcinnteacht seo a chruthú ná cothrom na féinne a thabhairt do sholáthraithe bonneagair na seirbhíse príobháidí agus poiblí agus tabhairt faoin ról dúbailte atá ag údaráis áitiúla a fheidhmíonn mar sholáthraithe seirbhíse/bonneagair agus mar rialtóirí, róil a d'fhéadfadh teacht salach ar a chéile. Ba chóir go gcuirfí san áireamh anseo cuíchóiriú feidhmeanna rialála dramhaíola na n-údarás áitiúil.
- **Comhordú Náisiúnta ar phleananna réigiúnacha dramhaíola:** Ar mhaithe le hiomaíochas a chur chun cinn, éifeachtúlachtaí a mhéadú agus barainneachtaí scála a bhaint amach, tacaíonn Forfás le comhordú níos fearr ar phleananna réigiúnacha dramhaíola.
- **Iomaíochas Costais na Bainistíochta Dramhaíola a fheabhsú:** D'fhéadfadh sé go ndéanfadh roinnt bearta molta beartais tuilleadh dochair d'iomaíochas costais na hÉireann tráth atá cuideachtaí Éireannacha ag streachailt chun onnmhairí, sciar den mhargadh agus fostaíocht a choinneáil. Go sonrach:
    - Má chuirtear tobhaigh líonta talún atá méadaithe go suntasach i bhfeidhm is amhlaidh go n-ardóidh an costas a bhaineann le tuilleadh oibre a dhéanamh, go háirithe dóibh siúd i bpríomhearnálacha déantúsaíochta ar nós bia agus cógaisíochta, agus tagann sé salach ar bheartas náisiúnta chun iomaíochas costais na hÉireann a fheabhsú. Molann Forfás gur chóir staonadh ó mhéaduithe suntasacha sa tobhach líonta talún sa timpeallacht reatha eacnamaíoch agus gur chóir go léireodh méadú ar bith as seo amach sa tobhach líonta talún praghsanna seachtrachtaí (damáiste don chomhshaol agus damáiste eile arbh é líonadh talún ba chúis leis, amhail costais cóireála feabhais agus astúcháin) mar atá molta ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.
    - An tobhach dramhaíl go fuinneamh a chur ar ceal go dtí go mbunófar margadh dramhaíl go fuinneamh anseo agus tobhaigh thoirtmhéadracha ar bith ar dhramhaíl go fuinneamh a sheachaint.
    - Níor chóir srian atá beartaithe ar leibhéil loiscthe a thabhairt isteach as siocair go bhféadfadh sé bac a chur ar bharainneachtaí scála atá riachtanach chun costais dramhaíola na hÉireann a chur ar aon dul lenár n-iomaitheoirí.

## Iomaíochas Fuinnimh a Fheabhsú

Ceist an-tábhachtach fós is ea iomaíochas fuinnimh d'fhorbairt fiontraíochta. Tá cumas na hÉireann chun ár mbonn reatha onnmhairithe a choinneáil agus a mhéadú agus chun leanúint d'ardleibhéil d'infheistíocht dhíreach ón iasacht a mhealladh ag brath ar ár gcumas chun soláthar fuinnimh atá níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil agus feabhas marthanach in iomaíochas costais a chinntiú.

Oibríonn Forfás go dlúth le GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta lena chinntiú go dtacaíonn beartas fuinnimh na hÉireann le fiontraíocht agus le hiomaíochas. Le linn 2010, chuir na gníomhaireachtaí forbartha roinnt aighneachtaí isteach chuig príomhchomhairliúcháin fuinnimh chun feasacht a mhéadú faoin ngá le hiomaíochas costais a fheabhsú agus lena chinntiú go mbíonn cuspóirí agus tosaíochtaí na fiontraíochta agus an iomaíochais léirithe i bpríomhbheartas bonneagair agus i gcinntí rialála. In 2010, le hachtú an Achta um Thobhach Ioncaim Carbóin i mí Mheithimh, tháinig toradh ar obair a rinneadh roimhe sin maidir leis an éileamh go dtabharfaí amhantar an charbóin ar ais d'úsáideoirí fuinnimh.[11] Bhí comhairliúchán an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh ar mhuirir líonraí i mí Lúnasa ar na comhairliúcháin ba thábhachtaí sa bhliain 2010. Mar gheall air seo rinneadh laghduithe suntasacha i gcostais líonraí le haghaidh úsáideoirí gnó. Ach, méadaíodh an tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí d'athnuaiteáin agus do mhóin i nDeireadh Fómhair 2010. Mar a léiríodh i gcomh-aighneacht na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta maidir le comhairliúchán na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ar an bplean gníomhaíochta náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite, as siocair gur ionchur tábhachtach é fuinneamh sa bhonn fiontraíochta ar an iomlán, ní mór dúinn teacht ar bhealach chun tacú le forbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite gan cur isteach ar iomaíochas an bhoinn fiontraíochta níos leithne agus a tharraingtí is atá Éire mar áit le dul i mbun gnó. Is dóigh leis na gníomhaireachtaí forbartha gur chóir do ghníomhaíochtaí an rialtais chun tacú le forbairt earnáil an fhuinnimh in-athnuaite agus chun ár spriocanna a chomhlíonadh díriú ar an gcreat rialála agus pleanála a athchóiriú. Leanfaidh Forfás de bheith ag obair leis na gníomhaireachtaí agus le ranna rialtais lena chinntiú go ndéanfar dul chun cinn maidir le bearta chun feabhsuithe inbhuanaithe ar iomaíochas fuinnimh a bhaint amach.

## Tosaíocht a Thabhairt do Chláir Infheistíochta Caipitil Poiblí don Fhiontraíocht

In ainneoin go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta ag Éirinn i mbonneagar le blianta beaga anuas, tá tuilleadh infheistíochta ag teastáil lena chinntiú gur féidir le príomhbhonneagar tacú leis an téarnamh geilleagrach agus le forbairt na fiontraíochta. Laghdaíodh caiteachas caipitiúil go mór don tréimhse 2011 go 2016 in athbhreithniú caipitil an rialtais i mí Iúil 2010. Fógraíodh breis ciorruithe suntasacha sa tréimhse 2011 go 2014 sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta i Samhain 2010.

Thug Forfás faoi obair sa bhliain 2010 chun:

1. **Cinnte a dhéanamh de go mbíonn tosaíochtaí bonneagair na ngníomhaireachtaí forbartha tús-ualaithe:** Áirítear ar na réimsí tosaíochta seo rolladh amach líonraí na chéad ghlúine eile i moil agus i dtairseacha lárnacha na Straitéise Spáis Náisiúnta; tionscadail bhóithre ar tosaíochtaí iad (go háirithe an N20, N28 agus N2/A5); infheistíocht i seirbhísí uisce (agus tosaíocht a dhéanamh d'Áth Luain, den Ghaillimh agus de Leitir Ceanainn).
2. **Tacú le seachadadh comhordaithe bonneagair:** Tá cur chuige níos comhtháite i leith bonneagar a phleanáil ag teastáil chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus iomaíochas níos fearr a chur chun cinn ar íoschostas. In aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid na

11 Ní fhabhróidh na gnóthachain amhantair ach go dtí deireadh 2010.

Roinne Airgeadais roimhe seo, rinne Forfás sraith moltaí faoi bhearta comhordaithe a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le seachadadh bonneagair, lena n-áirítear:

- ról méadaithe don Choiste Idir-Rannach ar Athnuachan an Gheilleagair le buanghrúpa oibre ar bhonneagar;
- forbairt gníomhaireachtaí fóntais chomhtháite a bhfuil sainchúram náisiúnta acu. D’fhéadfadh sé go n-áireofaí aonán stáit teileachumarsáide, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ag forbairt conairí straitéiseacha bonneagair; agus cuideachta amháin náisiúnta uisce; agus/nó
- ról méadaithe le haghaidh na n-údarás áitiúil maidir le seachadadh bonneagair a chomhordú ina limistéir féin ar nós leathanbhanda a dhuchtú.

3. **Bearta rialála atá neodrach ó thaobh costais de a chur chun cinn:** Tá deiseanna suntasacha ann le hacmhainn agus seirbhísí bonneagair a fheabhsú gan gá le cistiú breise ón Státchiste. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi chonstaicí beartais agus rialála chun bonneagar den chéad scoth a sheachadadh. Áirítear ar chuid de na constaicí seo, an creat rialála le haghaidh iompair phoiblí; pleanáil náisiúnta nó abhantraí le haghaidh bainistíocht uisce; athruithe rialála chun infheistíocht phríobháideach i leathanbhanda agus i gcúrsaí dramhaíola a chur chun cinn; agus díchuachadh úinéireacht na n-eangaí tarchurtha leictreachais go Eirgrid.
4. **Tacú le hoiriúnú do théamh domhanda:** Beidh tionchar ag an athrú aeráide ar phíosaí ríthábhachtacha bonneagair amhail na cinn sin a ghineann agus a dháileann fuinneamh agus uisce cóireáilte. Úinéirí agus údaráis áitiúla a dhéanann bainistíocht ar bhonneagair ríthábhachtacha amhail uisce, cosaint ar thuile, fuinneamh, dramhaíl, iompar agus cumarsáid, srl, beidh orthu pleanáil chun tosaigh lena chinntiú go mbeidh na píosaí bonneagair sin athléimneach in aghaidh na haeráide. Tá géarghá freisin le beartais spáis mar bhealach le hiarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide a laghdú. Chuir Forfás measúnacht i gcrích faoin dúshlán a bhaineann le dul in oiriúint don athrú aeráide, *Adaption to Climate Change: Issues for Business* (Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide: Saincheisteanna do Ghnó), agus déanfaidh sé iarracht cinnte a dhéanamh de go léirítear tosaíochtaí na fiontraíochta i bhforbairt Chreat Náisiúnta Gníomhaíochta Oiriúnaithe na hÉireann.
5. **Bearta sa bhreis le costais a bhainistiú:** Léiríonn laghduithe le déanaí i gcostais tionscadail bhonneagair an timpeallacht gheilleagrach dhúshlánach in áit feabhsuithe struchtúracha in iomaíochas costais na hÉireann. Cuireann réimse fadhbanna leis na costais i leith bonneagar a sheachadadh, is cuma más moilleanna pleanála, neamhéifeachtúlacht institiúide nó deacrachtaí maoinithe atá i gceist.
6. **Plé a spreagadh ar an acmhainn a bhaineann le bonneagar cliste:** Tá Forfás ag cur tús i láthair na huaire le taighde ar ról an bhonneagair chliste agus seirbhísí gaolmhara. Mar gheall ar na constaicí ó thaobh acmhainní de, tá sé riachtanach go mbainfear barrluach ar airgead amach ó bhonneagar atá ann faoi láthair agus ó thionscadail atá ag dul ar aghaidh. De réir a chéile, d’fhéadfadh úsáid níos fearr a bhaint as córais TFC a bheith i gceist anseo le tacú le bonneagar agus le gnólachtaí agus daoine aonair a éascú chun an bonneagar sin a úsáid go héifeachtach. Cuirfear an obair seo i gcrích i lár 2011.

## Líonraí na Chéad Ghlúine Eile don Fhiontraíocht a fhorbairt

Téarma is ea Líonraí na Chéad Ghlúine Eile (NGNanna) a thugtar ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i gcúrsaí teileachumarsáide ina mbeidh luasanna leathanbhanda i bhfad níos airde agus de chaighdeán i bhfad níos fearr ar fáil go forleathan. Glacann NGNanna go hiondúil le hardán ardchumais atá idirdhealaithe ó raon leathan de sheirbhísí lasctha paicéad a bhí mar sheirbhísí leithleacha roimhe seo, ar nós na teilifíse, an idirlín agus na teileafónaíochta, ach atá deartha i gcomhair na seirbhísí sin a bhfuil an prótacal céanna Idirlíon-bhunaithe á úsáid acu go léir. Maidir leis an úsáideoir, ciallóidh sé seo athrú céime sna cineálacha agus in éagsúlacht na seirbhísí a bheidh ar fáil, ina mbeidh saibhreas ábhair agus a bheidh an-fhreagrach. Maidir leis an bhfiontraíocht, ciallóidh sé go mbeidh éagsúlacht leathan seirbhísí nua ar fáil agus rochtain i bhfad níos fearr ar mhargaí tomhaltais agus gnó fud fad an domhain. Laghdaíonn sé chomh maith na constaicí iontrála agus domhandaithe a bhíonn ag fiontair nua. I measc na réimsí ina n-éascófar deiseanna móra tríd na NGNanna, tá siamsaíocht, oideachas, cúram sláinte, monatóireacht ar an gcomhshaol, bonneagar cliste agus córais tráchta.

I láthair na huaire, tá Éire ar chúl tíortha is iomaitheoirí maidir le cur i bhfeidhm NGNanna. Is bocht a fheidhmíonn Éire i gcomparáid le cuid mhór tíortha san Eoraip i bpríomhtheicneolaíocht le haghaidh NGN a sheachadadh, snáithín chuig an mbaile (FTTH). Bíonn constaicí, mar sin, ar rochtain ar sheirbhísí agus ar dheiseanna forbartha le haghaidh fiontar. Dá réir sin sa bhliain 2010, lean Forfás den obair ar na riachtanais le haghaidh FTTH in Éirinn, ag díriú ach go háirithe ar na deiseanna chun na hacmhainní sa ghort seo faoi úinéireacht stáit a chomhtháthú agus a leathnú agus FTTH a chur i bhfeidhm go treallúsach. Rinneadh iniúchadh dian ar chostais agus ar mhaoiniú tionscnaimh nua, agus tá sé beartaithe go bhfoilseofar an obair sa chéad leath de 2011.

## Forbairt na Fiontraíochta agus na Trádála

### Tionchar Luaineachtaí Airgeadra ar an bhFiontraíocht agus ar an Trádáil in Éirinn

D'fhéadfadh éagsúlachtaí i luach seachtrach an euro tionchar a imirt ar an gcaoi a n-oibríonn iomaíochas agus d'fhéadfaidís cuidiú le heaspórtálaithe na hÉireann nó bac a chur leo chomh maith le cur isteach ar tharraingt na hÉireann mar áit chun infheistíocht a dhéanamh i gcomparáid le tíortha eile. Bunaithe ar obair atá déanta cheana sa réimse seo, leathnaigh Forfás an anailís sa bhliain 2010 le go mbeadh dollar SAM chomh maith le steirling, agus iniúchadh gairid ar rátaí malairte lenár bpríomh-chomhpháirithe trádála san áireamh. Cuireadh in iúl arís san anailís nach mór d'fhiontair ceisteanna airgeadra a chur san áireamh ina gcuid straitéisí trí achoimre a dhéanamh ar bhealaí le tionchar na luaineachtaí malairte airgeadra ar lucht trádála na hÉireann a íoslaghdú, lena n-áirítear éagsúlú i margaí eile, go háirithe i margaí limistéar an euro.

### Ag Tacú le hIdirbheartaíocht Trádála

Leanann Forfás de thacaíocht a thabhairt don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus ag idirbheartaíochtaí déthaobhacha trádála. Sa bhliain 2010, chuir Forfás anailís ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag comhaontú trádála de chuid an AE leis an mbloc trádála, Mercosur, ina bhfuil an Bhrasaíl, an Airgintín, an Uragua agus Paragua. Tá tábhacht ag baint leis na hidirbheartaíochtaí seo d'Éirinn mar gheall go bhfuil geilleagar beag oscailte againn atá ag brath go mór ar thrádáil agus ar infheistíocht idirnáisiúnta le fás agus i gcomhair jabanna. Cuireann an anailís sonraí ar fáil don rialtas chun cuidiú le measúnú a dhéanamh ar na

hearnálacha ar chóir d'Éirinn díriú orthu le linn di seasamh idirbheartaíochta a fhorbairt ar leibhéal an AE.

### Anailís agus Sonraí Trádála

Le linn 2010, chuir Forfás anailís agus sonraí trádála ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar a chaidrimh thrádála agus infheistíochta le roinnt comhpháirtithe agus i roinnt earnálacha. Chuir Forfás an leabhrán *Enterprise Statistics at a Glance 2000* le chéile freisin, leabhrán ina dtugtar le chéile sonraí ó fhoinsí éagsúla i bhformáid amháin inrochtana. Déantar achoimre sa leabhrán ar earnáil fiontraíochta na hÉireann i dtéarmaí fáis, struchtúr na hearnála, fostaíochta, infheistíochta, trádála agus éagsúlachtaí eile.

### Tionchar na Treorach um Sheirbhísí a Mheas

D'ullmhaigh Forfás nuashonrú ar thionchar na Treorach um Sheirbhísí faoi gheilleagar na hÉireann atá ar na bacáin, mar chuid d'ullmhúchán an mheasúnaithe ar thionchar rialála. D'fhéadfadh go mbeadh an *Treoir maidir le Seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach* ar na moltaí is tábhachtaí agus is cuimsithí maidir le hathchóiriú eacnamaíochta san Eoraip le blianta beaga anuas. Athnuachan ba ea tuarascáil Forfás ar thuarascáil a bhí ann roimpi chun na sonraí is déanaí seirbhísí, trádála, fostaíochta agus cuntais náisiúnta a chur san áireamh. Ionas gur féidir le hÉirinn leas a bhaint as na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar léirscaoileadh sa mhargadh seirbhísí san Aontas Eorpach, ní mór dúinn a bheith iomaíoch i gcónaí, teangacha ón iasacht agus scileanna idirchultúrtha a fhoghlaim, chomh maith leis na héilimh ar na scileanna is gá i ngeilleagar seirbhísí a chomhlíonadh. Ní féidir áibhéil a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le seirbhísí i ngeilleagair fhorbartha nua-aimseartha. Is ionann seirbhísí anois agus tromlach na gníomhaíochta geilleagraí, san ECFE agus in Éirinn araon.

### Rannpháirtíocht sa Choiste Comhairleach Custaim

Lean Forfás dá rannpháirtíocht sa Choiste Comhairleach Custaim (CCC) le linn 2010. Is éard atá sa CCC ná ionadaithe ó eagraíochtaí trádála a bhfuil baint acu le gnó an allmhairithe/onnmhairithe agus leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus pléann sé le ceisteanna praiticiúla éascaithe trádála agus le hidirghníomhaíocht gnólachtaí leis an tseirbhís chustaim, lena n-áirítear riachtanais sonraí agus riachtanais tuairiscithe.

# An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Cuireann Forfás tacaíocht anailíseach agus taighde ar fáil don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais. Bhunaigh an Rialtas an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais sa bhliain 1997 agus i measc a ball tá daoine a bhfuil an saineolas cuí acu ar iomaíochas, ionadaithe do cholúin chomhpháirtíochta sóisialta na gceardchumann agus na bhfostóirí, Príomhfheidhmeannach Forfás agus ionadaí don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tugann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais tuairisc don Taoiseach maidir le príomhcheisteanna iomaíochais atá mar dhúshlán do gheilleagar na hÉireann agus molann sí gníomhartha beartais a theastaíonn chun iomaíochas na hÉireann a fheabhsú. D'fhoilsigh an Chomhairle roinnt tuarascálacha ar iomaíochas sa bhliain 2010:

- *Benchmarking Ireland's Performance 2010* (Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil 2010)
- *Ireland's Competitiveness Challenge 2010* (Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2010)
- *The Costs of Doing Business in Ireland* (Na Costais a Bhaineann le Dul i mbun Gnó in Éirinn)
- *Pre-Budget Submission* (Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise)

## Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil 2010

Is é atá in *Annual Competitiveness Report, Volume 1: Benchmarking Ireland's Performance* (Tuarascáil Bhliantúil Iomaíochais, Imleabhar 1: Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil), ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, a foilsíodh i mí Iúil 2010, ná bailiúchán de 135 táscaire staitistiúil trína meastar feidhmíocht iomaíochais na hÉireann i gcomparáid le 18 ngeilleagar eile agus meán an ECFE nó limistéar an euro. Maidir leis na táscairí a ndearnadh tagarmharcáil orthu, bhí idir thomhais ar a bhfuil bainte amach tríd an iomaíochas san aimsir a chuaigh thart, amhail fás geilleagrach agus caighdeán maireachtála, agus na hinchuir bheartais a spreagfaidh iomaíochas sa todhchaí, amhail an córas oideachais agus seachadadh bonneagair. Ag tarraingt go príomha ar shonraí ó fhoinsí idirnáisiúnta ar nós an ECFE, Eurostat, na Náisiún Aontaithe, srl, déantar tagarmharcáil sa tuarascáil seo ar fheidhmíocht na hÉireann, agus í á cur i gcomparáid agus á rangú lenár bpiarghrúpa geilleagrach agus a teacht chun cinn á leanúint le himeacht ama.

Is léir ó thuarascáil na bliana 2010 go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn chun ár n-iomaíochas a fheabhsú sna 18 mí a chuaigh thart. Tá costais laghdaithe, tá feabhas tagtha ar an bhfáil ar scileanna agus níl an oiread céanna brú ar bhonneagar. Ina ainneoin sin, aithníodh roinnt laigí suntasacha sa tuarascáil ar tugadh fúthu ina dhiaidh sin in Imleabhar 2 den tuarascáil, *Ireland's Competitive Challenge* (Dúshlán Iomaíochais na hÉireann).

## Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2010

Díríonn *Ireland's Competitiveness Challenge* (Dúshlán Iomaíochais na hÉireann) a foilsíodh i mí na Samhna 2010, ar cheisteanna iomaíochais náisiúnta atá tábhachtach don earnáil

fiontraíochta agus aithnítear sraith moltaí beartais atá ag teastáil le tabhairt faoi na ceisteanna seo. Díríodh i dtuarascáil na bliana 2010 ar Éirinn a athbhunú mar shuíomh iomaíoch le dul i mbun gnó ionas go bhféadfaí tacú le fás inmharthanach geilleagrach agus cruthú post a spreagadh. In *Ireland's Competitiveness Challenge* (Dúshlán Iomaíochais na hÉireann) déantar forbairt ar na sonraí a foilsíodh in *Benchmarking Ireland's Performance* (Feidhmíocht na hÉireann a Thagarmharcáil).

Mar gheall ar an réimse leathan ceisteanna ar chóir tabhairt fúthu chun tacú le fás inbhuanaithe san fhadtéarma, tá béim leagtha ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais ar na príomh-mholtaí a bhfuil aird tosaíochta agus gníomhaíocht ag teastáil uathu, dar léi.

1. **Ní mór dúinn na struchtúir, na próisis agus an acmhainn a chur i bhfeidhm chun tacú le hiomaíochas inbhuanaithe:** Ciallaíonn sé seo nach mór dúinn díriú ar tháirgiúlacht a mhéadú, chun cobhsaíocht fhioscach a chinntiú, agus cur chuige sainiúil don earnáil maidir le forbairt beartais a ghlacadh nuair is cuí. Áirítear ar na moltaí faoi leith ar leag an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais béim orthu:

    - **Fás táirgiúlachta a chur chun cinn agus a sheachadadh ar fud an gheilleagair:** Is ionann táirgiúlacht níos airde agus an ghné daingnithe a chothaíonn ardchaighdeáin mhaireachtála agus iomaíochas. Níl aon chuid den Rialtas, áfach, freagrach as beartais a chur chun cinn a dhreasaíonn fás táirgiúlachta. Chun na feabhsuithe riachtanacha a sheachadadh, tá sé riachtanach go mbíonn roinn amháin freagrach ar an iomlán as tosaíocht a dhéanamh de bhearta beartais a bhaineann le táirgiúlacht, as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus as cur i bhfeidhm a stiúradh. Ba chóir feabhsú na táirgiúlachta i ngach earnáil den gheilleagar a bheith i gcroílár cinntí cáinaisnéise agus beartais as seo amach.

    - **Tabhairt faoi riachtanais faoi leith na n-earnálacha:** Sna blianta deireanacha seo, tháinig athrú mór ar chomhdhéanamh onnmhairí na hÉireann. Tá imní ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais go bhfuil ár struchtúir institiúide agus ár meon maidir le deiseanna onnmhairithe sáite san aimsir a chuaigh thart. Ní mór dúinn a chinntiú go léiríonn struchtúir an Rialtais na hathruithe inár ngeilleagar agus gur féidir leo na tacaí riachtanacha a sholáthar d'earnálacha a bhféadfadh ardfhás a bheith orthu; agus

    - **Cobhsaíocht fhioscach a chur chun cinn:** Tá gá le pleanáil fhioscach agus meicníochtaí rialaithe níos fearr. Mhol an Chomhairle go mbunófaí comhairle fhioscach neamhspleách. Tá na leasuithe atá molta ar an bpróiseas cáinaisnéise agus an tagairt do Chomhairle Chomhairleach Cáinaisnéise a bhunú sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta riachtanach sa chás seo.




An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais

Ag cruinniú den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais le déanaí (ó dheas go clé): Harry Lorton, Cathaoirleach, H&A Marketing +PR; Donal Byrne, Cathaoirleach, Cadbury Schweppes Ireland; Adrian Devitt, Forfás; An Dr Don Thornhill, Cathaoirleach, An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais; Conor Hand, Forfás; agus Micael Delaney, Leas-Uachtarán um Fhorbairt, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

2. **Cé go bhféadfadh go mbeadh sé deacair gan díriú ar na saincheisteanna is práinne atá romhainn, ní mór dúinn pleananna a dhéanamh don todhchaí:** Molann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais go dtabharfar tús áite do na gníomhartha seo a leanas chun tacú le fás agus rathúnas inbhuanaithe go fadtéarmach:

    - **Cáinchóras inbhuanaithe a áirithiú:** Creideann an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais nach mór an bonn cánach a leathnú chun an t-airgeadas poiblí a chur ina cheart, trí cháin réadmhaoine bunaithe ar luach na réadmhaoine a thabhairt isteach, chomh maith le táillí úsáideora i dtaobh uisce chóireáilte agus táillí maidir le hoideachas 3ú leibhéal a thabhairt isteach. Gan bearta chun an bonn cánach a leathnú, ní bheidh aon dul as ach arduithe breise a dhéanamh ar chánacha ioncaim, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don iomaíochas. Dá ngearrfaí cánacha níos airde ar ioncam, bheadh drogall ar dhaoine fanacht sa mhargadh saothair nó filleadh air. Is buntáiste tábhachtach chomh maith í ding chánach iomaíoch chun oibrithe a bhfuil ardscileanna acu a thaistealaíonn go hidirnáisiúnta go héasca a mhealladh agus a choinneáil anseo.

    - **Fiontraíocht dhúchasach a chur chun cinn:** Ní bheidh Éire in ann fás inbhuanaithe a bhfuil bonn leathan faoi a chruthú ach amháin trí líon na gcomhlachtaí dúchasacha a thrádálann go hidirnáisiúnta agus déine onnmhairí (onnmhairí mar chuid de dhíolacháin) na gcomhlachtaí sin a mhéadú. Ní mór dúinn tús áite a thabhairt do ghníomhartha a fheabhsaíonn cúrsaí onnmhairithe sna gnólachtaí dúchasacha. Áirítear orthu siúd gníomhartha a chinntíonn gur féidir le gnólachtaí inmharthana creidmheas a fháil, gníomhartha a dhéanann nascálacha níos láidre idir gnólachtaí intíre agus gnólachtaí onnmhairithe agus gníomhartha a chuireann le héagsúlú le dul isteach i margaí ardfháis atá ag teacht chun cinn; agus

- **Iomaíocht in earnálacha trádála áitiúla a fheabhsú:** Tá imní ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais nach bhfuil fonn in Éirinn tabhairt faoi chostais arda in earnálacha cosanta. Tá gá le cur chuige córasach chun a chinntiú go bhfuil feidhm ag dlí na hiomaíochta i ngach earnáil den gheilleagar. Maidir leis seo, is suntasach an bhéim a leagtar ar bheartas iomaíochta sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta.

3. **Ní mór dúinn díriú i gcónaí ar thosca iomaíochais riachtanacha amhail scileanna agus oideachas, soláthar bonneagair agus nuálaíocht:** Cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn maidir lenár mbonneagar fisiceach, oideachasúil agus taighde le blianta beaga anuas, tá gá le tuilleadh gníomhartha. Is iad seo a leanas cuid de na príomhthosaíochtaí atá aitheanta ag an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais:

    - **Cultúr a chruthú ina ndéanaimid iarracht barr feabhais a bhaint amach i ngach a dtugaimid faoi:** Ní mór dúinn barr feabhais a bhaint amach in earnálacha lárnacha amhail ceapadh beartais, oideachas, soláthar bonneagair, taighde agus forbairt, earnálacha a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh iomaíochais idirnáisiúnta de, má táimid chun an caighdeán maireachtála a fheabhsú. Tá an cumas san earnáil phoiblí, agus í bainistithe go maith, a bheith ar thús cadhnaíochta i bpróiseas coigeartaithe an gheilleagair agus í ag dul i dtreo leibhéil níos airde d'fhás táirgiúlachta agus nuálaíochta;

    - **Tús áite a thabhairt do thionscadail bonneagair a mbeidh an toradh is fearr ag baint leo, agus na tionscadail sin a sholáthar:** Ós rud é go bhfuil gá leis an toradh is fearr a bhaint amach le méid acmhainní níos teoranta, tá tuilleadh oibre ag teastáil chun tús áite a thabhairt do thionscadail a chuireann iomaíochas chun cinn. Agus clár caipitil poiblí níos teoranta ann, déanfaidh cur chuige níos comhtháite i leith bonneagar a phleanáil agus a sholáthar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus iomaíochas níos fearr a chur chun cinn; agus

    - **Caighdeán an oideachais a chinntiú:** Na tosaíochtaí ar mhaithe le feidhmiú chóras oideachais agus oiliúna na hÉireann a fheabhsú tuilleadh, ar a leagtar béim in *Statement on Education and Training* (Ráiteas ar Oideachas agus Oiliúint), a d'eisigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais in 2009, tá sé fíorthábhachtach iad a chur chun cinn láithreach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, go háirithe, an gá le dóthain acmhainní a chur ar fáil le go mbeidh institiúidí ardoideachais na hÉireann in ann an t-oideachas is fearr is féidir a chur ar fáil do mhic léinn. Tá sé riachtanach freisin go mbaintear an luach ar airgead is fearr as na hacmhainní atá ar fáil agus go bhfuil próiseas athchóirithe leanúnach ann ar leibhéal institiúide chun táirgiúlacht a fheabhsú.

Tá go leor de na príomhphointí ó thuarascáil Dhúshlán an Iomaíochais le fáil sa Phlean Téarnaimh Náisiúnta agus i gclár an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

## Na Costais a Bhaineann le Dul i mBun Gnó in Éirinn

Déantar anailís in *The Cost of Doing Business in Ireland 2010* (Na Costais a Bhaineann le Dul i mBun Gnó in Éirinn 2010), a foilsíodh i mí Iúil, ar an gcaoi a bhfuilimid ag feidhmiú ó thaobh iomaíochas costais de thar cheithre ionchur gnó thábhachtacha - saothar, maoin, fóntais (m.sh. fuinneamh, uisce, dramhaíl, teileachumarsáid, srl.) agus seirbhísí gnó (m.sh. seirbhísí cuntasaíochta agus dlí). Breathnaítear ann freisin ar chostais ar bhonn níos leithne, na costais a mbíonn tionchar acu go hindíreach ar an gcostas a bhaineann le dul i mbun gnó anseo.

Cé go bhfuil praghsanna ag maolú, tá obair fós le déanamh má táimid chun ár n-iomaíochas costais a athghabháil, dar leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais. Is iad na príomhthorthaí ná:

- Tharla caillteanas suntasach ó thaobh iomaíochas costais de in Éirinn le deich mbliana anuas de réir an fhíorthásscaire chomhchuibhithe iomaíochais. Ba iad luachmhéadú an euro in aghaidh airgeadraí cuid mhaith dár gcomhpháirtithe trádála agus boilsciú níos airde praghsanna in Éirinn ba chúis leis an gcaillteanas seo. Tá roinnt den iomaíochas costais seo a cailleadh athghafa ag Éirinn ó Eanáir 2008, áfach, ós rud é go bhfuil boilsciú intíre fós níos ísle ná boilsciú cuid mhaith dár bpríomh-chomhpháirtithe trádála agus ó tharla go bhfuil an euro níos laige ná mar a bhí.
- Cé go bhfuil maolú tagtha ar phraghsanna in Éirinn le bliain anuas, tá costas sách ard fós ag baint le raon d'ionchuir lárnacha ghnó in Éirinn, lena n-áirítear maoin, leathanbhanda agus táillí dlí. Ní mór go dtitfeadh na costais a bhaineann le dul i mbun gnó in Éirinn i gcomparáid lenár gcomhpháirtithe trádála chun ár n-iomaíochas costais i gcomparáid leo a fheabhsú. Mar sin, ní hionann praghsanna a bheith ag titim in Éirinn agus feabhsuithe ó thaobh iomaíochas costais de.
- Cé go bhfuil laghdú suntasach tar éis teacht ar na costais a bhaineann le cuid mhaith earraí agus seirbhísí in Éirinn le dhá bhliain anuas, tá eisceachtaí suntasacha fós ann - go háirithe sna hearnálacha sin den gheilleagar a thrádálann go háitiúil (e.g. seirbhísí fuíolluisce, seirbhísí dlí, srl).
- Ní mór machnamh a dhéanamh ar na cúiseanna go bhfuil praghsanna ag titim freisin. Mar shampla, tá caolú suntasach tar éis teacht ar an mbearna idir praghas an leictreachais tionscail do mhórúsáideoirí fuinnimh in Éirinn agus i limistéar an euro ó 37 faoin gcéad sa dara leath den bhliain 2008 go 5 faoin gcéad sa dara leath den bhliain 2009. Ach, D'fhéadfadh nach mbeidh an titim i bpraghsanna inbhuanaithe mar is cosúil gur tharla sí de bharr an laghdaithe ar phraghsanna breoslaí iontaise go hidirnáisiúnta agus is cosúil gur laghdú sealadach ar phraghsanna leictreachais do mhórúsáideoirí fuinnimh atá ann. Cé go bhfuil an-fháilte roimh na feabhsuithe seo maidir le hiomaíochas costais, tá dul chun cinn leanúnach ar athruithe struchtúracha níos fadtéarmaí fíorthábhachtach má tá feabhsuithe maidir le hiomaíochas costais le chinntiú amach anseo.
- Tá drochthionchar fós á n-imirt ag na costais a ghabhann le réimse seirbhísí poiblí agus seirbhísí riartha ar iomaíochas costais na hÉireann. Tháinig méadú mear leanúnach ar chostais na seirbhísí sláinte agus oideachais, ag leathnú an bhearna tuilleadh idir na seirbhísí seo agus na hearraí agus seirbhísí eile atá le fáil san innéacs praghsanna do thomhaltóirí. Tá costais iompair, amhail iompar poiblí uirbeach agus tacsaithe, sách costasach in Éirinn i gcomparáid lenár bpríomh-chomhpháirtithe trádála.

Tá tionchar suntasach ag rátaí malairte ar na costais choibhneasta a bhaineann le dul i mbun gnó in Éirinn. Ós rud go n-athraíonn rátaí malairte gan choinne agus nach bhfuil smacht againn orthu, tá sé fíorthábhachtach go ndírímid ar na tosca costais ar a n-imríonn beartas rialtais tionchar, go pointe áirithe ar a laghad. Tá an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais ag leagadh béime fós ar an ngá le hathruithe struchtúracha, cosúil le méadú ar iomaíocht sna hearnálacha neamhthrádála, le cinntiú nach dtiocfaidh méadú ar phraghsanna in Éirinn, rud a dhéanfadh iomaíochas a laghdú nuair a bheidh fás ag teacht ar an ngeilleagar arís. Leanfaidh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais ar aghaidh ag obair le páirtithe leasmhara le dul chun chinn a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí beartais atá ag teastáil chun iomaíochas

costais na hÉireann a fheabhsú, go háirithe sna hearnálacha trádála áitiúla amhail fóntais agus seirbhísí gairmiúla.

## An Aighneacht Réamh-Cháinaisnéise

D'ullmhaigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais aighneacht ghearr don Aire agus don Roinn Airgeadais maidir le Cáinaisnéis 2011. Rinneadh na gníomhartha fioscacha a shonraigh an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais chun iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú a roinnt faoi cheithre cheannteideal.

- Tacú le hiomaíochas fiontar
    - Ding iomaíoch i dtaobh cáin saothair a chothabháil d'fhonn rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh;
    - Daoine a choinneáil gar don mhargadh saothair trí chinntiú nach lagaíonn cóimheasa athsholáthair dreasachtaí maidir le filleadh ar an obair;
    - Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn creidmheasanna cánach maidir le taighde agus forbairt chun na gníomhaíochtaí taighde agus forbartha atá ar bun anseo a mhéadú gan na dreasachtaí atá ar fáil a athrú; agus
    - An t-iomaíochas sna hearnálacha intíre a fheabhsú trí chinnteacht bhuiséadach agus seachadadh an chláir chaipitil phoiblí a áirithiú.
- Ioncam a bhailiú
    - An bonn cánach a leathnú trí cháin mhaoine bunaithe ar luach a thabhairt isteach ar áiteanna cónaithe; agus
    - Táillí úsáideora a thabhairt isteach a fhreagraíonn do chostais na seirbhísí a chuirtear ar fáil (uisce cóireáilte, oideachas tríú leibhéal).
- Caiteachas a athchumrú chun buntaca a chur faoi fhás geilleagrach
    - Caiteachas cánach nach dtugann tacaíocht don earnáil tháirgiúil, amhail dreasachtaí bunaithe ar mhaoin a dhíchur;
    - Táillí údarás áitiúil a athbhreithniú; agus,
    - Ríomhíocaíochtaí a chur chun cinn.
- Beartas fioscach agus soláthar an bheartais sin a fheabhsú
    - Creat na pleanála fioscaí a fheabhsú.

Tá réimse de na moltaí seo le fáil i gCáinaisnéis 2011, lena n-áirítear an gá leis an gcóras cánach a leathnú, an gá le caiteachas cánach nach dtacaíonn le gníomhaíocht tháirgiúil a dhíchur, aitheantas ar an ngá le córas cánach iomaíoch a choinneáil agus ar an ngá leis an gcreat pleanála fioscaí a fhorbairt.

# Daoine

## Scileanna fiontraíochta de scoth an domhain a sholáthar agus breisoiliúint a chur ar an lucht saothair

Tá sé fíorthábhachtach ó thaobh iomaíochas na hÉireann de go gcinnteofar go bhfuil fáil ar na scileanna atá ag teastáil ó fhiontair. Tugann Forfás comhairle don Rialtas ar oideachas, scileanna agus ar bheartas an mhargaidh saothair.

Déanaimid réamh-mheasúnú ar na riachtanais scileanna a bheidh ag teastáil i gcúrsaí fiontraíochta ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal earnála agus déanaimid moltaí maidir le conas dul i ngleic go héifeachtach leis na riachtanais a aithnítear.

Leagaimid béim ar easpa scileanna in earnálacha straitéiseacha lárnacha agus ar scileanna eile a bhfuil fíorthábhacht ag baint leo i dtaca le hiomaíochas na hÉireann amhail oilteacht mhatamaitice, eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht.

Déanaimid monatóireacht ar an dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna agus cuirimid anailís ar fáil maidir le hoideachais agus le hoiliúint a chur in oiriúint do riachtanais lucht fiontraíochta, ina measc, príomhthosaíochtaí oiliúna agus an chaoi is éifeachtúla ó thaobh costais de le freagairt dóibh.

Tugaimid comhairle don Rialtas maidir le treochtaí sa mhargadh saothair, breisoiliúint, beartais maidir le gníomhachtú agus socrúchán oibre, lena n-áirítear comhairle a thabhairt maidir le haon riachtanais scileanna nach féidir a aimsiú go hinmheánach in Éirinn ag aon phointe ar leith, agus ar ghá na scileanna sin a aimsiú trí imirce isteach dá bharr.

Tugaimid comhairle freisin maidir le forbairtí atá ar fáil in oiliúint i dtíortha eile, agus maidir le forbairtí a thacaíonn le barr feabhais a bhaint amach i dtaobh sheachadadh an chaighdeáin oiliúna sna tíortha sin agus maidir le conas is féidir na forbairtí sin a ionchorprú i soláthar oiliúna in Éirinn.

Cuirimid moltaí ar fáil don Rialtas freisin chun comhoibriú idir lucht tionscail agus acadúil a fheabhsú maidir le dul i ngleic leis na ganntanais scileanna i bhfiontair.

Soláthraímid taighde agus anailís don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus forbraímid moltaí beartais thar ceann an Ghrúpa.

Dhírigh Forfás ar bhearta láithreacha, gearrthéarmacha chomh maith le tionscadail níos fadtéarmaí i rith 2010, chun a chinntiú go gcuirimid daoine ar ais ag obair, go gcuirimid breisoiliúint ar an lucht saothair agus go ndéanaimid scileanna den scoth a sheachadadh le freastal ar riachtanais fiontraíochta na hÉireann.

## An Rialtas a Chur ar an Eolas maidir le Gníomhachtú Saothair

D'fhoilsigh Forfás páipéar i Márta 2010, *Profile of Employment and Unemployment* (Próifíl Fostaíochta agus Dífhostaíochta), inar leagadh béim ar na háiteanna sin ina bhfuil an dífhostaíocht is mó agus inar cuireadh faisnéis ar fáil don Rialtas maidir le bearta gníomhachtaithe i leith an mhargaidh saothair a cheapadh agus a dhíriú ar spriocanna éagsúla.  Bhí an méid seo a leanas sa pháipéar:

- Tráchtaireacht maidir leis na staitisticí atá ar fáil faoin margadh saothair agus ceisteanna a bhaineann le dífhostaíocht a shainmhíniú.
- Forléargas ar threochtaí sa mhargadh saothair i gcoitinne lena n-áirítear athruithe san fhostaíocht, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, gnóthachtáil oideachais agus fostaíocht de réir earnála, gairm bheatha agus náisiúntacht.
- Próifíl ar an dífhostaíocht reatha de réir tréithe mar shampla aois, gnóthachtáil oideachais, inscne agus náisiúntacht.
- Ionchais fostaíochta - sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma lena n-áirítear an t-éileamh ar scileanna.
- Treoirphrionsabail ar cheart a bheith mar bhonn faoi bheartais chun aghaidh a thabhairt ar an mborradh atá ag teacht ar dífhostaíocht.

Chabhraigh an páipéar seo le bonn eolais a thabhairt don Rialtas maidir le díriú ar ghrúpaí áirithe sa mhargadh saothair agus bearta gníomhachtaithe á bhforbairt.  Ina measc seo tá daoine faoi bhun 35 bliain d'aois; daoine ar bheagán oiliúna; céimithe óga; agus na daoine sin a chaill a jabanna sna hearnálacha is mó atá buailte ag dífhostaíocht (is iad sin, tógáil, déantúsaíocht thraidisiúnta agus miondíol).  Ní hamháin gur chuir Forfás an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar an eolas go rialta faoi na gnéithe sin a bhfuil tionchar acu ar an margadh saothair, ach chuir an eagraíocht raon ionchur agus comhairle theicniúil éagsúil ar fáil freisin i gcaitheamh 2010, mar nuashonruithe maidir le hathruithe i gcúrsaí tuillimh agus costas saothair. Lena chois sin thug Forfás comhairle faoi bhearta fostaíochta a fhorbairt agus faoi thionscnaimh chun an margadh saothair a ghníomhachtú.



Forfás ag déanamh cur i láthair ar Riachtanais Scileanna na hÉireann sa Todhchaí ag Comhdháil Bhliantúil 2010 Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus Institiúid na dTreoirchomhairleoirí

Sa phictiúr ó chlé: Marian Byron, stiúrthóir Ghrúpa Seirbhísí agus Táirgí Tionscail Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Marie Bourke, Bainisteoir na rannóige um Beartas Oideachais, Scileanna agus an Margadh Saothair, Forfás; agus Eilis Coakley, Uachtarán Institiúid na dTreoirchomhairleoirí.

## Treoirlínte Forfás ar Chiste do Ghníomhachtú an Mhargaidh Saothair 2010

Cuireadh tús in 2010 le ciste nua €20 milliún do Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair chun bearta oiliúna agus gníomhachtaithe a chur ar fáil do lucht cuardaigh fostaíochta. I mí an Mhárta eisíodh glaoch ar thograí chuig soláthraithe poiblí, príobháideacha agus pobail agus chuig soláthraithe san earnáil dheonach. Ceapadh an ciste seo go sonrach chun cabhrú le cruthú áiteanna oiliúna agus oideachais i gcomhair grúpaí tosaíochta ar leith i measc daoine dífhostaithe, is iad sin daoine ar bheagán scileanna, agus iad siúd a bhí fostaithe roimhe seo in earnálacha atá ag dul i léig amhail tógáil, miondíol agus déantúsaíocht - leagtar béim faoi leith ar dhaoine faoi bhun 35 bliain d'aois agus daoine atá dífhostaithe le fada.

Agus an Glaoch ar Thograí á thabhairt, d'aithin Forfás réimsí riachtanais a bhain le hearnálacha faoi leith, a bhí bunaithe ar na riachtanais scileanna a d'aithin an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Lena chois sin d'aithin sé roinnt treoirphrionsabal le haghaidh soláthraithe oideachais agus oiliúna a mbeadh freagra á thabhairt acu ar an Iarratas ar Thairiscintí. Rinneadh cur síos ar roinnt meadarachtaí feidhmíochta lena n-áirítear dul ar aghaidh chun a bheith fostaithe nó féinfhostaithe, dul ar aghaidh chuig oiliúint nó oideachas agus cáilíochtaí arna mbronnadh. Leagadh é sin amach le cinntiú go bhféadfaí athbhreithniú

a dhéanamh ar thorthaí an chaiteachais seo agus bunsraith a sholáthar i gcomhair tionscnamh eile amach anseo. Fógraíodh i mí Lúnasa go mbeadh €12 mhilliún de mhaoiniú breise á chur ar fáil. Úsáideadh an ciste le tacaíocht a sholáthar do bheagnach 60 tionscadal san iomlán chun scileanna a fheabhsú agus ghlac beagnach 12,000 duine páirt iontu.

## An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais

I mí Feabhra 2009 chuir an tAire Oideachais agus Eolaíochta tús le próiseas chun go gceapfadh Grúpa Ardleibhéil faoi Chathaoirleacht an Dr Colin Hunt Straitéis Náisiúnta Ardoideachais nua in Éirinn.

Chuir Forfás mar aon leis an Údarás um Ard-Oideachas agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tacaíocht taighde ar fáil do Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise i rith 2009 agus i 2010. Rinne an Grúpa forbairt ar fhís agus ar shraith ghaolmhar de chuspóirí beartais náisiúnta d'ardoideachas na hÉireann don 20 bliain amach romhainn, le spriocanna níos dírithe don earnáil do na chéad chúig bliana eile.

Mhol Forfás na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas don ardoideachas ina aighneacht don Ghrúpa Straitéise um Ardoideachas:

- Ollchóras ardoideachais ar ardchaighdeán a chomhlíonann riachtanais an duine aonair;
- Córas ardoideachais a chuireann le forbairt shochaíoch agus chultúrtha, faoina mbíonn Éire ina háit mhealltach le cónaí agus le bheith ag obair; agus
- Córas ardoideachais a thacaíonn le forbairt na fiontraíochta agus an gheilleagair trí dhaoine aonair a bhfuil scileanna ábhartha acu agus trí thaighde ábhartha ar ardchaighdeán a chur ar fáil.

Seoladh an straitéis i mí Eanáir 2011 agus é d'aidhm aici athrú ó bhun a dhéanamh ar earnáil ardoideachais na hÉireann san fhiche bliain atá romhainn. Tá athruithe don earnáil leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go dtí 2030, athruithe a bhfuil sé d'aidhm acu iad seo a leanas a chur ar fáil:

- córas níos solúbtha, a mbeidh roghanna níos leithne ag baint leis ó thaobh soláthair agus modhanna foghlama i gcomhair cohórt mac léinn atá ag éirí níos ilghnéithí i gcónaí;
- eispéireas níos fearr a bheith ag na mic léinn, caighdeán múinteoireachta agus foghlama a bheith níos airde, agus torthaí na foghlama a bheith níos ábhartha; agus
- a chinntiú go mbeidh nasc níos éifeachtaí ag an ardoideachas le riachtanais shóisialta, eacnamaíocha agus fiontraíochta sa tsochaí i gcoitinne, agus é sin a dhéanamh trína fhoireann, trí ardchaighdeán a chéimithe, trí ábharthacht a chlár, trí ardchaighdeán an taighde agus trína chumas poist ardluacha a chruthú a rachaidh chun fíorthairbhe na sochaí.

Moltar roinnt athruithe struchtúracha suntasacha sa straitéis a bhfuil sé d'aidhm acu tacú leis na cuspóirí sin, lena n-áirítear:

- líon níos lú institiúidí ardoideachais a bheith ann ach iad a bheith níos treise, dóthain mic léinn a bheith iontu agus iad á rialú de réir dea-chleachtais idirnáisiúnta;
- foráil a dhéanamh chun Ollscoileanna Teicneolaíochta a bhunú;
- an tÚdarás um Ard-Oideachas a athstruchtúrú agus a neartú;

- soláthar a dhéanamh do chóras inbhuanaithe cistiúcháin a chabhródh chun tuilleadh fáis agus forbartha a dhéanamh;
- athrú a dhéanamh ar an gcóras cistiúcháin a úsáidtear chun acmhainní a leithdháileadh ar institiúidí éagsúla agus laistigh díobh le cinntiú go dtabharfar tacaíocht chothrom do gach mac léinn, cibé acu lánaimseartha nó páirtaimseartha, ar an gcampas nó lasmuigh de;
- a chinntiú go mbeidh cistiú poiblí curtha in oiriúint do thosaíochtaí agus do riachtanais náisiúnta;
- a chinntiú go mbeidh an córas dírithe níos mó ar fheidhmíocht agus go léireofar sonraí ar bhealach a bheidh i bhfad níos trédhearcaí;
- é a bheith den riachtanas go mbeadh idirghníomhú níos mó idir ár n-earnálacha ardoideachais agus fiontraíochta; agus
- a chinntiú go ndéanfar measúnú ar thionchar agus ar thorthaí níos leithne na hearnála ardoideachais, agus go dtabharfaidh na hinstitiúidí éagsúla cuntas i bhfad níos fearr ar a bhfeidhmíocht i gcomparáid le conarthaí feidhmíochta comhaontaithe.

## Comhairle maidir leis an mBeartas Imirce Eacnamaíochta

Cuireann Forfás comhairle leanúnach ar fáil don Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta faoi bheartas imirce eacnamaíochta. Bhí an chomhairle a tugadh in 2010 dírithe go príomha ar threochtaí agus ar ghanntanas scileanna sa mhargadh saothair a aithint i gcás daoine a bhfuil taithí acu i ngairmeacha áirithe, agus é sin bunaithe ar an anailís a rinne an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí sa *National Skills Bulletin* (Feasachán Scileanna Náisiúnta). Bhain an Roinn leas as an cion seo ina dhiaidh sin chun cinneadh a dhéanamh faoi chatagóirí na ngairmeacha beatha a bheadh incháilithe le haghaidh Cártaí Glasa agus Ceadanna Oibre.

Chomh maith leis an eolas ba dhéanaí a sholáthar faoin margadh saothair, lean Forfás orthu ag cur eolais ar fáil nuair ba ghá é faoi roinnt saincheisteanna a bhain le himirce eacnamaíochta, lena n-áirítear ceisteanna faoi chead a bheith ag Ballstáit nua an AE an margadh saothair a rochtain.

# An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

Tugann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí comhairle don Rialtas maidir le riachtanais an gheilleagair ó thaobh scileanna de, idir riachtanais reatha agus riachtanais amach anseo, agus maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an margadh saothair a bhfuil tionchar acu ar fhás ar fhiontraíocht agus ar fhostaíocht in Éirinn. Tá ról lárnach ag an Sainghrúpa le déanamh cinnte go mbítear ag súil le riachtanais an mhargaidh saothair ó thaobh oibrithe oilte, agus go gcomhlíontar na riachtanais seo. Ionadaithe lucht gnó, fostaithe, lucht oideachais, ranna rialtais agus gníomhaireachtaí stáit atá sa bhaill den Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Cuireann Forfás, i gcomhar leis an Aonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair in FÁS, taighde agus anailís ar fáil mar thacaíocht don Sainghrúpa.

Cuireann an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí comhairle ar fáil don Rialtas maidir le saincheisteanna scileanna a bhfuil tionchar acu ar an bhfiontraíocht trí chomhairle a sholáthar faoi:

- Riachtanais scileanna ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na n-earnálacha éagsúla
- Tosaíochtaí maidir le riachtanais oiliúna
- Riachtanais scileanna nach mór a shásamh trí imirce isteach sa tír
- Oiriúnú a dhéanamh ar ábhar agus ar mhodh seachadta na gclár
- Tionchar a imirt ar fhorfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air

Lean an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar aghaidh i rith 2010 ag obair le páirtithe leasmhara lena chinntiú go scaipfí sonraí ríthábhachtacha faoin margadh saothair i measc na bpáirtithe ábhartha uile.



Baill an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí:

Sa phictiúr ó chlé tá Anne Forde, Príomhoifigeach, An Roinn Oideachais agus Scileanna; Ned Costello, Príomhfheidhmeannach, Cumann Ollscoileanna na hÉireann, agus Tony Donohue, Ceann an Bheartais Oideachais, Shóisialta agus Nuálaíochta, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

Thug an Sainghrúpa faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith 2010.

## Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta sa Todhchaí laistigh den Gheilleagar Glas in Éirinn

Aithníodh an geilleagar glas mar réimse gnó ina bhféadfadh fás agus méadú fostaíochta tarlú i go leor tíortha. Tá cuideachtaí san earnáil seo a cruthaíodh go sonrach le freastal a dhéanamh ar mhargadh na n-earraí agus na seirbhísí comhshaoil mar aon leo siúd laistigh d'earnálacha níos traidisiúnta, ar nós na hinnealtóireachta, atá ag éagsúlú chun aghaidh a thabhairt ar dheiseanna atá ag fás sa mhargadh.

Foilsíodh tuarascáil an tSainghrúpa, *Future Skills Needs of Enterprise within the Green Economy in Ireland* (Riachtanais Scileanna na Fiontraíochta sa Todhchaí laistigh den Gheilleagar Glas in Éirinn), i Samhain 2010. Tá cur síos sa staidéar ar shé fho-earnáil faoinar aithníodh go bhfuil cumas fáis gnó agus fostaíochta iontu. Is iad sin: fuinnimh in-athnuaite; fuinneamh a úsáid agus a bhainistiú go héifeachtúil; uisce agus cóireáil fuíolluisce, bainistiú, aisghabháil agus athchúrsáil dramhaíola; seirbhísí comhairliúcháin chomhshaoil; agus feidhmchláir agus bogearraí glasa TFC. Tá thart faoi 18,750 duine fostaithe sna sé fho-earnáil seo. Meastar gurb é tuairim is €3.04 billiún méid margaidh na hearnála in Éirinn.

Tá roinnt moltaí ar leith sa tuarascáil don earnáil a bhaineann leis na réimsí leathana seo a leanas:

- Cúrsaí oideachais agus oiliúna a chur in oiriúint do riachtanais scileanna lucht fiontraíochta
- Scileanna bainisteoirí maidir le díol agus margaíocht onnmhairí a fhorbairt le tacú le breis fáis a chur faoi onnmhairí.
- Oideachais agus oiliúint a dhíriú ar fhorbairt scileanna lárnacha innealtóireachta sna réimsí atá ag teacht chun cinn mar theicneolaíocht ghaoithe, tonnta, ghréine agus gheoiteirmeach mar speisialtóireachtaí le cois na cáilíochta lárnaí.
- Cumas scileanna teicneoirí a fhorbairt
- Cumas oibrithe oilte a fhorbairt
- Scileanna oibrithe a fhorbairt i réimsí amhail athfheistiú, díleá anaeróbach agus seirbhís do chustaiméirí
- Saineolas ar leith a chruthú in ollscoileanna nó i gcoláistí faoi leith chun modúil agus cáilíochtaí nua a cheapadh. D’fheadfaí na modúil sin a chomhroinnt ansin laistigh den chóras oideachais
- Intéirneachtaí dea-struchtúrtha a sholáthar mar aon le deiseanna socrúcháin d’iarchéimithe
- Insint faoi na deiseanna tarraingteacha gairme atá ar fáil san earnáil
- Feabhas a chur ar scileanna matamaitice agus eolaíochta an luchta saothair

Tá tionchar dearfach ag fórsaí tréana sa bhaile agus ar fud an domhain ar an earnáil seo, ach tá dúshláin ann a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu le cur ar chumas na hearnála an acmhainn fáis atá inti a bhaint amach. Táthar ag súil go bhféadfaí thart faoi 14,500 post a chruthú sna cúig bliana atá romhainn dá ndéanfaí dul chun cinn substaintiúil chun aghaidh a

thabhairt ar na dúshláin sin, agus go mbeadh an t-éileamh ba mhó ar dhaoine a mbeadh scileanna níos mó acu.

## Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bhith-Chógaiseolaíoch agus Cógaiseolaíochta Ceimicí.

Tá 25,300 duine fostaithe go díreach san earnáil bith-chógaiseolaíoch agus cógaiseolaíochta ceimicí in Éirinn, agus thart faoi 24,000 duine fostaithe go hindíreach i seirbhísí tacaíochta don tionscal. D'íoc an earnáil seo breis agus €1 bhilliún i gcáin chorparáide in 2008. D'easpórtáil an tionscal táirgí arbh fhiú €38.2 billiún iad sa bhliain chéanna.  Léiríonn figiúirí sealadacha do 2009 gur mhéadaigh na honnmhairithe sin go €42.2 billiún, arb ionann é agus 50% d'iomlán na n-earraí a easpórtáladh.

Tugtar aghaidh i dtuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí *Future Skills Requirements of the Biopharma-Pharmachem Sector* (Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bhith-Chógaiseolaíoch agus Cógaiseolaíochta Ceimicí), a foilsíodh i mí na Samhna 2010, ar na scileanna a beidh ag teastáil san earnáil sa tréimhse 2010-2015, agus aithnítear na bearta is gá a dhéanamh le cinntiú go mbeidh na scileanna ar fáil chun borradh a chur faoin tionscal amach anseo in Éirinn.

Moltar roinnt beart sonrach sa staidéar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na hearnála:

- Na scileanna gnó san earnáil a neartú a mheastar a bheith riachtanach chun go mbeidh cuideachtaí san earnáil in ann forbairt agus dul san iomaíocht thar lear, lena n-áirítear scileanna forbartha bainistíochta;
- Oideachas agus oiliúint a chur in oiriúint do riachtanais an tionscail seo atá ag athrú
- Cláir Mháistreachta agus cláir PhD struchtúracha a fhorbairt a mbeidh modúil mhúinte agus taighde iontu
- Socrúchán caighdeánaithe oibre a fhorbairt do na mic léinn. Ba cheart go mairfeadh na socrúcháin sin idir 6 agus 9 mí ar a laghad
- Aghaidh a thabhairt ar fhorbairt straitéiseach na hearnála cógaiseolaíochta trí thaighde agus oiliúint spriocdhírithe a sholáthar
- Cláir iarchéime a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí ó thaobh scileanna de atá ann maidir le forbairt próiseas
- Clár breisoiliúna a fhorbairt i gcomhair oibrithe.

Tá dúshláin shuntasacha dhomhanda le sárú ag an earnáil bhith-chógaiseolaíochta agus cógaiseolaíochta ceimicí faoi láthair.  Tá athrú ó bhun á dhéanamh ar struchtúr an tionscail agus is iad seo a leanas atá ag brú na n-athruithe sin chun cinn: cúrsaí costais, deireadh a bheith ag teacht le paitinní, iomaíocht bhreise ó dhrugaí cineálacha, an laghdú atá ag teacht ar chúrsaí taighde, an margadh a bheith ag éirí níos domhandaithe, biteicneolaíocht, dul chun cinn teicneolaíochta agus teicneolaíochtaí coinbhéirseacha, an méadú agus na hathruithe atá ag teacht ar rialacháin, agus cumaisc agus éadálacha.  Beidh lucht oibre a mbeidh oiliúint chuí faighte acu an-tábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

Is é conclúid na tuarascála ná nach dtiocfaidh aon athrú sa tréimhse 2010-2015 ar líon na ndaoine fostaithe ach go mbeidh struchtúr athraithe ceirde i gceist.  Táthar ag súil leis go

dtiocfaidh laghdú ar líon na n-oibrithe san earnáil ó 20 faoin gcéad den dáileadh gairme faoi láthair go dtí 10 faoin gcéad in 2015, ach go bhfaighidh beagnach an líon céanna eolaithe, innealtóirí agus anailísithe gnó fostaíocht san earnáil.

## Foghlaim Roimh Ré agus an Ról atá aici sa Straitéis Náisiúnta Scileanna a Aithint

Is éard atá i gceist le haitheantas réamhfhoghlama ná aitheantas a thabhairt don eolas, do na scileanna agus do na hinniúlachtaí atá ag duine is cuma cén chaoi a bhfuair an té sin iad, bídís faighte trí oideachas nó oiliúint fhoirmiúil, trí fhoghlaim neamhfhoirmiúil nó trí chúrsaí oibre nó trí thaithí saoil. Rinne an an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí scrúdú in 2010 ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an aitheantas réamhfhoghlama seo i gcur chun cinn spriocanna breisoiliúna na Straitéise Náisiúnta Scileanna. D'ullmhaigh foireann taighde agus anailíse an tSainghrúpa in Forfás páipéar beartais agus bhí ionchur agus ábhar suntasach acu ó Fheidhmeannas Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann.

Chuathas i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara sa phróiseas lena n-áirítear soláthraithe oideachais agus oiliúna, ceardchumainn, comhlachtaí cáilíochtaí, eagraíochtaí treorach agus oideachais do dhaoine fásta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus eagraíochtaí fostóirí. Tá béim níos mó á leagan i gcónaí in Éirinn agus thar lear ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar bhreisoiliúint, agus ar an ábhar sin tá níos mó suntais á thabhairt d'aitheantas réamhfhoghlama mar bhealach chun réimse spriocanna sóisialta agus eacnamaíocha a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Gníomhachtú an Mhargaidh Saothair - an gá atá le dífhostaíocht a laghdú, go háirithe i gcás daoine atá dífhostaithe le fada agus iad siúd a bhfuil leibhéil measartha íseal cáilíochtaí acu faoi mar atá leagtha amach i Ráiteas Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Scileanna 2010 a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as acmhainní - an gá atá le leas a bhaint as acmhainní oideachais agus oiliúna ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir tráth nach raibh éileamh chomh mór riamh orthu.
- Breisoiliúint agus athoiliúint - an gá atá le leanúint ar aghaidh ag cur le scileanna an luchta saothair (idir dhaoine fostaithe agus dífhostaithe) faoi mar atá á dhéanamh ag tíortha eile agus éascú a dhéanamh ar rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus rannpháirtíocht inti.
- Soláthar solúbtha - an gá atá le seirbhís oideachais agus oiliúna a sholáthar do dhaoine agus d'fhiontair ar bhealach atá solúbtha, ábhartha agus oiriúnach dá riachtanais.
- Spriocanna náisiúnta beartais - cur le spriocanna chun na rátaí coinneála nó rannpháirtíochta in oideachas agus oiliúint a mhéadú, agus tá siad á gcur chun cinn ag an Straitéis Náisiúnta Scileanna, ag an bPlean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas agus ag an bPlean Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta.



Eolas a sholáthar don Roinn Oideachais agus Scileanna

Cathaoirleach an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, Una Halligan (ar chlé) agus Marie Bourke, Bainisteoir na rannóige um Beartas Oideachais, Scileanna agus an Margadh Saothair, Forfás sa phictiúr leis an Aire Stáit um Oiliúint agus Scileanna, Ciarán Cannon, TD.

Tá fianaise ann go bhfuil go leor ceachtanna foghlamtha agus a lán taithí faighte ón aitheantas réamhfhoghlama a chleachtadh in Éirinn i réimse earnálacha agus institiúidí oideachais agus oiliúna, ach ní mór cur chuige náisiúnta níos comhordaithe a bheith ann agus é á chur chun cinn ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá moltaí mionsonraithe le fáil sa tuarascáil a foilsíodh i Márta 2011, agus iad dírithe ar na páirtithe leasmhara ábhartha chun go gcuirfidh siad aitheantas réamhfhoghlama chun cinn i gcomhair grúpaí sonracha foghlaimeoirí maidir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## Riachtanais Oideachais agus Oiliúna a Thabhairt le Chéile

D'fhorbair an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí plépháipéar beartais mar ionchur i gcomhair Grúpa Comhordaithe Breisoiliúna na Roinne Oideachais agus Scileanna agus mar threoir do sholáthraithe oideachais agus oiliúna i rith 2010. Is é cuspóir an pháipéir seo ná monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn chun atá á dhéanamh maidir le baint amach spriocanna breisoiliúna na Straitéise Náisiúnta Scileanna, agus féachaint an oireann cúrsaí oideachais agus oiliúna do riachtanais scileanna na fiontraíochta. Díríonn an páipéar go háirithe ar an dul chun cinn i dtreo sprioc na Straitéise Náisiúnta Scileanna cur le scileanna 500,000 duine san fhórsa saothair agus iad a ardú leibhéal amháin ar a laghad ar scála an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí.

Mar aon le spriocanna breisoiliúna na Straitéise Náisiúnta Scileanna tá sprioc bheartais eile ann freisin maidir le cinntiú go bhfuil ardoideachas, breisoideachais agus oiliúint ag soláthar na scileanna sin a bheidh riachtanach do gheilleagar na tíre amach anseo. Tá anailís sa pháipéar ar a bhfuil á chur ar fáil ag soláthraithe breisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais, mar aon le próifíl na bhfoghlaimeoirí atá ag gabháil d'ardoideachas, do

bhreisoideachas agus d'oiliúint, agus tugtar foramharc ar na réimsí foghlama agus na disciplíní atá idir lámha acu.

Leagtar béim sa pháipéar freisin ar chuid de na himpleachtaí beartais, lena n-áirítear:

- Ceisteanna faoi cibé an bhfuil an chothromaíocht cheart ann idir oideachais agus oiliúint chun daoine a chumasú le dul ar ais sa mhargadh saothair, agus iad siúd atá dífhostaithe a ullmhú le dul ar ais sa mhargadh saothair freisin, agus na scileanna breise a sholáthar a bheidh ag teastáil ón bhfiontraíocht.
- Plé ar scéimeanna oiliúna níos leithne a chur ar fáil a bhainfeadh le réimse earnálacha agus slite beatha níos leithne agus a chuirfeadh na scileanna sin ar fáil a bheidh ag teastáil sa todhchaí. D'fhéadfadh na scéimeanna sin a bheith cosúil leis an gcóras printíseachta sa Ríocht Aontaithe.
- An tábhacht a bhaineann le naisc láidre a bheith idir an córas ardoideachais agus tionsclaíocht chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna nuair is féidir agus le cinntiú go mbeidh céimithe níos infhostaithe.
- Scrúdú a dhéanamh ar na dámhachtainí a fhaigheann daoine tríd an gcóras breisoideachais agus oiliúna le féachaint an gcabhraíonn siad leo leanúint ar aghaidh go hardoideachas.

Cuireadh an páipéar faoi bhráid an Aire um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil i Meitheamh 2010 ag cruinniú an Ghrúpa Comhordaithe Breisoiliúna le cuidiú le treorú bearta gníomhachtaithe an mhargadh saothair agus treoir a thabhairt do sholáthraithe oideachais agus oiliúna le cabhrú leo a gcuid gclár a chur in oiriúint do na scileanna atá riachtanach.



An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ag obair le páirtithe leasmhara

Sa phictiúr a tógadh le déanaí ag cruinniú Bhord an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, tá Dermot Mulligan, Rúnaí Cúnta na Roinne Oideachais agus Scileanna le Jasmina Behan, Aonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair, FÁS

## Cur i bhFeidhm Mholtaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí

### Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Deochanna

D'fhoilsigh grúpa stiúrtha an tuarascáil *Future Skills Requirements of the Food and Beverage Sector* (Riachtanais Scileanna sa Todhchaí san Earnáil Bia agus Deochanna) i mí na Samhna 2009 agus ationóladh an grúpa i mí Bealtaine 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul

chun cinn maidir le cur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála. Tuairiscíodh go raibh an dul chun cinn seo a leanas déanta:

- D'éirigh leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia cistiú €9.5m a fháil i mbuiséad 2010 ionas go raibh Fiontraíocht Éireann, Bord Bia agus Teagasc in ann na cláir bhreisoiliúna a mhol an Sainghrúpa a chur chun feidhme maidir le forbairt bainistíochta agus bainistiú an tslabhra soláthair.
- Maidir le bainistiú an tslabhra soláthair, tá tús curtha ag Fiontraíocht Éireann le tacaíocht a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide lena n-áirítear cláir maidir le teicnící laghdaithe diomailte.
- Tá Bord Bia agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath tar éis tús a chur le clár le dul i ngleic leis an mbearna atá san eolas faoi na margaí miondíola sin a bhfuiltear ag díriú orthu.
- Maidir le forbairt bainistíochta, tá Fiontraíocht Éireann ag seoladh an chláir *Leadership 4 Growth* atá dírithe ar chuideachtaí bia agus leanfaidh sé ar aghaidh ag cur cuideachtaí bia san áireamh ina Chlár Bunathraithe.
- Tá idirghabhálacha á ndéanamh ag Bord Bia agus ag Teagasc chun géire intinne daoine ó thaobh tráchtála de a fheabhsú san earnáil bia, lena n-áirítear dioplóma i mbainistíocht margaíochta atá dírithe ar lucht meánbhainistíochta i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide agus clár forbartha bainistíochta.

### Cur le Scileanna Oibrithe sna hEarnálacha Bia agus Deochanna agus Mórdhíola agus Miondíola

Foilsíodh dhá thuarascáil de chuid an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí faoin tionscal bia agus deochanna agus faoin earnáil mhórdhíola agus mhiondíola in 2009. Leagadh béim iontu ar an tábhacht a bhaineann le hoiliúint agus le forbairt d'oibrithe sna hearnálacha seo, go háirithe mar gheall ar na leibhéil ísle de ghnóthachtáil oideachais atá go forleathan sna hearnálacha sin. Aithníodh go raibh thart faoi 64,200 duine san earnáil bia agus deochanna agus san earnáil mhórdhíola agus mhiondíola nach raibh ach bunoideachas nó meánoideachas íseal faighte acu. Níl na fostaithe sin ullamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomaíochta atá le sárú ag na hearnálacha sin, agus tá an baol ann go gcaillfidh siad a bpoist. Tá sé tábhachtach ar an ábhar sin cur le scileanna an ghrúpa seo, bíodh is gur gá a aithint go bhfuil scileanna faoi leith foghlamtha ar an láthair oibre ag a lán acu lasmuigh den chóras foirmiúil oideachais agus oiliúna.

Chuir an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí aighneacht faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna in 2010 faoi na scileanna bunúsacha a bhaineann leis an ionad oibre atá ag oibrithe an dá earnáil. Moladh sa tuarascáil gur chóir go soláthródh FÁS an bhreisoiliúnt atá ag teastáil, ach, ós rud é nach bhfuil airgead leithroinnte chuig FÁS sa bhuiséad don oiliúint seo a thuilleadh, ní mór bealaí eile a scrúdú chun an oiliúint sin a chur ar fáil. Measann an Sainghrúpa go bhféadfaí an Ciste Bunoideachais san Ionad Oibre a úsáid chun feabhas a chur ar na scileanna bunúsacha a bhaineann leis an ionad oibre atá ag oibrithe sna hearnálacha bia agus deochanna agus mórdhíola agus miondíola. Mhol an an Sainghrúpa go gcuirfí airgead ar fail ó bhuiséad an chiste in 2011 le cur le scileanna an ghrúpa seo agus go leanfaí de go dtí go ndéanfar dul chun cinn suntasach maidir le feabhas a chur ar riachtanais bhunoideachais na bhfostaithe sna hearnálacha seo.

### An Ghnóthachtáil Mhatamaiticiúil Náisiúnta a Ardú

D'fhoilsigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí *Raising National Mathematical Achievement* (An Ghnóthachtáil Mhatamaiticiúil Náisiúnta a Ardú) i Nollaig 2008. Leag an an Sainghrúpa béim sa ráiteas ar a ríthábhachtaí is atá an mhatamaitic dár ngeilleagar agus ar an ngá atá le cur chuige spriocdhírithe, fadtéarmach chun líon na ndaoine a fhoghlaimíonn an mhatamaitic a mhéadú agus na caighdeáin a bhaineann siad amach a fheabhsú. Rinne an Sainghrúpa roinnt mhaith moltaí beartais comhlántacha eile chun go mbainfeadh daltaí na tíre leibhéal matamaitice níos airde amach.

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta *Athbhreithniú ar an Matamaitic in Oideachas Iar-Bhunscoile* in 2006 agus rinneadh moltaí maidir le Tionscadal Mata dá bharr. Sa bhliain 2009, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna a bhí ann ag an am an Grúpa Tacaíochta Forfheidhmithe um Thionscadal Mata agus iarradh ar Cheann Rúnaíochta an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí páirt a ghlacadh sa Ghrúpa. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Tacaíochta Forfheidhmithe um Thionscadal Mata i mí an Mheithimh 2010. Leagadh réimse moltaí amach sa tuarascáil maidir le:

- dearcadh dearfach a chothú maidir le matamaitic agus breis daltaí a spreagadh le smaoineamh ar shlite beatha a bheith acu sa réimse seo;
- comhpháirtíochtaí le lucht tionscail agus le hinstitiúidí ardoideachais a úsáid le tacú le Tionscadal Mata; agus
- daltaí a spreagadh chun matamaitic ardleibhéil a dhéanamh sna scoileanna.

D'fhógair na hollscoileanna agus agus na hinstitiúidí teicneolaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2010 go dtabharfar 25 pointe bónais do mhic léinn a ghlacann an páipéar ardleibhéil matamaitice san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh. Chuir an Sainghrúpa agus Forfás fáilte roimhe seo agus mhol siad gur chóir tacú leis an tionscnamh seo anois trí chur i bhfeidhm na mbeart comhlántach eile ar leagadh béim orthu in *Raising National Mathematical Achievement* (An Ghnóthachtáil Mhatamaiticiúil Náisiúnta a Ardú), lena n-áirítear forbairt ghairmiúil na múinteoirí ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile, agus cur chuige níos idirghníomhaí a fhorbairt maidir le múineadh na matamaitice de réir mar a chuirtear Tionscadal Mata i bhfeidhm ar fud na tíre.

## Comhoibriú le hAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair FÁS

Lean Forfás ar aghaidh in 2010 ag obair i ndlúthpháirtíocht leis an Aonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair de chuid FÁS. D'fhoilsigh FÁS dhá thuarascáil thar ceann an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí in 2010:

- An *National Skills Bulletin 2010* (Feasachán Scileanna Náisiúnta 2010), ina ndéantar anailís staitistiúil ar na sonraí fostaíochta faoi na príomhshlite beatha sa gheilleagar, agus
- *Monitoring Ireland's Skills Supply 2010 - Trends in Education and Training Outputs* (Monatóireacht a Dhéanamh ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2010 - Treochtaí in Aschuir Oideachais agus Oiliúna) ina n-insítear cad iad na scileanna a bheidh ar fáil i margadh saothair na hÉireann trí staidéar a dhéanamh ar cháilíochtaí na ndaoine a fhágann an córas oideachais agus oiliúna foirmiúil.

Lena chois in forbraíonn agus cothabhálann an tAonad Taighde ar Scileanna agus ar an Margadh Saothair an Bunachar Náisiúnta Scileanna, ina dtiomsaítear gach faisnéis atá ar fáil maidir le soláthar agus éileamh ar scileanna in Éirinn. Tugadh an Bunachar Náisiúnta Scileanna cothrom le dáta in 2010 chun go mbeadh na staitisticí agus an fhaisnéis is déanaí le fáil air faoi fhostaíocht, táirgeacht oideachais agus oiliúna; lucht saothair inimirceach; na folúntais phoist a fógraíodh; múnlaí réamhaisnéise an fhórsa saothair; múnlaí réamhaisnéise fostaíochta ceirde, agus suirbhéanna ar ghníomhaireachtaí earcaíochta.

# Inbhuanaithe-acht

## Cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil agus deiseanna fiontraíochta a aithint

Oibríonn Forfás lena chinntiú go n-éireoidh le hÉirinn gnóthachain eacnamaíocha a bhaint amach gan dochar a dhéanamh don chomhshaol, nach ndéanfar dochar dár gcumas iomaíochta agus go mbeimid ullamh chun leas a bhaint as deiseanna atá ag teacht chun cinn.

Déanaimid taighde agus anailís bheartais ar bheartas ríthábhachtach comhshaoil a bhaineann le cúrsaí fiontraíochta. Úsáidimid cur chuige bunaithe ar fhianaise chuige sin chun barr feabhais a chur ar sheasamh lucht fiontraíochta i leith saincheisteanna beartais a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo. Déanaimid é sin trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i ngrúpaí saineolaithe náisiúnta a bhíonn ag plé cúrsaí maidir le hathrú aeráide agus trí chuidiú san idirbheartaíocht idirnáisiúnta atá ar siúl faoi bheartas um athrú aeráide a shíneoidh Éire amach anseo.

Aithnímid na dúshláin atá le sárú ag lucht fiontraíochta in Éirinn agus déanaimid tagarmharcáil ar fheidhmiú na hÉireann i gcomparáid le geilleagair mhóra eile ó thaobh roinnt réimsí éagsúla, lena n-áirítear fuinneamh, teileachumarsáid agus beartas um bainistíocht dramhaíola.

Aithnímid na deiseanna fiontraíochta atá sa gheilleagar glas atá ag teacht chun cinn agus déanaimid taighde agus cuirimid tacaíocht leanúnach anailíse ar fáil don Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh leibhéal ard réamhfhéachana beartais maidir le hinbhuanaitheacht ann chun go mbeidh Éire in ann dul i mbun caibidlíochta agus cothrom na Féinne a fháil maidir le spriocanna comhshaoil amach anseo - sa chaoi go mbeidh cothromaíocht idir deiseanna don gheilleagar glas ar thaobh amháin agus nach mbeidh drochthionchar ar bhonn costais earnáil na fiontraíochta ná ar iomaíochas eacnamaíoch na hÉireann ar an taobh eile.

## Measúnú ar Dhul Chun Cinn maidir le Moltaí an Ghrúpa Ardleibhéil um an bhFiontraíocht Ghlas

D'fhoilsigh an Grúpa Ardleibhéil Gníomhaíochta um an bhFiontraíocht Ghlas a thuarascáil *Developing the Green Economy in Ireland* (An Geilleagar Glas a Fhorbairt in Éirinn) i mí na Samhna 2009, ina bhfuil 55 moladh a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu má tá leas le baint as na deiseanna a chuireann an geilleagar glas ar fáil. Mhol an Grúpa go bhforbrófaí tuarascáil bhliantúil faoi conas atá cur i bhfeidhm na moltaí á chur chun cinn. D'oibrigh Forfás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta i gcaitheamh 2010 chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn á bhí déanta maidir le gach ceann de mholtaí an Ghrúpa. Foilsíodh tuarascáil bhliantúil faoin dul chun cinn i Márta 2011. Ba iad seo a leanas príomhtheachtaireachtaí na tuarascála:

- Tá an geilleagar glas ag fás agus is réimse tábhachtach é ó thaobh deiseanna d'Éirinn.
  - Measann Forfás agus an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí go bhfuil 18,750 duine fostaithe i sé phríomhearnáil de chuid an gheilleagair ghlais faoi láthair.[12] Meastar go mbeidh 29,000 duine fostaithe sna sé earnáil sin roimh 2015 má thugtar aghaidh láithreach ar na príomhchonstaicí.
  - Tá infheistíocht shuntasach phoiblí á déanamh i gcónaí ag tacú leis an ngeilleagar glas.
  - Fógraíodh thart faoi 2,000 post a bhaineann leis an bhfiontraíocht ghlas sa 12 mhí ó Dheireadh Fómhair 2009 go dtí Deireadh Fómhair 2010. Ní áirítear san fhigiúr sin na poist a bhaineann le cláir athfheistithe a bhfuil cistiú poiblí á thabhairt dóibh. Measann an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go bhfuil os cionn 5,000 post breise á gcur ar fáil ag na cláir sin.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na moltaí i dtuarascáil an Ghrúpa. Seo forbhreathnú ar an 55 moladh a rinneadh sa tuarascáil:
  - Cuireadh 16 (29%) moladh i gcrích nó tá dul chun cinn suntasach déanta maidir lena gcur i gcrích.
  - Rinneadh dul chun cinn réasúnta i gcás 21 (38%) moladh ach ba inmholta an rud é tuilleadh oibre a dhéanamh orthu.
  - Ní mór díriú ar na 18 (32%) moladh eile má tá dul chun cinn suntasach le déanamh leo.
- Ar phríomh-mholtaí an Ghrúpa atá á gcur i bhfeidhm tá: feabhsú an eangaigh, infheistíocht i seirbhísí uisce, carranna leictreacha a thabhairt isteach, rialacháin a thabhairt isteach chun athchúrsáil dramhaíl bitheolaíochta a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do bhithfhuinneamh agus do réimse tionscadail taispeána a bhfuil Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ag tacú leo.
- Tá cuid de phríomh-mholtaí an Ghrúpa fós le cur i gcrích. Mar gheall ar an méid iomaíochta idirnáisiúnta atá san earnáil, ní mór na moltaí tosaíochta seo a leanas a chur chun feidhme go práinneach má tá leas iomlán le baint as na deiseanna fostaíochta atá sa gheilleagar glas:

12 Is iad seo na sé earnáil sin: Fuinnimh In-athnuaite; Fuinneamh a Úsáid agus a Bhainistiú go hÉifeachtúil; Uisce agus Cóireáil Fuíolluisce, Bainistiú, Aisghabháil agus Athchúrsáil Dramhaíola; Seirbhísí Comhairliúcháin Chomhshaoil; agus Feidhmchlár agus Bogearraí "Glasa" TFC.

- Cur chuige comhleanúnach náisiúnta a fhorbairt maidir leis an teachtaireacht faoin "leas coiteann" atá mar chuid d'fhorbairt an eangaigh leictreachais.
- Leanúint ar aghaidh ag cur íomhá “ghlas" na hÉireann os comhair an domhain, go háirithe le Straitéis nua an Rialtais maidir le Trádáil, Turasóireacht agus Infheistíocht.
- Clár comhtháite éifeachtachtúlachta a fhorbairt a chuimseoidh fuinneamh, uisce agus dramhaíl agus a fhéadfaidh cabhrú le cuideachtaí an méid acmhainní a úsáideann siad a laghdú.
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha a bhaineann leis an earnáil dramhaíola chun cinnteacht a sholáthar maidir le hinfheistíocht. Áirítear orthu siúd cinnteacht rialúcháin maidir le bailiú agus cóireáil dramhaíola, bonneagar athchúrsála a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá sa bhealach ar mhargadh athchúrsála uile-oileáin agus ar sheirbhísí múirínithe nó díleá anaeróbaigh.
- Moltaí an Ghrúpa maidir le taighde agus forbairt ghlas a chur chun cinn maidir le saineolas taighde a chomhroinnt le chéile, comhghuaillíochtaí taighde a fhorbairt, cláir mhaoinithe i gcomhair taighde agus forbartha a chomhdhlúthú agus straitéis taighde agus forbartha a fhorbairt don earnáil ghlas agus teicneolaíochta glaine ina hiomláine.
- Aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar mhicreaghiniúint fuinnimh in-athnuaite, go háirithe Riail an Áitribh Aonair.
- Dlús a chur faoi eisiúint ceadúnas urthrá i gcomhair tionscadal fuinnimh amach ón gcósta.
- Acmhainn na hÉireann maidir le Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta glas a fhorbairt agus a mhargú.
- Uasmhéadú a dhéanamh ar dheiseanna gnó agus ar na sineirgí idir earnálacha an uisce agus an fhuinnimh nuair atá clár náisiúnta na méadar cliste á chur i bhfeidhm.
- Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm láithreach sa chaoi go mbainfear amach sprioc an AE maidir le 50% den soláthar a bheith glas faoi 2011.

## Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide: Saincheisteanna do Ghnó

Tá sé dearbhaithe ag fianaise eolaíochta inchreidte idirnáisiúnta go bhfuil tús curtha le hathrú ár n-aeráide ag gníomhaíochtaí daonna agus go mbeidh toradh sóisialta agus eacnamaíochta suntasach ag an athrú sin. Ní mór go mbeadh idir mhaolú - rudaí nach féidir a bhainistiú a sheachaint - agus dul in oiriúint - bainistiú ar rudaí nach féidir a sheachaint - i gceist le freagairt éifeachtach a thabhairt ar an athrú aeráide. In 2010, d’fhoilsigh Forfás *Adaptation to Climate Change: Issues for Business* (Dul in Oiriúint don Athrú Aeráide: Saincheisteanna do Ghnó) ina ndearnadh measúnú ar na príomhcheisteanna fiontraíochta a eascraíonn as an athrú aeráide do gach ceann de na príomhearnálacha i mbonn fiontar na hÉireann. Tá an tuarascáil seo mar bhunábhar anois le haghaidh freagairtí beartais atá ag teacht chun cinn maidir le dul in oiriúint don athrú aeráide ar an leibhéal náisiúnta agus is iad na príomhtheachtaireachtaí atá ann ná:

- **Is féidir tionchar a bheith ag athrú san aeráid ar ghnó:** Cé nach mbeidh an tionchar céanna ar gach earnáil ghnó, beidh tionchar ag na hathruithe aeráide seo ar ghnólachtaí na hÉireann trí mhargaí a bheith ag athrú, tionchar ar áitribh agus ar phróisis, méadú ar leochaileacht na slabhraí soláthair agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ann maidir le hinfheistíochtaí, costais árachais agus clú na bpáirtithe leasmhara.
- **Is féidir le hathruithe aeráide deiseanna gnó a sholáthar chomh maith le rioscaí:** Mar gheall go bhfuiltear ag súil leis go mbeidh tionchar coibhéiseach níos lú ag athrú aeráide ar Éirinn ná mar is amhlaidh a bheidh i roinnt de na príomhpháirtithe trádála domhanda/tíortha is iomaitheoirí. Má dhéantar iad a bhainistiú i gceart, is féidir buntáistí iomaíochta a bheith ag Éirinn trí rochtain ar acmhainní suntasacha uisce, aeráid mheasartha leanúnach srl.
- **Is dócha go mbeidh costais ann do ghnólachtaí agus don gheilleagar mar gheall ar an athrú aeráide:** Is féidir le hathruithe aeráide damáiste a dhéanamh do mhaoin, oibrithe a fhágáil gan a bheith in ann teacht ar obair, easpaí uisce a chruthú, tionchar a bheith acu ar chaighdeán an uisce agus idirbhriseadh cumhachta a chruthú. Ar bhonn leanúnach is féidir leis na cineálacha sin tionchair tionchar dianseasmhach diúltach a bheith acu ar fhás geilleagrach.
- **Beidh pleanáil gnó lárnach chun deiseanna féideartha a bhaint amach agus rioscaí a íoslaghdú:** Is féidir costais a laghdú agus cabhrú chun deiseanna a fhíorú má dhéanann gnólachtaí pleanáil don todhchaí. Faoi láthair, níl rioscaí ná deiseanna aeráide á gcur san áireamh ag go leor gnólachtaí Éireannacha sa phleanáil ghnó atá ar bun acu.

Rinneadh moltaí sa tuarascáil na nithe seo a leanas a chur chun cinn:

- Feasacht agus inniúlacht a fhorbairt i measc na ngnólachtaí seo maidir le rioscaí agus deiseanna aeráide a bheith lárnach chun a cinntiú go rachaidh gnó in oiriúint dóibh go rathúil in Éirinn.
- Díonadh aeráide a dhéanamh ar phíosaí ríthábhachtacha den bhonneagar gnó ag úinéirí agus ag údaráis phoiblí.
- Creat beartais agus struchtúr rialála a fhorbairt a bheidh in ann rioscaí aeráide a íoslaghdú agus deiseanna féideartha a fhíorú le haghaidh gnólachtaí in Éirinn.

## Beartas Fuinneamh Fadtéarmach: An Teitrileama Fuinnimh

Is gné thábhachtach amháin den bheartas fuinnimh é rogha a dhéanamh maidir le breosla. Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le gach cineál breosla (m.sh. gual, cumhacht ghaoithe, ola srl). I gcás na hÉireann, is iad an tionchar ar an athrú aeráide, slándáil an tsoláthair, inbhuanaitheacht (i dtéarmaí acmhainní a bheith ar fáil) agus an tionchar ar iomaíochas, na ceithre phríomhní atá le tabhairt san áireamh sa bheartas fuinnimh - an "teitrileama" - agus bíonn siad i gcoinbhleacht le chéile uaireanta.

In 2010, rinne agus d'fhoilsigh Forfás mór-anailís ar an mbeartas fuinnimh fadtéarmach ón dearcadh seo chun creat a chur ar fáil don lucht déanta beartas maidir le measúnú a dhéanamh ar roghanna breoslaí d'Éirinn san fhadtéarma. Is éard a bhí i gceist leis ná creat anailíse a fhorbairt agus cainníochtú a dhéanamh ar an ngaol idir aon chineál breosla déag agus na ceithre thosaíocht beartais mar atá sa liosta thuas. De thoradh an chainníochtaithe sin ba ghá cnámha scéalta a chruthú ag clúdach trí thréimhse ama amach go 2030. Agus iad

ag caitheamh le hiomaíochas, rinneadh idirdhealú freisin idir an t-iomaíochas costais láithreach agus deiseanna níos fadtéarmaí a d'fhéadfaí a chruthú d'earnáil na fiontraíochta de thoradh ar roghanna áirithe maidir le breoslaí. Tá cur síos iomlán ar struchtúr agus ar bhoinn tuisceana chreat an teitrileama san fhoilseachán, chomh maith le hiniúchadh ar an tionchar ar an bhfiontraíocht agus tuairiscí mionsonraithe faoin 11 chineál breosla difriúil, ó thaobh riachtanais bheartais fhadtéarmacha na hÉireann de.

Rachaidh cinntí a dhéantar anois i bhfeidhm go mór ar chúrsaí fiontraíochta amach anseo. Cuireann an taighde agus an anailís in *Irish Energy Tetralemma* (Teitrileama Fuinnimh na hÉireann) creat ar fáil don lucht déanta beartas maidir le measúnú a dhéanamh ar roghanna breoslaí d'Éirinn san fhadtéarma.

## Comhairle Taighde agus Beartais Leanúnach d'Aonad Comhshaoil na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Leanann Forfás ar aghaidh ag cur tacaíocht taighde agus anailíse beartais ar fáil d'Aonad Comhshaoil na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le cúrsaí beartais comhshaoil agus inbhuanaitheachta d'earnáil na fiontraíochta ag úsáid cur chuige bunaithe ar fhianaise. I measc na bpríomhréimsí beartais in 2010, bhí:

- **Cuidiú le forbairt ar an mBille um an Athrú Aeráide náisiúnta.** Tá reachtaíocht um an athrú aeráide ar an gclár oibre reachtach le níos mó ná 12 mhí anuas. Lean Forfás ar aghaidh agus cion á dhéanamh acu maidir le beartas fiontraíochta ag gach céim den phróiseas trí Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach agus trí fhóraim eile. Chomh maith leis sin, rinne Forfás freagairt a fhorbairt ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le Dréacht-Bhille um Fhreagairt don Athrú Aeráide, a sheol an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i mí na Nollag 2010. Bhí an t-ionchur seo dírithe ar an riachtanas go ndéanfaí an méid seo a leanas sa Bhille:
  - Díriú ar spriocanna idirnáisiúnta reatha na hÉireann maidir le hastaíochtaí seachas spriocanna aontaobhacha níos airde a leagan síos.
  - Soláthar a dhéanamh do shaineolas láidir gnó agus iomaíochais ar an Sainchomhlacht Comhairleach atá beartaithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
  - An t-ualach riaracháin agus costais ar ghnólachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh ar chur i bhfeidhm an Bhille a íoslaghdú.
- **Beartas an AE maidir leis an modheolaíocht tagarmharcála do Scéim um Thrádáil Astaíochtaí an AE (STA an AE).** Is éard a bhí i gceist leis seo ná monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí beartais an AE maidir le ceadanna a dháileadh faoi STA an AE bunaithe ar chur chuige tagarmharcála (a ghlacann áit na socruithe marthanaithe i gCéimeanna I agus II de STA an AE) agus an seasamh beartais is fearr a cheapadh chun leasa na hÉireann.
- **Beartas an AE maidir le liúntais astuithe carbóin a chur ar ceant:** Rinne Forfás monatóireacht leanúnach ar fhorbairtí beartais an AE maidir le ceadanna a chur ar ceant faoin STA agus an seasamh beartais is fearr a cheapadh chun leasa na hÉireann.
- **Idirbheartaíochtaí Idirnáisiúnta um an Athrú Aeráide.** Bhí iarrachtaí leanúnacha ar bun in 2010 le teacht ar chomhaontú idirnáisiúnta chun tionchar an athraithe aeráide a theorannú. Lean Forfás ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar sheasamh

idirbheartaíochta na hÉireann agus ag tabhairt ionchur dó maidir leis an tionchar ar leith a bheadh ann don bhonn fiontraíochta ag eascairt as na hidirbheartaíochtaí idirnáisiúnta seo um an athrú aeráide. Eagraíodh an ceann is déanaí díobh i gCancun, Meicsiceo i mí na Nollag 2010.

## Ionadaíocht agus Aighneachtaí maidir le Beartas Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta

Glacann Forfás páirt i gcruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um an Athrú Aeráide agus Slándáil Fuinnimh.  Tá Forfás ina bhall buan den Ghrúpa Comhairleach Leithdháilte Náisiúnta do STA an AE atá á chomhordú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá Forfás ina bhall freisin den Ghrúpa Stiúrtha don Anailís Theicniúil tras-rannach agus de Ghrúpa tras-rannach na mBeart Polasaí Roghnaithe.  Glacann Forfás páirt freisin i gCoiste Taighde um Athrú Aeráide an GCC (An Grúpa Oibre Socheacnamaíoch).

Chomh maith leis sin, rinne Forfás raon aighneachtaí maidir le ceisteanna fiontraíochta atá ag teacht chun cinn i bhforbairtí beartais inbhuanaitheachta feadh na bliana 2010. Ina measc siúd bhí:

- Aighneacht maidir le Straitéis Iompair Inbhuanaithe Náisiúnta
- Aighneacht maidir le Straitéis Forbartha Inbhuanaithe Náisiúnta
- Aighneacht maidir le Straitéis Fuinnimh Chliste Aigéin
- Aighneacht maidir le Scéim Náisiúnta um Fhritháireamh Carbóin in Éirinn
- Aighneacht maidir leis an Athbhreithniú ar an GCC

# Discover Science & Engineering

**Is é Discover Science & Engineering (DSE) clár náisiúnta na hÉireann chun an eolaíocht a chur chun cinn.**

Tá sé mar aidhm leis suim a mhúscailt san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic i measc daltaí, múinteoirí agus an phobail i gcoitinne.  Tá DSE á bhainistiú ag Forfás agus cruinnítear le chéile go leor gníomhaireachtaí feasachta eolaíochta agus innealtóireachta a bhíodh á mbainistiú ag comhlachtaí príobháideacha agus poiblí éagsúla roimhe seo.

# *Discover Science & Engineering*

Tá sé mar aidhm ag *Discover Science & Engineering* (DSE) feachtas feasachta dírithe, straitéiseach agus inchainníochtúil a chur ar fáil. Seo a leanas cuspóirí foriomlána DSE:

- Líon na ndaltaí agus na mac léinn a dhéanann staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus ar an matamaitic a mhéadú;
- Dearcadh dearfach a chur chun cinn maidir le slite beatha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic; agus
- Tuiscint phoiblí níos fearr a bhaint amach maidir leis na heolaíochtaí fisiceacha, an innealtóireacht agus an matamaitic agus a thábhachtaí atá siad do shochaí na hÉireann.

Chuaigh an DSE i mbun gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas i rith 2010:

- Feasacht Ghinearálta
- Eolaíocht sa Bhunscoil
- Eolaíocht sa Mheánscoil

## Feasacht Ghinearálta

### Seachtain Eolaíochta na hÉireann

Is príomhimeacht feasachta náisiúnta í Seachtain Eolaíochta na hÉireann, atá á heagrú ó lár na 1990í. Glacadh an téama "Ár nÁit sa Spás" don tSeachtain Eolaíochta 2010, ag déanamh naisc leis an Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) nuabhunaithe in Éirinn atá á soláthar ag DSE i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA). Cuireadh an líon is mó imeachtaí riamh, 505 imeacht le 115,000 rannpháirtí, ar bun ar fud na tíre i scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus leabharlanna. Mar chuid dá ról foriomlán mar chomhordaitheoir ar an tSeachtain Eolaíochta, cuireann DSE seónna bóthair ar fáil d'ionaid ar fud na tíre. Cuireadh breis agus 80 seó ar fáil in 2010 i gcomhar le heagraithe imeachtaí áitiúla. Óstáladh raon leathan gníomhaíochtaí ar an suíomh Gréasáin www.scienceweek.ie lena n-áirítear féilire imeachtaí ar líne, gníomhaíochtaí bunaithe ar théama an spáis, gné-ailt, gailearaí grianghraf agus físeáin ó Shraith Léachtaí Sheachtain na hEolaíochta.

Bhí an tSraith Léachtaí, atá dírithe go sonrach ar dhaltaí dara leibhéal, ar siúl sa Ghailearaí Eolaíochta agus in Acadamh Ríoga na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus i measc na n-ábhar a bhí á bplé bhí, "Ar Thuirlingíomar ar an nGealach i nDáiríre?", "Eolaíocht Oíche Shathairn", "Scéal Sugru" (táirge nuálaíoch nua bunaithe ar shileacan) agus "An dTiocfaidh Deireadh leis an Domhan in 2012? - An Fhianaise Réalteolaíoch".

Lean Clár na bPáirtithe Corparáideacha don tSeachtain Eolaíochta ag fás in 2010, agus ghlac cuideachtaí ó thionscail éagsúla páirt i ngníomhaíochtaí for-rochtana eolaíochta. Bhí idir chuideachtaí dúchasacha agus ilnáisiúnta páirteach sna gníomhaíochtaí seo. Tháinig siad le chéile faoi bhrat na suime atá acu in eolaíocht, in innealtóireacht agus i dteicneolaíocht a chur chun cinn do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne. Leanadh le comhpháirtíochtaí straitéiseacha rathúla agus reáchtáladh roinnt féilte réigiúnacha i nGaillimh, i gCorcaigh, i Sligeach, i Maigh Eo agus i bPort Láirge.

### *Big Day Out* na Féile Pádraig

Ghlac *Discover Science & Engineering* páirt in *Big Day Out* na Féile Pádraig i Márta 2010. Sholáthair DSE ábhar don Chrios Eolaíochta, ina raibh seó eolaíochta chomh maith le haonach eolaíochta beag le taispeántais ó Zú Bhaile Átha Cliath, Atlantaquaria na Gaillimhe, STEPS de chuid Innealtóirí na hÉireann agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Cuireann an t-imeacht bliantúil seo deis ar fáil do DSE le hidirghníomhú le lucht féachana ina bhfuil teaghlaigh den chuid is mó i suíomh neamhoideachais chun teaghlaigh a spreagadh le suim a bheith acu san eolaíocht.

### Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT

Bhí *Discover Science & Engineering* ina Urraitheoir Airgid ar Thaispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT a eagraíodh i mí Eanáir 2011. Rinneadh pleanáil tionscadal agus don imeacht agus eagraíodh é sa ráithe dheiridh de 2010. I mbliana d'eagraigh DSE ceardlann idirghníomhach mhatamaitice a bhí dírithe ar leanaí bunscoile agus rinneadh urraíocht freisin ar dhámhachtain mhatamaitice sa phríomhchomórtas.

### DSE Ar Líne

Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag cainéil na meán sóisialta cosúil le Twitter agus Facebook maidir le lucht féachana sprice DSE a bhaint amach go héifeachtach in 2010, go háirithe maidir le Seachtain na hEolaíochta, nuair a chuaigh DSE i mbun rannpháirtíochta, ní leis an bpobal i gcoitinne amháin, ach le heagraíochtaí agus páirtithe leasmhara comhpháirtíochta eile freisin, cosúil leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta, údaráis na leabharlann agus na comhairlí contae. Ba léir an tábhacht a bhí le hinneachar saibhir cosúil le físeáin freisin, mar thug sé fáth don lucht féachana dul i mbun rannpháirtíochta leis an gclár ar líne.

Leanann DSE ar aghaidh ag spreagadh daoine óga agus múinteoirí chun TFC a úsáid chun eolaíocht a fhoghlaim agus cumarsáid a dhéanamh faoi, mar shampla trí acmhainní foghlama a chur ar fáil ar an suíomh Gréasáin Greenwave (www.greenwave.ie) áit ar féidir le múinteoirí agus daltaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí logála sonraí maidir le teacht an Earraigh a rianú ar fud na hEorpa. Tá uirlisí blagála fós á gcur ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí atá ag obair ar thionscadail eolaíochta cosúil le SciFest agus Taispeántas Eolaithe Óga & Teicneolaíochta BT ar an suíomh *Project Blogger*.

### *Discover Science Careers*

Leanann *Discover Science & Engineering* ar aghaidh ag leathnú chlár na nAmbasadóirí Eolaíochta, ag próifíliú eolaithe agus innealtóirí óga cáilithe ó raon leathan d'earnálacha fostaíochta in Éirinn ar an suíomh Gréasáin atá aige atá tiomnaithe do ghairmeacha beatha, www.MyScienceCareer.ie. Is áis úsáideach é an suíomh Gréasáin seo le haghaidh treoirchomhairleoirí, tuismitheoirí agus daltaí agus cuimsítear gach saghas ábhair ann, mar shampla próifílí eolaithe cáiliúla ó Éirinn, míniúcháin ar chineálacha gairmeacha éagsúla agus gluais téarmaí faoi ghairmeacha. Leanann DSE ar aghaidh freisin ag obair le www.careersportal.ie chun inneachar eolaíochta agus teicneolaíochta a chur chun cinn.

## Eolaíocht sa Bhunscoil

***Discover Primary Science and Maths***

In 2010, athraíodh ainm an chláir *Discover Primary Science* a bhí ann cheana féin go D*iscover Primary Science & Maths* chun an ghné nua mhatamaitice den chlár a chur in iúl. Oibríonn an clár go díreach le múinteoirí agus le daltaí chun scileanna eolaíochta a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí idirghníomhacha bunaithe ar an eolaíocht. Beidh gné mhatamaitice san áireamh anois sna gníomhaíochtaí uile amach anseo.

**Oiliúint do Mhúinteoirí:**

Ag leanúint ón bhfreagairt don scoth a fuair DSE maidir le hoiliúint múinteoirí don scoil ar fad a sholáthar taobh amuigh d'uaireanta scoile i rith na scoilbhliana 2009/2010, nuair a cuireadh oiliúint ar níos mó ná 700 múinteoir, cuireadh oiliúint ar fáil do 600 múinteoir breise sa scoilbhliain 2010/2011 seo sa chlár *Discover Primary Science & Maths* (DPSM) le liosta feithimh i bhfeidhm cheana féin don bhliain 2011/2012.

**Coláiste Oideachas Múinteoirí:**

Ag leanúint ón rath a bhí ar an modúl eolaíochta roghnach trialach don oideachas múinteoirí i gColáiste Froebel i mí an Mhárta 2010, tá DSE tar éis an tionscadal seo a leathnú chun Coláiste Marino a áireamh. Eagraíodh lá oscailte i mí Eanáir 2011 agus cuireadh oiliúint ar níos mó ná 90 mac léinn i ngníomhaíochtaí teagmhálacha DPSM. Tá lá oiliúna beartaithe ag Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach dá mhic léinn sa dara agus sa tríú bliain níos déanaí i mbliana.

**Suíomh Gréasáin:**

Tá rannán nua curtha le suíomh Gréasáin DPSM, www.primaryscience.ie, chun ranganna sóisearacha (4 - 8 mbliana d'aois) a spreagadh le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eolaíochta agus matamaitice teagmhálacha bunaithe ar fhiosrúchán, tar éis aiseolas a fháil ó mhúinteoirí i rith na scoilbhliana seo, ná 2010/2011. Rinneadh forbairt agus tástáil ar na gníomhaíochtaí ar fad ar an suíomh Gréasáin le cabhair ó scoileanna ar fud na hÉireann.

Seoladh cluiche nua do leanaí le himirt ar líne freisin darb ainm "Space Shaper".

Chomh maith le sin, chuir Abbott Ireland tús le hurraíocht ar an rannán nua "Science at Home" ar an suíomh Gréasáin.




Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic 2010

Sa phictiúr ó chlé go deas tá daltaí rang a 4 Kelsey Muresan (11) agus Chloe Judge ag Scoil Náisiúnta Shráid Ghairdinéir, Baile Átha Cliath ag seoladh Dámhachtainí DSE um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic i mí Feabhra 2010.

**Dámhachtainí um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic**

D'éirigh le 498 bunscoil san iomlán Dámhachtain um Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic a fháil in 2010. Ní mór do scoileanna loga a sheoladh isteach ag léiriú go bhfuil sraith "céimeanna" eolaíochta agus matamaitice curtha i gcrích acu, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an gcuraclam um Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (OSCE), freastal ar ócáid eolaíochta cosúil le Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT agus ócáid eolaíochta a eagrú sa scoil. Cuireadh an cúigiú céim nua leis na ceithre chéim a bhí ann ar dtús chun an ghné spáis a thabhairt isteach sa chlár in 2010.

*Greenwave*

**Greenwave.ie**

Tá an tionscadal Greenwave dírithe ar leanaí bunscoile agus is é a bhíonn i gceist leis ná breathnóireacht agus taifeadadh a dhéanamh ar shé aitheantóir maidir le teacht an Earraigh go hÉireann. Déanann bunscoileanna ar fud na tíre a gcuid breathnóireachta a thaifeadadh agus a logáil ar líne. Bíonn rogha ag na scoileanna freisin an teocht a thaifeadadh agus na léamha a uaslódáil chuig an suíomh Gréasáin. Bíonn siad ag clúdach na gné "dear agus déan" den churaclam OSCE trí ainéimiméadar agus méadar báistí a dhéanamh agus na taifeadtaí seo a iontráil ar an suíomh Gréasáin.




*Greenwave*

Daltaí ó Scoil Aonghusa i dTamhlacht ag ceiliúradh a mbua sa chomórtas don ghrianghraf is fearr ar *Greenwave* 2010.

***Greenwave* ar fud na hEorpa:**

Ó dhéanach sa bhliain 2010 i leith, tá leathnú déantar ar an tionscadal *Greenwave* ar fud na hEorpa á bhuíochas do mhaoiniú ón Tionscadal Fibonacci, tionscadal Chreatchlár 7 an AE. Is ollturgnamh eolaíochta le haghaidh bunscoileanna roghnaithe timpeall na hEorpa atá sa tionscadal *Greenwave Europe*. Beidh deis ag daltaí agus ag múinteoirí clárú ar an suíomh Gréasáin www.greenwave-europe.eu rud a chuirfidh ar a gcumas taifead a dhéanamh ar speicis choitianta éagsúla ar fud na hEorpa a fheiceann siad agus grianghraif díobh a uaslódáil.

Beidh rogha ag na scoileanna freisin chun an teocht a thomhas ar bhonn laethúil chomh maith le méadar báistí agus ainéimiméadar a dhéanamh agus an fhaisnéis seo a uaslódáil ar an suíomh Gréasáin freisin. Déanfar na torthaí a mhapáil agus a anailísiú ansin le féachaint an dtagann an tEarrach aneas nó aniar, srl. chuig gach cearn den Eoraip.

Is bealach praiticiúil atá sa tionscadal *Greenwave* chun tacaíocht a thabhairt chun an tsraith “plandaí & ainmhithe” den churaclam a theagasc. Beidh deis ag daltaí na scileanna seo a leanas a fhorbairt: breathnú; aicmiú; patrúin a aithint; meastacháin agus tomhas a dhéanamh; taifeadadh; agus cumarsáid, agus dul chun cinn a dhéanamh maidir lena gcuid scileanna TFC freisin.

Tá 25 scoil ó 17 dtír éagsúla páirteach sa tionscadal *Greenwave Europe*. Beidh ar gach scoil ar a laghad dhá speiceas choitianta a iontráil a chuirfidh in iúl go bhfuil an tEarrach ag teacht chuig an tír faoi seach sin.

Is suíomh ilteangach atá sa suíomh Greenwave-europe.eu. Táthar ag súil leis go mbeidh roinnt tíortha agus teangacha eile san áireamh ann don Earrach 2012.

## Eolaíocht sa Mheánscoil

### *Discover Sensors*

Cuireann an tionscadal *Discover Sensors* múinteoireacht agus foghlaim bunaithe ar fhiosrúchán chun cinn ag an meánscoil agus tacaítear leis trí TFC a úsáid sa seomra ranga. Tá creat teagaisc agus foghlama bunaithe ar fhiosrúchán atá forbartha ag múinteoirí eolaíochta lena úsáid ag múinteoirí eolaíochta lárnach sa tionscadal.

Glacann *Discover Sensors* cur chuige measctha maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí agus tá rannán na múinteoirí ar an suíomh Gréasáin www.discoversensors.ie ina chuid lárnach den tionscadal. Tá acmhainní cosúil le ranganna teagaisc físe sa rannán seo do mhúinteoirí a dhéanann comhlánú ar sheisiúin duine le duine agus fóram do mhúinteoirí ina mbíonn múinteoirí eolaíochta ag comhoibriú agus ag comhroinnt smaointe mar chuid de phobal cleachtais.

Tugann an tionscadal taithí do dhaltaí ar "fhíor-eolaíocht" sa seomra ranga, ag tacú leis an gcur chuige imscrúdaitheach arna chur chun cinn i siollabas eolaíochta an Teastais Shóisearaigh.

Tá *Discover Sensors* tar éis dul i mbun oibre le níos mó ná 600 múinteoir eolaíochta an Teastais Shóisearaigh le cúig bliana anuas. Thug DSE clár trialach nua isteach in 2010 leis na múinteoirí eolaíochta ar fad i scoileanna Choistí Gairmoideachais Chill Dara agus Lú. Léirigh an modh soláthair seo chomh tábhachtach agus atá sé dul i mbun oibre leis na múinteoirí eolaíochta ar fad i scoil agus go bhfuil an tacaíocht ó bhainistíocht na scoile agus ó chomhghleacaithe ríthábhachtach má tá iarracht ar bun athruithe ar oideolaíocht an teagaisc a thabhairt isteach.

Tá fiosrúchán ar bun ag an tionscadal *Discover Sensors* maidir le modhanna difriúla chun measúnú a dhéanamh ar eolaíocht an Teastais Shóisearaigh le daltaí na chéad bhliana i gCoiste Gairmoideachais Chill Dara. Tá an clár trialach seo á dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus tá sé ag cur le próiseas comhairliúcháin um Nuálaíocht agus um Fhéiniúlacht na CNCM maidir le Teastas Sóisearach nua.

### SciFest

Is sraith d'aontaí eolaíochta lá amháin é SciFest a fhaigheann maoiniú ó Intel Éireann agus ó *Discover Science & Engineering* le chéile mar chomhpháirtithe tionscadail. Bíonn siad ar siúl na hInstitiúidí Teicneolaíochta ar fud na tíre. Bíonn comórtas agus taispeántas tionscadal, rogha cainteanna eolaíochta, taispeántaí eolaíochta i saotharlanna an choláiste agus searmanas bronnta duaiseanna i gceist ag gach aonach eolaíochta SciFest. Téann daltaí i ngach ionad san iomaíocht le haghaidh roinnt dámhachtainí lena n-áirítear: Dámhachtain Intel don Tionscadal Is Fearr, Dámhachtain Abbott don Dara Tionscadal Is Fearr, Dámhachtain BT do Té Is Fearr ó thaobh na Cumarsáide de, Dámhachtain *Discover Sensors* agus dámhachtain mhatamaitice. Tugann an tIonad Náisiúnta Barr Feabhais sa Mhúinteoireacht agus san Fhoghlaim Matamaitice agus Eolaíochta (NCEMSTL) tacaíocht don dámhachtain dheireanach sin a luadh.

Is comhpháirtíocht straitéiseach thábhachtach don DSE é SciFest mar gheall go bhfuil sé mar aidhm leis dúil san eolaíocht a spreagadh trí fhoghlaim ghníomhach, chomhoibríoch bunaithe ar fhiosrúchán agus fóram a chur ar fáil do dhaltaí ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach chun a gcuid imscrúduithe eolaíochta a chur i láthair agus a chur ar taispeáint. Cuireann an t-

eispéireas foghlama, in éineacht leis an deis chun a gcuid torthaí a chomhroinnt lena bpiaraí agus leis na moltóirí ag SciFest, leibhéal eile ar fáil do dhaltaí, seachas díreach a bheith ag cur fíricí de ghlanmheabhair.  Tá seans níos mó ansin go bhfágfaidh daltaí an scoil agus na scileanna acu chun fadhbanna sa saol mór a réiteach.

Tháinig borradh suntasach faoi líon na ndaoine a bhí ag glacadh páirte in SciFest sa bhliain 2010, mar seo a leanas:

| | SciFest 2009 | SciFest 2010 |
|---|---|---|
| Daltaí | 1980 | 2649 |
| Tionscadail | 835 | 1097 |
| Scoileanna | 162 | 196 |



SciFest

Daltaí meánscoile ag glacadh páirte i seoladh SciFest 2010.

### An Oifig Eorpach um Acmhainní Oideachais Spástaistil (ESERO) in Éirinn

Tá ESERO Éireann bunaithe in DSE agus cuireann sí gníomhaíochtaí agus ábhair oideachasúla ar fáil a chabhróidh chun suim daoine óga san eolaíocht a mhúscailt trí bhreathnóireacht ar spás agus spástaisteal a úsáid mar théama mealltach.  Léiríonn an ESERO nuabhunaithe an méadú ar rannpháirtíocht na hÉireann sa tionscal spástaistil.  Is í Éire an cúigiú tír san Eoraip a chuir ESERO ar bun.  Faigheann ESERO cómhaoiniú ó Oideachas Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus *Discover Science & Engineering*.

Cuireadh tús den scoth le ESERO Éireann go foriomlán in 2010 agus bunaíodh na príomhnaisc teagmhála le heagraíochtaí múinteoirí, lucht acadúil, an rialtas agus lucht tionscail.  Tugadh faoi athbhreithniú ar na riachtanais atá ag córas oideachais eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice na hÉireann agus cuireadh i gcrích é idir Nollaig 2009 agus Márta 2010.  Cuireadh an próiseas earcaíochta do bhainisteoir oifige ESERO Éireann i gcrích i rith na tréimhse seo freisin agus thángthas ar phlean forfheidhmithe le hOideachas ESA.  Cuireadh céim phleanála an tionscadail i gcrích leis seo.

Léiríodh téama an spáis thar gach ceann de na chláir bhuanaithe de chuid DSE in 2010 agus i mí Eanáir 2011 tugadh cuireadh do DSE cur le pleananna an ESA amach anseo chun líonra reatha an ESRO ina bhfuil cúig thír a leathnú chun 17 mballtír san iomlán a áireamh.

# Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Tá ról tábhachtach ag creidiúnú maidir le cinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus seirbhísí Éireannacha ar mhargaí an AE agus ar mhargaí domhanda araon. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar chreidiúnú le déanaí de réir mar a leanann rialaitheoirí náisiúnta ag brath ar mheasúnú comhréireachta mar mheicníocht chun tacú le forfheidhmiú reachtaíochta agus chun inniúlacht a dheimhniú. Is rannán de Forfás é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú atá ceaptha mar chomhlacht náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnúcháin.

Tá síniú curtha ag INAB leis na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip tríd an gComhar Eorpach um Chreidiúnú (EA) agus ar fud an domhain tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF). Cinntíonn an stádas sínitheora seo, arna choinneáil trí luachálacha rialta a chomhlíonadh, go mbíonn deimhnithe agus tuarascálacha arna n-eisiúint ag eagraíochtaí atá creidiúnaithe ag INAB aitheanta go hidirnáisiúnta agus go bhfuil a gcreidiúintí chomh hiontaofa céanna leo siúd atá eisithe ag comhlachtaí creidiúnúcháin eile atá ina sínitheoirí. Tá an glacadh agus an t-aitheantas frithpháirteach seo ríthábhachtach chun trádáil earraí agus seirbhísí a éascú.

## Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB)

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) comhlacht náisiúnta na hÉireann agus é ina chuid de líonra Eorpach comhlachtaí creidiúnúcháin. Tugann INAB creidiúint do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta (comhlachtaí deimhnithe, saotharlanna agus comhlachtaí cigireachta) maidir le cloí le caighdeáin chomhchuibhithe idirnáisiúnta. Geallann an creidiúnú a thugtar go léiríonn na comhlachtaí a fhaigheann é inniúlacht agus cumas feidhmíochta maidir le raon gníomhaíochtaí sainithe.

Toisc go bhfuil INAB ina bhall de chomhaontuithe idirnáisiúnta, cinntítear go nglactar ar fud an domhain le teastais dheimhnithe agus torthaí scrúduithe arna ndéanamh in Éirinn, rud a laghdaíonn na bacainní teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta. Is sínitheoir é an Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú do na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip tríd an gComhar Eorpach um Chreidiúnú (EA) agus ar fud an domhain tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF).

Tá gach Ballstát san Eoraip tar éis comhlacht creidiúnúcháin náisiúnta amháin a cheapadh faoi réir Rialachán 765/2008. I mí Eanáir 2010, cheap an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) agus d'fhógair don Choimisiún Eorpach gurb é sin comhlacht creidiúnúcháin náisiúnta na hÉireann.

## Rialachán 765/2008

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa tar éis Rialachán AE (765/08) a aontú a sholáthróidh creat dlíthiúil, den chéad uair, chun seirbhísí creidiúnúcháin a sholáthar ar fud na hEorpa. Tá na ceanglais maidir le creidiúnú agus monatóireacht ar an margadh i ndáil le margaíocht táirgí leagtha síos sa Rialachán seo. Tá feidhm ag an rialachán ó 1 Eanáir 2010 i leith agus baineann sé le creidiúnú saotharlann, comhlachtaí cigireachta agus comhlachtaí deimhniúcháin a chuireann seirbhísí creidiúnaithe um measúnú ar chomhréireacht ar fáil ar bhonn deonach nó mar thaca le reachtaíocht. Leagtar amach ann na hoibleagáidí le haghaidh Ballstát, Comhlachtaí Measúnaithe Comhréireachta, Comhlachtaí Creidiúnúcháin agus an Comhar Eorpach um Chreidiúnú (EA).

Cuireann an Rialachán dualgas ar bhallstáit creidiúnú a aithint mar an modh roghnaithe chun inniúlacht comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a léiriú. Cuirfidh an chreat dlíthiúil maidir le seirbhísí creidiúnúcháin a bunaíodh leis an Rialachán seo leis an muinín atá ag daoine i measúnú comhréireachta agus spreagfar aitheantas frithpháirteach ar theastas agus ar thorthaí measúnuithe comhréireachta.

Ceapadh INAB 2010 mar an t-aon chomhlacht creidiúnúcháin náisiúnta amháin d'Éirinn.

## Comhaontuithe Iltaobhacha

Choinnigh INAB a bhallraíocht de na comhaontuithe iltaobhacha don Eoraip tríd an gComhar Eorpach um Chreidiúnú (EA) agus ar fud an domhain tríd an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF).

Rinne an EA meastóireacht rathúil phiara INAB in 2010 le cinntiú go raibh sé ag gníomhú i gcomhréir le ISO 17011 agus le Rialachán 765/2008, agus mhol sé go gcoinneodh sé a stádas mar shínitheoir an chomhaontaithe iltaobhaigh.

## Feidhmeanna Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú

Tá cúig fheidhm ar leith ag INAB, agus comhlíontar gach ceann acu de réir caighdeán nó rialachán sonrach Eorpach agus idirnáisiúnta.

- Creidiúnú do Shaotharlanna
- Creidiúnú do Chomhlachtaí Deimhniúcháin
- Creidiúnú do Chomhlachtaí Cigireachta
- Dea-chleachtas Saotharlainne
- An Comhlacht Inniúil Náisiúnta le haghaidh Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) an AE

### Creidiúnú do Shaotharlanna

**Tástáil agus Calabrú do ISO/IEC 17025:2005**

Má bhronnann INAB creidiúnú den chaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 17025:2005 ar shaotharlann tugann sé aitheantas foirmiúil ar inniúlacht na saotharlainne sin chun tástálacha sainiúla a dhéanamh. Le linn 2010, rinne INAB 152 iniúchadh ar an láithreán ar shaotharlanna creidiúnaithe nó iarrthacha ar chreidiúnú mar chuid den Chlár um Chreidiúnú Saotharlann agus mar thoradh air sin coimeádadh 94 creidiúnú saotharlainne; bronnadh creidiúnú ar 19 saotharlann nua; agus bronnadh síntí scóipe thar raon disciplíní.

**Creidiúnú do Shaotharlanna Míochaine do ISO/IEC 15189:2007**

Choimeád INAB 51 creidiúnú saotharlann mhíochaine de réir an chaighdeáin idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2007 le linn 2010 agus rinne 75 iniúchadh ar an láithreán ar eagraíochtaí creidiúnaithe agus ar eagraíochtaí iarrthacha. Bronnadh creidiúnú ISO / IEC 15189:2007 ar sheacht saotharlann tástála míochaine in 2010 agus cuireadh líon mór síntí le raonta feidhme thar dhisciplíní éagsúla.

Lena chois sin INAB 25 iarratas eile ar chreidiúnú ón earnáil seo le linn 2010 freisin agus mar sin is é sin an réimse is mó fáis ó thaobh éilimh ar chreidiúnú de.

### Creidiúnú do Chomhlachtaí Deimhniúcháin

Bronnann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí deimhniúcháin a dhéanann táirgí a dheimhniú, córais bainistíochta a dheimhniú agus daoine a dheimhniú. Bronnann sé creidiúnú EMAS – Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht an AE ar chomhlachtaí deimhniúcháin maidir le deimhniú córais bhainistíochta comhshaoil (EMS).

Deimhníonn na comhlachtaí deimhniúcháin sin, ar a n-uain, eagraíochtaí eile de réir na gcaighdeán seo a leanas:

- an tsraith chaighdeán ISO 9000 (córais bhainistíochta cáilíochta);
- ISO 14001 (córais bhainistíochta comhshaoil);
- EN 16,001 (córais bhainistíochta fuinnimh);

- ISO 27001 (bainistiú slándála faisnéise);
- tugann siad deimhniúcháin do tháirgí agus do dhaoine; agus
- fíoraíonn siad astaíochtaí gáis cheaptha teasa faoi chreidiúnú INAB.

Rinne INAB 36 iniúchadh ar an láithreán ar chomhlachtaí deimhniúcháin creidiúnaithe nó iarrthacha le linn 2010.

**Scéim um Thrádáil Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa**

Bhunaigh INAB clár creidiúnaithe, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), agus chuir sé i bhfeidhm é in 2006 le tacú le forfheidhmiú scéim an AE um thrádáil astaíochtaí gáis cheaptha teasa atá leagtha amach sa Treoir Eorpach 2003/87/CE. Rinneadh leasú ar an Treoir um Thrádáil Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa (2003/101/CE) i Samhain 2008 chun gníomhaíochtaí eitlíochta a chuimsiú sa scéim um thrádáil ceadúnais astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh den AE. Tháinig an Treoir 'Eitlíochta' nua seo (2008/101/CE) i bhfeidhm i bhFeabhra 2009.

Is é an GCC an t-údarás inniúil ainmnithe chun an Treoir a chur i bhfeidhm in Éirinn. Leanann INAB de bheith mar an comhlacht creidiúnúcháin atá freagrach as fíoraitheoirí a chreidiúnú chun fíorú a dhéanamh ar na tuarascálacha astaíochtaí de réir na reachtaíochta ábhartha.

**Deimhniú Córais Bhainistíochta**

Choinnigh INAB a chreidiúnú maidir le trí chomhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe chun deimhniú cuideachtaí Éireannacha de réir an chaighdeáin bhainistithe fuinnimh seo a chumasú.

Sa bhreis ar sin, choinnigh INAB comhlacht deimhniúcháin amháin mar sholáthraí seirbhíse deimhniúcháin (SCP) don scéim creidiúnúcháin ríomhthráchtála mar thaca le Treoir an AE ar ríomhthráchtáil. Tugadh isteach reachtaíocht náisiúnta eile mar thaca leis an Treoir seo i 2010 (I.R. 233).

Choinnigh INAB ceithre chomhlacht deimhniúcháin eile in 2010 freisin chun córais bhainistíochta cáilíochta a dheimhniú, agus dhá chomhlacht deimhniúcháin chun córais bhainistíochta comhshaoil a dheimhniú. Meastar go ndéanfar iarratais ar dheimhniú maidir le córas bainistíochta sábháilteachta bia agus maidir le córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ceirde i 2011.

**Deimhniú Táirgí**

Leanann deimhniú táirgí bia de bheith ina réimse fáis shuntasaigh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis. Cuireann miondíoltóirí bia na Breataine dualgas ar tháirgeoirí bia Éireannacha ag soláthar táirgí do mhargadh na Ríochta Aontaithe a gcuid táirgí bia a bheith deimhnithe faoi réir shonraíocht an British Retail Consortium (BRC). Chomh maith leis sin cuireann miondíoltóirí bia dualgas ar tháirgeoirí bia Éireannacha ag soláthar táirgí do mhargaí idirnáisiúnta a gcuid táirgí bia a bheith deimhnithe le riachtanais EUREPGAP/GLOBALGAP a chomhlíonadh.

In 2010, choinnigh INAB an creidiúnú agus chuir sé leis i gcás dhá chomhlacht deimhniúcháin a chuireann scéimeanna deimhnithe cáilíochta bia ar fáil le haghaidh táirgí bia de réir riachtanas idirnáisiúnta, chomh maith le scéimeanna náisiúnta deimhnithe cáilíochta bia,

amhail scéimeanna Bhord Bia agus Bhord Iascaigh Mhara. Leanfaidh deimhniú táirgí bia ar aghaidh mar réimse fáis do INAB go ceann i bhfad.

Shainigh an Roinn Talmhaíochta agus Bia creidiúnú INAB maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta orgánaí in Éirinn a dheimhniú, de réir Threoir an AE ar an bhFeirmeoireacht Orgánach. Tá dhá comhlacht deimhniúcháin creidiúnaithe ag INAB i gcomhair na scéime seo ó 2010 i leith agus lena chois sin ghlac sé páirt ghníomhach in iniúchadh na scéime seo a rinne Cúirt Iniúchóirí na hEorpa in 2010.

### Creidiúnú do Chomhlachtaí Cigireachta

Bronnann INAB creidiúnú ar chomhlachtaí a gcuimsítear ina gcuid oibre iniúchadh ar ábhair, táirgí, suiteálacha, monarchana, próisis, nósanna imeachta oibre nó seirbhísí agus cinneadh cibé an bhfuil siad i gcomhréir leis na riachtanais agus tuairisciú ina dhiaidh sin ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin. Choinnigh an INAB na naoi gcreidiúnú do chomhlachtaí cigireachta sa chóras in 2010. Bronnadh síntí ar scóip comhlachtaí cigireachta creidiúnaithe i réimsí na n-iniúchtaí bia agus innealtóireachta.

Rinne INAB 16 iniúchadh ar an láithreán ar chomhlachtaí cigireachta creidiúnaithe nó iarrthacha le linn 2010.

### Dea-chleachtas Saotharlainne

Is é INAB an t-údarás monatóireachta náisiúnta chun iniúchadh agus fíorú a dhéanamh ar Dhea-chleachtas Saotharlainne (DCS) faoi I.R. Uimhir 4 de 1991) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (DCS)  Ag deireadh 2010 bhí Ráitis Chomhlíonta DCS faoin gclár seo ag ceithre shaoráid tástála. Rinneadh dhá iniúchadh ar an láithreán ar shaoráidí DCS comhlíontacha in 2010.

### Comhlacht Inniúil Náisiúnta le haghaidh EMAS

Tá INAB ina chomhlacht inniúil sainithe in Éirinn maidir le clárú láithreán a ghlacann páirt i Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS) an AE. Le linn 2010, choinnigh INAB seacht n-eagraíocht atá cláraithe le EMAS, a rinne fíoraitheoirí creidiúnaithe EMAS a gcuid córas bainistíochta comhshaoil a fhíorú de réir na Scéime um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## Feasacht ar Chreidiúnú

Sholáthair páirtithe leasmhara aiseolas agus spreagadh feasacht faoi chúrsaí creidiúnaithe le linn 2010. Táirgeadh agus dáileadh eagrán amháin de nuachtlitir INAB in 2010 agus reáchtáil INAB a fhóram leathbhliantúil i gcomhair measúnóirí.

# BAILL BHORD INAB 2010

| | |
|---|---|
|  | **Tom O'Neill, Cathaoirleach**<br>**Ceannaire Láithreáin, Pfizer, An tOileán Beag** |

| | |
|---|---|
| Michael Maloney | Leas-Chathaoirleach INAB; Stiúrthóir Gairneoireachta, An Bord Bia |
| An Dr Adrienne Duff | (de bhrí oifige) Bainisteoir INAB |
| Vagn Anderson[13] | Bainisteoir Gnóthaí Idirnáisiúnta, Comhlacht Creidiúnúcháin na Danmhairge (DANAK) |
| An Dr Nuala Bannon[14] | Cigire, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil |
| Tom Dempsey | Iar-Bhainisteoir INAB |
| Dermot Hayes | Ceimiceoir Stáit, an tSaotharlann Stáit |
| An Dr Andrew Hodgson | Haemaiteolaí Comhairleach, Ospidéal Ginearálta Shligigh |
| Martin O'Halloran | Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta |
| Pat O'Mahony | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Leigheasra na hÉireann |
| An tOllamh Alan Reilly | Príomhfheidhmeannach, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann |
| John Shine | An Stiúrthóir um Chleachtais Tomhaltóirí, An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |

13 Athcheapadh Vagn Anderson mar bhall de Bhord INAB in Iúil 2010.

14 Athcheapadh an Dr Nuala Bannon mar bhall de Bhord INAB in Iúil 2010.

# Rialachas Corparáideach

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 go dtí 2008 agus faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Tá Forfás tar éis nósanna imeachta a chur ar bun lena chinntiú go gcomhlíonfar na sainriachtanais seo a leanas:

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, soláthraíonn Baill Bhord Forfás agus Baill Bhord Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú ráiteas faoi leasanna gach bliain don Rúnaí agus cuirtear cóipeanna ar fáil do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Chomh maith leis sin, cloíonn baill foirne Forfás a bhfuil poist ainmnithe acu leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás clúdaithe faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Bunaíodh trí cheart reachtúla leis na hAchtanna seo:

- Ceart dlíthiúil do gach duine chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí;
- Ceart dlíthiúil do gach duine faisnéis atá ag comhlacht poiblí maidir leis/léi a bheith leasaithe má tá sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil chun cúiseanna le cinntí arna nglacadh ag comhlacht poiblí a théann i bhfeidhm air/uirthi a fháil.

## Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá Forfás tiomanta do bheartas de chomhdheiseanna agus glacann sé cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht.

Feidhmímid roinnt scéimeanna, a thugann roghanna don fhoireann maidir lena gcuid riachtanais gairme agus pearsanta a chomhlíonadh, ar nós poist a roinnt, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Cloíonn Forfás lena oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Chomhionannas 1998 agus 2004. Tá beartas ar Chosaint na Dínite san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh in iúl don fhoireann go léir é.

## An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir chomhairliúcháin Fho-Bhoird ar bun in Forfás chun tacú le cumarsáid agus le struchtúr comhairleach na heagraíochta.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007, tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag Forfás ina gcuimsítear na gnéithe a théann i bhfeidhm ar leas na foirne agus na gcuairteoirí. Déantar an doiciméad seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

### Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Tá cleachtais íocaíochta Forfás, mar a cheanglaítear leis an Acht, tuairiscithe thíos don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

1. Tá sé mar bheartas ag Forfás a chinntiú go ndéantar na sonraisc uile a íoc go pras. Tá nósanna imeachta sainiúla ar bun a chuireann ar a chumas na sonraisc uile a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an spriocdháta. Déantar sonraisc a chlárú gach lá agus déantar íocaíochtaí a eisiúint de réir mar is gá chun comhlíonadh tráthúil a chinntiú.
2. Cuimsítear sa chóras rialaithe inmheánaigh na rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Achta a chinntiú. Cuimsítear rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta atá deartha lena chinntiú go ndéanfar sonraisc agus conarthaí a aithint le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta ordaithe arna sainiú san Acht. Tá na rialuithe seo deartha chun dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Cuireann Roinn na gCuntas tuarascáil ar fáil ina n-aithnítear sonraisc gan íoc agus déantar athbhreithniú ar an tuarascáil seo go rialta.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chlóigh Forfás le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ón 1 Eanáir 2010.

## Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh an athbhreithnithe ar an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, rinne Forfás athbhreithniú ar a nósanna imeachta lena chinntiú go bhfuil sé ag cloí le forálacha an Chóid Athbhreithnithe.

### Nochtadh Leasanna Bhaill an Bhoird

De réir an Chóid Chleachtais Athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, ní mór do Bhaill Bhord Forfás, nuair a cheaptar don Bhord iad agus le linn a dtréimhse in oifig, sonraí a sholáthar faoi leasanna a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist leo nó a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an mball maidir lena c(h)uid feidhmeanna a chomhlíonadh mar bhall den Bhord.

**Tinreamh an Bhoird**

| Ball an Bhoird | | Tinreamh (Reáchtáladh 11 chruinniú in 2010) |
|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | | 11 |
| Jane Williams | (ar scor Meitheamh 2010) | 5 de 5 |
| Martin Shanahan | (ceaptha Meitheamh 2010) | 6 de 6 |
| Simon Barry | (ceaptha Márta 2010) | 8 de 9 |
| Bob Brannock | (ceaptha Márta 2010) | 5 de 9 |
| Tim Dullea | (ceaptha Márta 2010) | 7 de 8 |
| An tOllamh Frank Gannon | (ar scor Nollaig 2010) | 5 de 10 |
| Sean Gorman | | 7 |
| Miriam Magner Flynn | (ceaptha Márta 2010) | 8 de 9 |
| William O'Brien | (athcheaptha Márta 2010) | 5 de 8 |
| Barry O'Leary | | 6 |
| Paul O'Toole | | 10 |
| Frank Ryan | | 7 |
| An Dr Don Thornhill | | 11 |

## Cairt Chustaiméirí

Tá tiomantas Forfás do sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí leagtha amach sa Chairt Chustaiméirí. Tá an chairt seo le fáil ar www.forfás.ie. Cuimsítear nós imeachta chun plé le gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas gearán ar bith in 2010.

## Éifeachtacht Fuinnimh

De réir Ionstraim Reachtúil (IR) 542 tá oibleagáidí ar leith ar an earnáil phoiblí maidir le tuairisciú fuinnimh. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí dá fhoirgnimh, déanann Forfás a dhícheall na modhanna is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de agus na modhanna is fearr don chomhshaol a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le riachtanais rialála léiríonn Forfás Teastas Taispeána Fuinnimh ina limistéar fáiltithe.

**Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010**

Foirgneamh seacht stór os cionn an íoslaigh é Teach Pháirc Wilton (WPH) a tógadh sa bhliain 1984. Tá achar thart ar 17,298 $m^2$ ann. Socraíodh go mbeadh ardleibhéil inslithe san fhoirgneamh nuair a dearadh é agus bhí an plean cosúil le pleananna an lae inniu sa mhéid is gur leagadh béim ar chaomhnú fuinnimh nuair a bhí sé á dhéanamh. Tá Teach Pháirc Wilton inslithe go maith agus tá luachanna U aige atá ar aon dul leis na moltaí atá ann faoi láthair, nó fiú níos fearr ná iad. Is é an toradh atá aige sin agus ag leagan amach ár n-oifigí agus treo a bhfuil a n-aghaidh, mar aon leis an gcaoi nach bhfuil aon trealamh mór aerchóirithe ann agus go n-úsáidtear aerú nádúrtha, nach bhfuil fuinneamh á chur amú. Trí trí ghníomhaireacht Stáit atá suite san fhoirgneamh freagrach don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Forfás, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus GFT Éireann). Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ann freisin agus tá 14,827$m^2$ ag na heagraíochtaí sin (lena n-áirítear an t-íoslach). Tá dhá tionónta lonnaithe san fhoirgneamh freisin.

Rinne Forfás, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann 2,338 MWh fuinnimh a ídiú in 2010, lenar cuimsíodh:

- 1,604 MWh leictreachais
- 734 MWh breoslaí iontaise
- 0 MWh breoslaí in-athnuaite

Úsáideadh 1,766 MWh leictreachais in 2009 agus 1,009 MWh le haghaidh téimh.

| | Úsáid vatanna in aghaidh na huaire 2010 | Úsáid vatanna in aghaidh na huaire 2009 | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cineál Fuinnimh** | **kWh** | **kWh** | **Coigilt (kWh)** | **Coigilt (%)** |
| **Leictreachas** | 1,887,530 | 2,078,163 | 190,633 | 9% |
| **Breoslaí iontaise** | 863,162 | 1,187,323 | 324,161 | 27% |
| **Iomlán an Fhuinnimh a Ídíodh** | 2,750,692 | 3,265,486 | 514,794 | 16% |

### Bearta Déanta in 2010

Thug Forfás faoi raon tionscnamh in 2010 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear:

- Na coirí a thiontú ó úsáid ola go húsáid gáis
- Insliú breise a shuiteáil
- Córas soilsithe a chur isteach
- Feachtas fuinnimh a chur chun feidhme ar fud an fhoirgnimh
- D'fhreastail na Príomhbhaill Foirne ar Chúrsa Oiliúna faoi Léarscáileanna Fuinnimh.
- Bunaíodh foireann fuinnimh ar an láthair

- Rinneamar Athbhreithniú ar ár socruithe maidir le Córas Bainistíochta Gnó (BMS)
- Chuireamar comhlaí rialaithe nua teasa in áit na seancheann.
- Chuireamar níos mó pointí socruithe i seomra an fhreastalaí

Ba iad 275 MWh na coigiltis theirmeacha agus 162 MWh na coigiltis leictreacha. Tá Forfás ag coigilt 437 MWh san iomlán in aghaidh na bliana de thoradh na mbeart seo agus bearta coigilte fuinnimh eile.

### Gníomhartha Beartaithe do 2011

Tá sé ar intinn ag Forfás tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2011 trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Feachtas feasachta foirne a chur i bhfeidhm
- Comhdhlúthú agus fíorúlú freastalaithe Forfás
- Comhcheangail agus athchumrú a dhéanamh ar sheomra freastalaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás d'fhonn an riachtanas aerchóirithe a laghdú
- Leanúint ar aghaidh le cruinnithe rialta na foirne fuinnimh
- Páirt a ghlacadh i gclár Comhpháirtíochta Fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Tionscnaimh a aithint chun tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht ár n-úsáid fuinnimh (i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus na ngníomhaireachtaí eile i Teach Pháirc Wilton)

Is é aidhm Forfás 150 MWh leictreachais a choigilt in aghaidh na bliana i gcaitheamh an dá bhliain atá romhainn.

## Bainistíocht Maoine - Teach Carrisbrook agus Teach Knockmaun

Nuair a díscaoileadh an tÚdarás Forbartha Tionscail, agus nuair a bunaíodh Forfás ar an 1 Eanáir 1994, aistríodh an leas léasach sa dá fhoirgneamh a bhíodh mar cheanncheathrúna ag an ÚFT chuig Forfás .i. Teach Carrisbrook i nDroichead na Dothra agus Teach Knockmaun ar Shráid an Mhóta. Rachaidh an léas ar Theach Knockmaun in éag i mí Iúil 2014. Rachaidh an léas ar Theach Carrisbrook in éag in 2034.

Bhí na foirgnimh seo á bhfoligean den chuid is mó den tréimhse ó 1994, ach bhain dhá thionónta, ceann amháin acu i dTeach Knockmaun agus an ceann eile i dTeach Carrisbrook leas as clásal scoir in 2008 agus 2009 agus bhailigh siad leo. Tá nóta curtha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Iniúchóireachta maidir le Ráitis Airgeadais 2010 Forfás, ag trácht ar “Chaiteachas Neamhéifeachtach” a tabhaíodh “ar chíos agus ar chostais ghaolmhara a bhaineann le spás oifige saor” sna foirgnimh sin. Is iad na rátaí áitíochta reatha ná thart ar 88% i gcás Theach Knockmaun agus thart ar 15% i gcás Theach Carrisbrook.

Tá gach iarracht déanta chun tionóntaí nua a fháil nó deireadh a chur leis an leas léasach. D’oibrigh Forfás i gcomhar le gníomhairí eastáit gairmiúla agus tugadh faoi roinnt tionscnamh margaíochta atá ar siúl fós. Tá Forfás ag obair i gcónaí le GFT Éireann ag iarraidh an réadmhaoin a mhargú. Tá sé curtha in iúil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ag Forfás don Roinn Airgeadais agus d’Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil spás folamh ar fáil sa

dá fhoirgneamh seo agus gur féidir iad a chur san áireamh má dhéanann aon dream san Earnáil Phoiblí iarratas chun Oifig na nOibreacha Poiblí chun spás breise a fháil. Leanann Forfás air ag cur ar a súile d'Oifig na nOibreacha Poiblí go bhfuil spás ar fáil. Tá Forfás tar éis scríobh chuig institiúidí tríú leibhéal i mBaile Átha Cliath ag insint dóibh go bhfuil an spás seo ar fáil. Bíodh is gur bualadh le roinnt tionóntaí féideartha níor ghlac aon cheann acu spás ar cíos go fóill, agus dálaí sa mhargadh mar atá.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Táim tar éis iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Forfás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993.

Cuimsítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Ba iad an Dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn an creat cuntasaíochta airgeadais a úsáideadh agus iad á n-ullmhú.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí Forfás agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá mé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Tá m'iniúchadh déanta agam trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin.

Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

## Scóip an Iniúchta a rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear air seo measúnú a dhéanamh ar:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Forfás, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léigh mé an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Breathnaím ar impleachtaí mo thuarascála má thagann sé chun m'fheasa go bhfuil aon mhíráitis dhealraitheacha nó neamhréireachtaí ábhartha ann.

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí Forfás amhail ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é an tuairim atá agam ná gur choinnigh Forfás leabhair chuntais chuí. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

## Ábhair a dtugaim tuairisc fúthu mar eisceacht.

Tugaim tuairisc mar eisceacht más rud é

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- má thug mé aon chás ábhartha ar bith faoi ndearna le linn m'iniúchta inar úsáideadh airgead do chuspóir eile seachas don cheann a bhí beartaithe dó, nó mura ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil Forfás don bhliain dár ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilleadh Forfás don Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Dírím aird ar Nóta 12 leis na ráitis airgeadais a nochtann caiteachas neamhéifeachtach €1.36 milliún a thabhaigh Forfás in 2010 ar chíos agus ar chostais ghaolmhara a bhaineann le spás oifige saor.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na nithe eile a dhéantar a thuairisciú mar eisceachtaí.

John Buckley

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Márta 2011

# Ráitis Airgeadais

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Bhaill an Bhoird

## Do Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2010

Ceanglaítear le Mír 7(2) den chéad Sceideal leis an Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993 ar Forfás gach cuntas cuí agus gnách ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais.

Tá sé de cheanglas ar Forfás le linn dó na ráitis airgeadais sin a ullmhú:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh Forfás ar aghaidh ag feidhmiú;
- aon imeacht ábhartha ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtfaidh le cruinneas réasúnta, am ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Mír 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Tá na leabhair chuntais sin le fáil ag ceanncheathrú na Gníomhaireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus ar an ábhar sin ní mór dó bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ar son an Bhoird:



Eoin O'Driscoll

Cathaoirleach



Martin Shanahan

Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímse, thar ceann Bhord Forfás, go bhfuil freagracht orainn as a chinntiú go ndéantar Córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a chothabháil agus a oibriú sa Ghníomhaireacht.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aithneofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun a sócmhainní a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas mar seo a leanas:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá mar bhaol don chomhlacht a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- Oibriú i gcomhar leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht á tabhairt do straitéisí Forfás chun na spriocanna sin a ghnóthú.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta.  Áirítear go háirithe air:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus comhaontú faoi;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais os coinne réamh-mheastachán;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- Smachta foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh foinsithe allamuigh ag Forfás, a oibríonn de réir na Creatlaí um Chód an tSárchleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchóireachta. Cuireann an anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta dó bonn eolais ar fáil d’obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Tagann an Coiste Iniúchóireachta le chéile gach ráithe chun athbhreithniú a dhéanamh leis an Iniúchóir Inmheánach ar thoradh a n-iniúchtaí agus chun leordhóthanacht agus éifeachtacht leanúnach an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a dheimhniú. Choinnigh an Bord saineolaí seachtrach chun chomhairle a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta faoi chúrsaí teicniúla airgeadais.

Tacaítear le monatóireacht agus le hathbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais trí obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus ar an rialú atá i bhfeidhm ag bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Forfás. Is iad na bainisteoirí sin atá freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais agus as tagairtí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

Dearbhaímse go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010.

Sínithe ar son an Bhoird



Eoin O’Driscoll

Cathaoirleach

# Beartais Chuntasaíochta

## Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1995, 1998, 2003 agus 2009

Bunaíodh Forfás, an bord um chomhordú agus um chomhairle ar bheartais maidir le forbairt thionsclaíoch agus eolaíocht & teicneolaíocht in Éirinn, an 1 Eanáir, 1994, faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionscail 1993, arna leasú ag reachtaíocht ina dhiaidh sin. Is é an comhlacht trína ndéantar cumhachtaí a shannadh d'Fhiontraíocht Éireann, chun tionscal dúchasach a chur chun cinn, agus do GFT Éireann, chun infheistíocht isteach a chur chun cinn.

Chomh maith lena phríomhfheidhm maidir le comhairle agus comhordú, tá an fhreagracht ar Forfás freisin as costais pinsean na foirne atá ar scor ó Forfás, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus roinnt iarghníomhaireachtaí, faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1993, 1998 agus 2003, mar atá leagtha amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais seo.

### 1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm a d'fhaomh an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorbairt Tionscail 1993. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin má luaitear a mhalairt thíos agus tá siad de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, arna moladh ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### 2. Ioncam a Aithint

Léiríonn an t-ioncam ón Deontas Oireachtais an fáltas airgid iarbhír sa bhliain.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Cuimsítear sna Sócmhainní Seasta sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht Forfás agus luaitear iad mar chostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáideach measta mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta: 3 Bliana
- Mótarfheithiclí: 4 Bliana
- Daingneáin agus Feistis: 5 Bliana

Gearrtar dímheas i mbliain a gceannaithe agus ní ghearrtar é i mbliain a ndiúscartha. Déantar Daingneáin, Feistis agus Trealamh Ríomhaire faoi bhun na tairsí caipitlithe de €1,000 a chaitheamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina gceannaítear iad.

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a fháil.

## 5. Airgeadraí Eachtracha

Déantar fiachais agus sócmhainní airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Déantar ioncaim agus costais a aistriú de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunúsach.

## 6. Féichiúnaithe

Déantar drochfhiacha aitheanta a dhíscríobh de réir mar a thagann siad chun cinn agus déantar foráil faoi leith sna cásanna ina meastar nach dócha go ndéanfaí iad a aisghabháil.

## 7. Costais Phinsin

Feidhmíonn Forfás sé scéim pinsean le sochar sainithe neamhchistithe, a chistítear gach bliain ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe a asbhaintear ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin arna thuilleadh ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne a choinnítear a áireamh. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam chomh fada is atá sé in-aisghabhála, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas um Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fiontraíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean sa todhchaí arna dtuilleamh ag baill foirne go dtí seo. Léiríonn cistiú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fiontraíochta.

Déantar dliteanais scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta.

## 8. Léasanna Oibriúcháin

